ROS COM MON


Comhairle Contae
Ros Comáin
Roscommon
County Council

CONSTANS HIBERNIAE COR

# 2022

# Tuarascáil Bhliantúil





2022

## Ár bhFís

***Ag obair leat, ag obair ar do shon.***

## Ár Misean

***A áirithiú, trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal, go mbeidh Ros Comáin ina háit tharraingteach, uilechuimsitheach, rathúil agus bheoga chun cónaí ann, infheistíocht a dhéanamh ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air.***

Thuas: Carraig Locha Cé, Loch Cé

Clúdach Tosaigh: Caisleán Ros Comáin

# Clár na nÁbhar


**Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach** 2

**Comhaltaí Tofa** 4

**Coistí Beartas Straitéiseach (CBSanna)** 5

**Stiúrthóireacht um Thithíocht, Pobal agus an Tionscadal um Fhreagairt Dhaonnúil don Úcráin** 7

- Tithíocht 8
- Pobal 13
- An Tionscadal um Fhreagairt Dhaonnúil don Úcráin 16

**Roads & Transportation, Active Travel and Planning Directorate** 17

- Roads and Transportation (including Active Travel) 18
- Planning 27

**An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Éigeandála, Rialú Foirgníochta, na hEalaíona, an tSeirbhís Leabharlainne, Oidhreacht, Turasóireacht, Tionscadail Athnuachana & Tionscadail Speisialta agus Oifigí Fiontair Áitiúil** 29

- Seirbhísí Éigeandála 27
- Rialú Foirgníochta 30
- Na hEalaíona 31
- An tSeirbhís Leabharlainne 34
- Oidhreacht 35
- Turasóireacht 37
- Tionscadail Athnuachana & Tionscadail Speisialta 38
- Oifig Fiontar Áitiúil 46

**An Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce, Comhshaol & Athrú Aeráide, Rialachas & Gnóthaí Corparáideacha, Bainistíocht Sócmhainní & Fuinnimh, Acmhainní Daonna agus Sláinte & Sábháilteacht** 47

- Seirbhísí Uisce 42
- An Comhshaol agus an tAthrú Aeráide 48
- Rialachas agus Gnóthaí Corparáideacha 52
- Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh 56
- Acmhainní Daonna 58
- Sláinte agus Sábháilteacht 59

**An Stiúrthóireacht um Airgeadas agus Córas Faisnéise & Aistriú Digiteach** 65

- Cúrsaí Airgeadais 60
- Córais Faisnéise agus an tAistriú Digiteach 60

**Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil** 63

**Tuarascáil maidir leis an bPlean Corparáideach** 75

**Aguisíní**

- Aguisín 1: Táscairí Seirbhísí 2022 77
- Aguisín 2: Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhairleoirí 2022 83
- Aguisín 3: Coistí na gComhairleoirí 2022 84
- Aguisín 4: Struchtúr na Bainistíochta 2022 86

# Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach

**Is geal linn foilsiú na Tuarascála Bliantúla seo mar go tugtar deis don Chomhairle léi chun an méid mór a bhain sí amach le linn 2022 a thabhairt chun suntais. Le haghaidh an 2 bhliain roimhe sin, foilsíodh na Tuarascálacha Bliantúla i bhfianaise ghéarchéim sláinte gan fasach COVID-19 agus na n-iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha uafásacha a bhaineann léi. Ar an dea-uair, mar gheall ar chur i bhfeidhm stairiúil an chláir vacsaínithe ar éirigh thar barr leis, tá Tuarascáil Bhliantúil 2022 á cur i láthair ó dhearcadh iar-phaindéime atá níos dearfaí.**


Gan amhras, bhí tionchar an-díobhálach ag COVID-19 ar an turasóireacht agus ar an bhfáilteachas. Aithníonn Comhairle Contae Ros Comáin cé chomh tábhachtach agus atá na gníomhaíochtaí turasóireachta, oidhreachta, ealaíon agus athnuachana dá cuid maidir le téarnamh inbhuanaithe a chur chun cinn sna hearnálacha sin. Reáchtáladh imeacht líonraithe *Togha agus Rogha Ros Comáin* mar sin mí Aibreáin 2022 chun gach a bhfuil sa chontae don thurasóirí ionchasacha a chur ar taispeáint. Leanadh le hoibreacha, le cúnamh ó mhaoiniú *Destination Town* i Mainistir na Búille, le tírdhreachú sna Gairdíní Pléisiúir agus suiteáil Slí Dhealbhóireachta. Lean an Oifig Oidhreachta, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae Ros Comáin, le cur chun feidhme *Phlean Oidhreachta Chontae Ros Comáin*. Lean an Oifig Ealaíon le tacaíocht a thabhairt do na healaíona trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt agus trí oibriú go comhoibritheach le líon mór ealaíontóirí, gníomhaireachtaí agus pobal in go leor réimsí amhail ceol, scannánaíocht, amharcealaíona, litríocht, amharclannaíocht agus damhsa. Sholáthair Ionad Ealaíon Ros Comáin clár ilghnéitheach do lucht féachana/éisteachta de os coinn 100,000 duine. Cuireadh oibreacha ríochta poiblí i gcrích ar bhonn suntasach faoin *gCiste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach* ag Cearnóg an Mhargaidh, Ros Comáin. Tá roinnt tionscadal faoi lánseol ar fud an chontae faoin *gCiste um Athnuachan agus Forbairt Tuaithe*. Áirítear leo sin athfhorbairt ar shuíomh an Royal Hotel i Mainistir na Búille chun lárionad fiontair agus spás pobail a dhéanamh de, *Eolaíochtaí Fhearann na Manach agus Spás Bogthuirlingthe* a thógáil agus *Tionscadal Athnuachana Bhéal na mBuillí* a chur chun feidhme. Cuireadh oibreacha tírdhreachaithe, ríochta poiblí agus comharthaíochta i gcrích in 2022 ag roinnt suíomhanna faoin *Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte*. Cuireadh oibreacha taitneamhachta i gcrích i roinnt limistéar faoin *Scéim um Bonneagar Fóillíochta Lasmuigh*. Táimid ag súil mór leo sin agus le go leor idirghabhálacha eile den chineál céanna lena spreagfar téarnamh láidir iar-phaindéime d'earnálacha turasóireachta agus fáilteachais ár gcontae.

Ní raibh an gá le hinfheistíocht straitéiseach i mbonneagar chun tacú le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch chomh tábhachtach riamh ná mar bhí sé i ndiaidh phaindéim COVID-19. Aithníonn Comhairle Contae Ros Comáin go bhfuil a clár forbartha bonneagair ríthábhachtach le haghaidh todhchaí a bheidh níos inbhuanaithe agus níos athléimní. Mar sin leanadh go gasta leis an obair le linn 2022 maidir le tionscadail mhóra bóithre, uisce, fuíolluisce agus tithíochta a chur chun cinn agus a thabhairt chun críche. Tosaíodh arís ar sholáthar maidir le príomhthógáil *Thionscadal Bhóthar Bhealach an Doirín go Bóthar Scramóige*. Ag deireadh an mheasúnaithe ar na malairtí agus roghanna éagsúla do *N4 Thionscadal Chora Droma Rúisc go Dromad* taispeánadh an rogha conaire iompair go poiblí. Cuireadh oibreacha ar níos mó ná 420 tionscadal Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i gcrích agus cuireadh roinnt tionscnamh Glasbhealaigh chun cinn freisin. Leanadh le hoibreacha ar Thionscadal Príomh-Dhraenála Bhaile Ros Comáin agus tá dearadh mionsonraithe molta *d'Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín* ag leanúint ar aghaidh faoi láthair. Chuir an Chomhairle 9 n-aonad tithíochta sóisialta ar fáil faoin *gClár um Éadáil agus Tógáil* dá cuid. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le rolladh amach seirbhísí leathanbhanda ardluais ar fud an chontae faoin *bPlean Náisiúnta Leathanbhanda*. Níl amhras ar bith orainn ná go bhfeidhmeoidh tionscadail mar sin mar chatalaíoch chun tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta cuimsitheacha agus marthanacha a chruthú do gach ball dár bpobal.

Ceann de bhuaicphointí Chomhairle Contae Ros Comáin in 2022, maidir le todhchaí níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos cuimsithí a thógáil, ba ea gur ghlac na Comhaltaí Tofa le *Plean Forbartha Chontae Ros Comáin 2022-2028*. Leis an bplean sin múnlófar forbairt ár gcontae ar feadh tréimhse 6 bliana trí shraith cuspóirí beartais, tograí bonneagair agus treoir bainistíochta forbartha. Díríodh aird ó shin ar dhréachtú *Pleananna Ceantair Áitiúil* do bhaile Ros Comáin agus do bhaile Mhainistir na Búille. Sonrófar iontu sin beartais níos sainiúla do cheantair ina bhfuiltear ag súil le forbairt shuntasach. Táimid ag dúil le ról lárnach a bheith ag *Plean Forbartha Contae Ros Comáin 2022-2028* agus a chuid *Pleananna Ceantair Áitiúil* cleamhnaithe maidir le pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe ár gcontae a chinntiú agus maidir le fás fiúntach a chothú i bpobail áitiúla do na blianta amach romhainn.

Bhí an Oifig Fiontair Áitiúil an-ghnóthach freisin in 2022 agus gnólachtaí ag féachaint le teacht slán ó COVID-19. Áiríodh lena thacaíocht don fhiontraíocht áitiúil *Deontais Tionscnaimh* chun gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh, *Deontais um Leathnú Gnó* chun cuidiú le gnólachtaí atá ag fás agus *Deontais Féidearthachta* chun cuidiú le gnólachtaí inmharthanacht táirgí nó próiseas nua a thástáil. Chuidigh tacaíochtaí *Tús Digiteach*, a dhírigh ar shainchomhairle a sholáthar, le go leor gnólachtaí athrú ó bhonn trí phleananna digiteacha straitéiseacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Leis na cláir *Green for Micro* agus *Lower Cost Lower Carbon* spreagadh líon mór gnólachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann mar gheall ar an athrú aeráide. A bhuí le hardchaighdeán agus éagsúlacht






na dtacaíochtaí a thairgeann an Oifig Fiontair Áitiúil dá bhonn cliant atá ag méadú i gcónaí, táimid an-mhuiníneach, ag breathnú ar aghaidh, go mbeidh an-rath air i gcónaí maidir le Contae Ros Comáin a chur chun cinn mar shuíomh gnó agus infheistíochta isteach.

Ceacht amháin atá foghlamtha againn go léir ó COVID-19 ná chomh leochaileach agus chomh neamhchosanta agus atá ár ndomhan i leith teagmhais thubaisteacha. Ar an drochuair, eachtra amháin dá leithéid a tharla in 2022 is ea briseadh amach an chogaidh san Úcráin lenar cuireadh iallach ar na milliúin teitheadh óna dtithe. Mar thoradh air sin, bhunaigh an Chomhairle Fóram Freagartha Pobail Ros Comáin go gasta chun tacaíochtaí a sholáthar do dhídeanaithe ón Úcráin. D'oibrigh gníomhaireachtaí comhpháirtíochta an fhóraim gan stad gan staonadh i rith na bliana chun dídeanaithe a threorú chuig na seirbhísí agus na tacaíochtaí ábhartha sna réimsí leasa, cúraim leanaí, sláinte, oideachais, fostaíochta agus riachtanas sóisialta agus comhtháthaithe. Le tacaíocht ó roinnt gníomhaireachtaí reachtúla agus deonacha agus an phobail áitiúil, bhunaigh an Chomhairle ionad i nDún Iomáin chomh maith chun cóiríocht a chur ar fáil dóibh siúd a bhí ag teitheadh ón Úcráin. Ina theannta sin, bhunaigh an Chomhairle Aonad Freagartha tiomnaithe don Úcráin ina Roinn Pobail. Ag deireadh 2022, bhí thart ar 550 dídeanaí ón Úcráin lonnaithe i gContae Ros Comáin agus ag baint leas as cúnamh ann. Táimid bródúil as freagairt na Comhairle agus a comhpháirtithe ar an ngéarchéim dhaonnúil seo agus as freagairt mhuintir Ros Comáin maidir le fáilte a chur roimh na ndaoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh cruálach sin agus tacú leo.

Is ón mbagairt atá roimh an gcine daonna mar gheall ar an athrú aeráide sa lá atá inniu ann is mó a fheicimid ár leochaileacht mhéadaithe i leith tubaiste. Dá bhrí sin, tá dul i ngleic leis an athrú aeráide chun tosaigh go mór i dtosaíochtaí na Comhairle. Cuirimid fáilte roimh *Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023* a d'fhoilsigh an Rialtas láir i mí na Nollag 2022, ina leagtar amach treochlár chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoina leath faoi 2030 agus lena dtreoraítear aistriú ár dtíre chuig geilleagar agus sochaí a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de tráth nach déanaí ná 2050. Táimid an-sásta freisin gur cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide acmhainní suntasacha le haghaidh *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide* do Ros Comáin a ullmhú, a ghlacadh agus a chur chun feidhme. Leis an bplean sin neartófar cumas na Comhairle freagairt go réamhghníomhach do na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide agus cuideoidh sé léi a páirt a ghlacadh chun sláinte ár bpláinéid a chosaint agus folláine an chine dhaonna amach anseo a chaomhnú.


Léargas luachmhar eile a fuaireamar go léir ón phaindéim COVID-19 ba ea acmhainn iontach na teicneolaíochta digití. A bhuí léi, coinníodh daoine ceangailte i gcónaí agus éascaíodh eagraíochtaí chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú le linn tréimhsí deacra. Mar gheall ar an ngá méadaithe le lúfaireacht, solúbthacht agus oiriúnú i dtírdhreach an domhain i ndiaidh COVID-19 atá ag athrú de shíor, áfach, tá an t-aistriú digiteach fíor-riachtanach anois. Chuir an Chomhairle dlús lena *Clár um Aistriú Digiteach* dá bhrí sin. Tá os cionn 80 seirbhís ar fáil ar líne anois do chustaiméirí na Comhairle. Is féidir le custaiméirí leas a bhaint as na seirbhísí sin ó aon ghléas, áit ar bith agus am ar bith trí thairseach dhigiteach na Comhairle *Mo Chuid Seirbhísí Ar Líne*. Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí os cionn 4,000 duine cláraithe mar chustaiméirí féinfhreastail ar an ardán digiteach sin. Féadfaimid a bheith cinnte go gcuirfidh tuilleadh tionscnamh faoi *Chlár um Aistriú Digiteach* na Comhairle le táirgiúlacht, lúfaireacht agus cumas nuálaíochta foriomlán na heagraíochta agus seirbhís agus eispéireas feabhsaithe á soláthar dá custaiméirí.

Mar fhocal scoir, aithnímid go bhfuil an saol ar ais mar a bhí in 2022 agus go bhfuil dóchas againn anois agus muid fós ag déanamh teacht aniar ó shuaiteacht COVID-19. Tá dúshláin nua tagtha chun cinn agus leanfaidh siad ag teacht chun cinn. Is cúis mhór sásaimh é go bhfuil an Chomhairle ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin sin fós. Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí leis na Comhaltaí Tofa, leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach; le cathaoirligh agus le comhaltaí de na Coistí Beartas Straitéiseach agus Coistí Ceantar Bardasach; leis an bhFoireann Bainistíochta agus le baill foirne Chomhairle Contae Ros Comáin as a gceannaireacht, gairmiúlacht, fiontraíocht agus as a gcuid iarrachtaí iontacha le linn 2022. Gabhaimid ár mbuíochas ó chroí freisin leis na gníomhaireachtaí reachtúla agus neamh-reachtúla iomadúla agus leis na heagraíochtaí deonacha agus pobail lena ndearna an Chomhairle idirghníomhú as a rannchuidiú luachmhar agus as a gcomhoibriú ollmhór le linn na bliana. Táimid ag tnúth lenár rath amach anseo agus go leanfaidh an Chomhairle lena misean a chur i gcrích, is é sin ***'a áirithiú, trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal, go mbeidh Contae Ros Comáin ina áit tharraingteach, uilechuimsitheach, rathúil agus beoga chun cónaí ann, infheistíocht a dhéanamh ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air'.***



**An Comhairleoir Tom Crosby**

Cathaoirleach
Chomhairle Contae Ros Comáin



**An tUasal Shane Tiernan**

Príomhfheidhmeannach
Chomhairle Contae Ros Comáin

# Comhaltaí Tofa

## Ceantar Bardasach Mhainistir na Búille


An Comhairleoir
Valerie Byrne
*Neamhpháirtí*



An Comhairleoir
John Cummins
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Tom Crosby
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Liam Callaghan
*Fine Gael*


An Comhairleoir
Michael Mulligan
*Sinn Féin*


An Comhairleoir
Joe Murphy
*Fianna Fáil*




## Ceantar Bardasach Ros Comáin


An Comhairleoir
Marty McDermott
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Anthony Waldron
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Nigel Dineen
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Paschal Fitzmaurice
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Orla Leyden
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Kathleen Shanagher
*Neamhpháirtí*

## Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain


An Comhairleoir
Emer Kelly
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
Laurence Fallon
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
John Keogh
*Fianna Fáil*


An Comhairleoir
Donal Kilduff
*Neamhpháirtí*


An Comhairleoir
John Naughten
*Fine Gael*


An Comhairleoir
Tony Ward
*Neamhpháirtí*

# Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna)

## CBS maidir le Tacaíocht Forbartha Eacnamaíche agus Fiontraíochta (lena n-áirítear Turasóireacht, Cultúr agus Leabharlanna)

### Comhairleoirí

- An Comhairleoir John Keogh, Cathaoirleach
- An Comhairleoir Orla Leyden
- An Comhairleoir Nigel Dineen
- An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- An Comhairleoir Tom Crosby
- An Comhairleoir Valerie Byrne
- An Comhairleoir Joe Murphy
- An Comhairleoir An Comhairleoir Emer Kelly
- An Comhairleoir Liam Callaghan

### Ainmniúcháin Earnála

- An tUasal John Mee, Gnó/Tráchtáil
- An tUasal Liam Murray, Forbairt/Tógáil
- An tUasal Susan Gaynor, Pobal/Deonach – Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- An tUasal Alan Moran, PPN

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 3 Márta, an 9 Meitheamh, an 8 Meán Fómhair agus an 7 Nollaig 2022.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- Nuashonruithe Oifig na Turasóireachta;
- Clár na hOifige Fiontar Áitiúil;
- Nuashonruithe na Seirbhíse Leabharlainne
- Nuashonruithe ón bhFoireann Athnuachana lena n-áirítear an Chéad Chlár Lár an Bhaile, Maoiniú Bailte agus Sráidbhailte, Ár dTodhchaí Tuaithe;
- Sceideal Gníomhaíochtaí Ionad na nEalaíon;
- Clár Ionad na nEalaíon'
- Nuashonruithe ón Oifig Oidhreachta;
- Plean Fiontar Réigiún an Iarthair;
- Straitéis Eacnamaíoch d'Ionad Réigiúnach Bhaile Átha Luain;
- Straitéis Éire Ildánach 2022-2027;
- LECP (An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail) 2023-2029.

## CBS um Thithíocht, TFC agus Uisce Tuaithe

### Comhairleoirí

- An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice, Cathaoirleach
- An Comhairleoir John Cummins
- An Comhairleoir Liam Callaghan
- An Comhairleoir John Keogh
- An Comhairleoir Joe Murphy
- An Comhairleoir Tony Ward
- An Comhairleoir Marty McDermott
- An Comhairleoir John Naughten
- An Comhairleoir Anthony Waldron

### Ainmniúcháin Earnála

- An tUasal Bernard Kearney, Pobal/Deonach
- An tUasal Monica Mahon, Ceardchumann
- An tUasal Sean Flanagan, Forbairt/ Tógáil
- An tUasal Jim O'Connor, Talmhaíocht/ Feirmeoireacht
- An tUasal Margaret Mulligan, Cuimsiú Sóisialta

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 10 Feabhra, an 26 Bealtaine, an 22 Meán Fómhair agus an 8 Nollaig 2022.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh

- Tithíocht do Gach Rogha do Sheanóirí;
- Iasacht le haghaidh Tithíocht Údaráis Áitiúil;
- An Plean Gníomhaíochta Tithíochta;
- Leasuithe ar Ceannach ag Tionóntaí;
- Athbhreithniú Cíosa;
- Clár Fuinnimh;
- Réamh-mhaoiniú - MAWRP 2022-2025 - Bailiú Fuíolluisce agus Riachtanais Chóireála do Shráidbhailte agus do Lonnaíochtaí nach bhfuil rochtain acu ar Sheirbhísí Fuíolluisce Poiblí;
- Tuarascálacha Ráithe 1, 2 agus 3 ar an bPlean Straitéiseach do Dhaoine faoi Mhíchumas;
- Láithreáin Thréigthe:
- Déanmhais/Áiteanna Contúirteacha;
- Ciste Croí Cónaithe (Bailte);
- Safe Home Ireland;
- Liosta agus Píblíne Tithíochta Sóisialta.

## CBS um Pleanáil, Comhshaol, Athrú Aeráide agus Rialachas Corparáideach

### Comhairleoirí

- An Comhairleoir John Naughten, Cathaoirleach
- An Comhairleoir Laurence Fallon
- An Comhairleoir Tom Crosby
- An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice
- An Comhairleoir Orla Leyden
- An Comhairleoir Kathleen Shanagher
- An Comhairleoir Anthony Waldron
- An Comhairleoir Michael Mulligan
- An Comhairleoir Donal Kilduff

### Ainmniúcháin Earnála

- An tUasal Ned O'Connor, Talmhaíocht/ Feirmeoireacht
- An tUasal Gareth Scahill, Pobal/Deonach
- Hannah Mole, Uasal, Comhshaol*
- An tUasal Ciaran King, Forbairt/Tógáil
- An tUasal Seán Mahon, Gnó/Tráchtáil
- An tUasal Fiona Fallon, Ceardchumann**

* D'éirigh sí as an 5 Iúil 2022
**D'éirigh sí as an 19 Aibreán 2022

Tionóladh 5 chruinniú den CPS sin an 27 Eanáir, 21 Aibreán, 7 Iúil, 22 Meán Fómhair agus 9 Samhain 2022.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- Athbhreithniú ar Fhodhlíthe maidir le Corrthrádáil;
- Tionscadal Físe um Ghníomhú ar son na hAeráide a Chur Chun Cinn;
- An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide;
- Scéim Gaeilge:
- Plean Forbartha Contae;
- Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach;
- Athchóiriú ar Chlár na dToghthóirí.

## CBS um Iompar de Bhóithre agus Seirbhísí Éigeandála

### Comhairleoirí

- An Comhairleoir Tony Ward, Cathaoirleach
- An Comhairleoir Nigel Dineen
- An Comhairleoir Valerie Byrne
- An Comhairleoir An Comhairleoir Emer Kelly
- An Comhairleoir John Cummins
- An Comhairleoir Laurence Fallon
- An Comhairleoir Donal Kilduff
- An Comhairleoir Michael Mulligan
- An Comhairleoir Marty McDermott

### Ainmniúcháin Earnála

- Mary Clifford, Uasal Gnó/Tráchtáil
- An tUasal Paul Glynn, Pobal/Deonach

Tionóladh 4 chruinniú den CBS sin an 16 Feabhra, an 25 Bealtaine, an 14 Meán Fómhair agus an 7 Nollaig 2022.

Áiríodh iad seo a leanas ar na ceisteanna a breithníodh:

- CFRAM (Clár Measúnaithe agus Bainistithe Riosca i gCás Tuilte Dobharcheantair);
- Seachbhóthar N5 Bhealach an Doirín;
- Fodhlíthe Loch na nÉan;
- An Clár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach;
- Tionscadail an Ghlasbhealaigh
- Leathanbhanda;
- Straitéis Dhigiteach Ros Comáin 2022-2026.



# Stiúrthóireacht um Thithíocht, Pobal agus an Tionscadal um Fhreagairt Dhaonnúil don Úcráin

# Tithíocht

Tá an Roinn Tithíochta tiomanta do na gníomhaíochtaí atá leagtha amach in *Tithíocht do Chách: Plean Nua Tithíochta d'Éirinn* agus an *Plean um Sholáthar Gníomhaíochta Tithíochta 2022-2026 a sholáthar.*

## Clár um Éadáil agus um Thógáil



Teach nuafhaighte atá oiriúnaithe go speisialta.

In 2022, chuir Comhairle Contae Ros Comáin na haonaid tithíochta sóisialta seo a leanas ar fáil faoin gClár um Éadáil agus Tógáil:

- Ard na nEach, Ros Comáin – 1 aonad;
- Na Cluainte, An Caisleán Riabhach – 2 aonad;
- Baile Anraí, An Caisleán Riabhach – 2 aonad;
- Éadálacha – 3 aonad;
- Cuid V – 1 aonad.



Cóiríocht nua do thaistealaithe.

## Ard-Saoráid Léasaithe Caipitil (CALF) & an Scéim um Chúnamh Caipitil (CAS)

Tá príomhról le himirt ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta i dtithíocht shóisialta a sholáthar. Is iad *CALF* agus *CAS* na Príomhshruthanna maoiniúcháin caipitil le haghaidh tithíocht shóisialta a sholáthar trí Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta. Tá 35 aonad á dtógáil faoi láthair i bhFearann na Manach, Béal Átha Luain. Tá 10 n-aonad eile á dtógáil i mbaile Ros Comáin. Táthar ag súil go gcuirfear na haonaid sin ar fáil in 2023.

# Roghanna Léasaithe

## Scéim Deisithe agus Léasaithe (SDL)

Dírítear an *SDL* ar úinéirí réadmhaoine foilmhe nach bhfuil na hacmhainní acu na deisithe a dhéanamh chun a réadmhaoin a chur ar chaighdeán a theastaíonn chun é a ligean ar cíos i gceantar ina bhfuil riachtanas tithíochta sóisialta. Tá 4 aonad tithíochta sóisialta ag an gComhairle i mbaile Ros Comáin ar an *SDL*.

## Léasú Fadtéarmach

Leis an gcineál sin soláthair leathnaítear na roghanna chun soláthar na tithíochta sóisialta a sholáthar. Tá socruithe léasaithe fhadtéarma ag an gComhairle le húinéirí príobháideacha maidir le 4 réadmhaoin i Mainistir na Buille agus i mbaile Ros Comáin. D'éirigh 15 aonad breise gníomhach faoi chomhaontuithe léasaithe de chineál *SCC* le linn 2022.

## Morgáiste go Cíos (MTR)

Dearadh an scéim *MTR* chun cuidiú le húinéirí tí atá i mbaol a dtithe a chailleadh mar gheall ar riaráistí morgáiste. Cuidíonn sí le húinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu athrú ó úinéireacht a bheith acu ar a dteach go dtí a dteach a fháil ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta. Deonaíodh cead ón roinn do 28 iarratas go dtí seo. Tagann an t-iarratasóir *MTR* chun bheith ina thionónta de chuid Comhlachta Ceadaithe Tithíochta nó de chuid chuideachta príobháideach ceadaithe na Roinne Tithíochta, Home for Life.

**Tábla 1: Iarratais ar Mhorgáiste go Cíos**

| Tionóntaí Gníomhacha MTR | Tionóntachtaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta | Tionóntachtaí *Home for Life* |
|---|---|---|
| **20** | **6** | **14** |
| **Tionóntaí Gníomhacha MTR 2022** | **Tionóntachtaí Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta** | **Tionóntachtaí *Home for Life*** |
| **4** | **0** | **4** |

# Folúntais Ócáideacha

Rinne an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 27 aonad corrfholúntas dar luach €297,000 a mhaoiniú faoi *Chlár na dTithe Folmha 2022*.

# Measúnuithe agus Tithíocht Leithdháiltí

Tugadh an *Measúnú Bliantúil ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta* chun críche an 29 Samhain 2022. Ag deireadh 2022 bhí 822 iarratasóir (aistrithe san áireamh) agus 317 iarratasóir (gan aistrithe san áireamh) ar an liosta tithíochta ceadaithe.

# Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC)

Tá an Chomhairle ag leanúint le tacaíocht airgeadais a sholáthar do chóiríocht phríobháideach ar cíos dóibh siúd a bhfuil tithíocht fhadtéarmach de dhíth orthu tríd an *RAS*. Ag deireadh 2022, bhí tacaíocht á fáil ag 354 teaghlach trí *RAS*. Bhí 241 teaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus 113 theaghlach i gcóiríocht curtha ar fáil ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

# Scéim na hÍocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Táthar ag leanúint de thacaíocht tithíochta a sholáthar do dhaoine a bhfuil tithíocht fhadtéarmach de dhíth orthu faoi scéim *ÍCT*. Tugadh cóiríocht do 84 iarratasóirí mar chuid den scéim in 2022. Fágann sé sin gur 819 líon iomlán na n-iarratasóirí ar tugadh cóiríocht dóibh mar chuid den scéim ó tugadh isteach i Nollaig 2016 í.




# Na caighdeáin le haghaidh Réadmhaoin Chónaithe ar Cíos

Bhí iniúchtaí fós á ndéanamh in 2022 ar theaghaisí príobháideacha ar cíos faoi Rialacháin na dTithe (Caighdeáin le haghaidh Tithe Príobháideacha ar Cíos), 2017. Tá na sonraí leagtha amach i **dTábla 2.**

**Tábla 2: Iniúchtaí ar Réadmhaoin Chónaithe ar Cíos**

| | |
|---|---|
| Líon na nIniúchtaí a Cuireadh i gcrích | 628 |
| Líon na dTeaghaisí a Measadh Comhlíontach | 152 |
| Líon na Litreacha um Fheabhsú arna n-eisiúint do Thiarnaí Talún | 415 |

## Easpa dídine

Tugann an Chomhairle réimse freagairtí don easpa dídine i gcomhréir le *Plean Gníomhaíochta um Easpa Dídine Réigiún an Iarthair*. Tháinig 78 teaghlach chugainn le haghaidh seirbhísí easpa dídine in 2022, agus bhí cóiríocht ghearrthéarmach de dhíth ar 47 acu. Bhain 19 dteaghlach gan dídean leas as tacaíocht um thithíocht shóisialta trí shásraí éagsúla amhail tithíocht údarás áitiúil, tithíocht Comhlachta Ceadaithe Tithíochta, *ÍCT* agus *Scéimeanna ÍCT um Easpa Dídine* agus léasanna de chineál *RAS*.

Thug an Chomhairle isteach an *Scéim ÍCT um Easpa Dídine* i mí na Nollag 2020. Comhaontaíodh 12 thionóntacht *ÍCT um Easpa Dídine* ó tugadh isteach í. Tá 8 gcinn fós gníomhach agus dúnadh 4 cinn.

In 2021, cuireadh Foireann Gníomhaíochta um Easpa Dídine ar bun chun comhordú seirbhísí tacaíochta *Tús Áite do Thithíocht* agus *Treoraithe ag Tithíocht* a éascú. Glacadh le 4 atreorú chuig an bhFoireann Gníomhaíochta um Easpa Dídine le haghaidh seirbhísí *Treoraithe ag Tithíocht* agus glacadh le 4 cinn le haghaidh seirbhísí *Tús Áite do Thithíocht*. Cuireadh tús le 4 thionóntacht *Tús Áite do Thithíocht*. Tá aonaid chóiríochta eile á sainaithint faoi láthair maidir le tionóntachtaí *Tús Áite do Thithíocht* agus *Treoraithe ag Tithíocht* a chruthú.

## Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí

Foilsíodh an *Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí* faoi Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014. Fuair an Chomhairle 29 iarratas in 2022.

**Tábla 3: Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí**

| | |
|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 29 |
| Tairiscintí Díola | 18 |
| Díolacháin a Cuireadh i gCrích | 17 |

## Iasachtaí Tithíochta

Tháinig *Scéim Iasachtaí Tí na nÚdarás Áitiúil* in ionad *Scéim Iasachta Tí Atógáil Éireann* an 4 Eanáir 2022. Fuair an Chomhairle 36 iarratas ar *Iasacht Tí Údaráis Áitiúil* in 2022.

**Tábla 4: Iasachtaí Tithíochta**

| | |
|---|---|
| Iarratais a Fuarthas | 36 |
| Iasachtaí a Faomhadh | 16 |
| Tarraingt Anuas Iasachtaí | 9 |

## Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019-2024

Ar aon dul leis an *gClár Cóiríochta do Thaistealaithe*, tá roinnt tionscadal á gcur chun cinn ag an gComhairle, lena n-áirítear forbairtí ag Brí Chaoilinne, ag an gCaisleán Riabhach; Cluain Airne, Ros Comáin agus an Torpán Beag, Béal Átha Feorainne. In 2022, críochnaíodh 2 aonad 5 leaba i mBrí Chaoilinne, agus bhí 1 teach áitithe ag deireadh 2022. Cuireadh cóiríocht ar fáil do 7 dteaghlach taistealaithe i dtithíocht shóisialta chaighdeánach agus cuireadh cóiríocht ar fáil do 1 teaghlach amháin i gcóiríocht a bhaineann go sonrach le taistealaithe in 2022.

## An Clár Éifeachtúlachta Fuinnimh

Fuair an Chomhairle cead do 52 aonad faoin *gClár um Éifeachtúlacht Fuinnimh 2022*. Críochnaíodh 41 aonad go hiomlán in 2022. Críochnófar na 11 aonad eile in 2023.

## Cothabháil Tithe

Fuair an Roinn Tithíochta 1,474 ghlaoch cothabhála agus chaith sí €715,644 ar oibreacha freagartha cothabhála in 2022. Is ionann é sin ar an meán agus €485.51 in aghaidh an ghlao amach..

**1,474**
**COTHABHÁIL**
**Glaonna a Fuarthas**

## Deontais Tithíochta

Ba ionann an maoiniú (do theaghaisí príobháideacha) a leithdháileadh ar Chontae Ros Comáin do 2022 agus €1,412,065 (80% arna mhaoiniú ag an Roinn agus 20% arna mhaoiniú ag an gComhairle). Phróiseáil an Chomhairle 98% dá leithdháileadh.

**Tábla 5: Scéimeanna Deontais Tithíochta**

| Scéim | Líon na nDeontas a Faomhadh | Luach na nDeontas a Faomhadh |
|---|---|---|
| Deontas Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas | 58 | €764,877 |
| Deontas Tithíochta um Áis Shoghluaisteachta | 25 | €134,202 |
| Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta | 97 | €483,585 |

B'ionann an maoiniú i gcomhair *Deontais chun Tithíochta a Chur ar Fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas do Stoic Údaráis Áitiúil* a leithdháileadh ar Chontae Ros Comáin do 2022 agus €260,948 (90% maoinithe ag an Roinn agus 10% maoinithe ag an gComhairle). Caitheadh €423,335 ar oiriúnuithe ar 17 dteach Comhairle.

## Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2015-2019 (fadaithe)

Bhí 4 chruinniú ag an nGrúpa Stiúrtha maidir le Míchumas in 2022. Tugadh tacaíocht tithíochta sóisialta do 48 duine faoi mhíchumas trí thithíocht údarás áitiúil, trí thithíocht le Comhlacht Tithíochta Ceadaithe, *ÍCT*, *RAS*, *MTR*, trí chomhpháirtíocht phoiblí/phríobháideach le Comhlacht Tithíochta Ceadaithe agus trí réadmhaoine léasaithe. Rinneadh 2 réadmhaoin a oiriúnú go speisialta chun freastal ar thionóntaí faoi mhíchumas coirp.

## Bainistíocht ar Eastáit

Déanann an Roinn Tithíochta dea-chleachtais i leith na bainistíochta ar eastáit a chur chun cinn i gcónaí a chothaíonn bród sa cheantar agus bíonn pobail bhríomhara mar thoradh air sin. Bhí an méid seo a leanas ar siúl in 2022:

- Rinne an tOifigeach Teagmhála Tithíochta in éineacht leis an Maor Bruscair iniúchtaí rialta ar eastáit de chuid an údaráis áitiúil, faoi fhodhlíthe um dhramhaíl;
- Fuarthas gearáin maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta i ndáil le 19 theach údaráis áitiúil. Réitíodh 17 gceist.
- Deonaíodh 2 Ordú Sealbhaithe sa Chúirt Dúiche ar fhorais iompar frithshóisialta agus 1 cheann mar gheall ar áitíocht mhídhleathach;
- Tacaíodh le 37 saincheist leasa tionónta agus réitíodh iad.




## Deontas i gcomhair Athchóiriú Réadmhaoine Folmha

Seoladh an *Deontas i gcomhair Athchóiriú Réadmhaoine Folmha* arna mhaoiniú ag *Ciste Croí Cónaithe (Bailte)* an 14 Iúil 2022. Téann an deontas sin chun tairbhe dóibh siúd ar mian leo teach nó foirgneamh a bhí folamh roimhe seo a athchóiriú go príomháit chónaithe phríobháideach. Tá deontais suas le €30,000 ar a mhéad ar fáil. Tá deontas breisithe suas le €20,000 ar fáil nuair a dheimhnítear go bhfuil an réadmhaoin tréigthe i.e. níl sí slán ó thaobh struchtúir de agus contúirteach.

**Tábla 6: Deontas i gcomhair Athchóiriú Réadmhaoine Folmha**

| Líon na nIarratas a Fuarthas | Líon na gCeaduithe a Tugadh |
|---|---|
| 35 | 10 |



## Láithreáin Thréigthe

Cuireadh 11 láithreán leis na 3 shuíomh atá ar *Chlár na Láithreán Tréigthe* in 2022. Eisíodh 45 fógra ar an iomlán faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990. Cuireadh tuairisciú ar láithreán tréigthe le tairseach *Mo Chuid Seirbhísí* de chuid na Comhairle chun é a dhéanamh níos éasca don phobal láithreán tréigthe a thuairisciú.

Tá láithreáin á sainaithint ag an Roinn Tithíochta i láthair na huaire a d'fhéadfaí a fháil trí chomhaontú nó trí cheannach éigeantach.

Dréachtaíodh doiciméad beartais agus nósanna imeachta nuashonraithe maidir le láithreáin thréigthe agus ceadaíodh é ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle a tionóladh i mí na Samhna 2022.



Roimhe seo – teach tréigthe ag cur isteach ar cheantar.



Ina dhiaidh sin – teach a meastar a bheith neamhthréigthe i ndiaidh oibreacha a dhéanamh.

## Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha

Sainaithníodh 18 láithreán chontúirteacha le linn 2022 agus eisíodh fógraí faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) 1964. Cuireadh na 18 gcomhad a osclaíodh le 8 gcomhad oscailte a bhí ann cheana maidir le déanmhais agus áiteanna contúirteacha. Dúnadh 16 cinn de na 26 comhad/réiteodh an cheist leis na húinéirí le linn 2022.

Chuir an Chomhairle oibreacha i gcrích ar 1 láithreán chun é a dhéanamh sábháilte. Tá an Roinn Tithíochta ag iarraidh dul i dteagmháil le húinéirí na ndéanmhas/áiteanna contúirteacha atá fágtha faoi láthair.

Dréachtaíodh doiciméad beartais agus nósanna imeachta nuashonraithe maidir le déanmhais contúirteacha agus áiteanna contúirteacha agus ceadaíodh é ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle a tionóladh i mí na Samhna 2022.



Roimhe seo - déanmhas contúirteach.



Ina dhiaidh sin – fál curtha ar ais ina iomláine.

# Pobal


**Soláthraíonn an Rannóg Pobail tacaíocht do Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) Chontae Ros Comáin. Stiúrann sí rannpháirtíocht Chomhairle Contae Ros Comáin chomh maith i dtionscnaimh phobail ar fud an chontae agus spreagann sí na tionscnaimh sin.**

## CLÁR 2022

Leithdháileadh €498,617 ar an iomlán ar 12 eagraíocht pobail faoin gclár *CLÁR 2022*. Sa tábla a leanas cuirtear sonraí ar fáil faoin maoiniú a leithdháileadh.

**Tábla 1: Maoiniú *CLÁR***

| Ainm an Ghrúpa | Maoiniú | Cur síos ar an Tionscadal |
|---|---|---|
| Comhairle Pobail Uí Mhórdha | €25,926 | Spásanna carrchlóis do dhaoine faoi mhíchumas agus spás lasmuigh |
| Scoil Náisiúnta Chluain Banbh | €45,953 | Uasghrádú ar an gclós súgartha agus ar an ngairdín céadfach |
| Club CLG Chill Mhór | €40,860 | Dromchla páirce astro |
| Forbairt Áitiúil & Pobail Uachtair Thíre | €34,650 | Gaiséabó i bPáirc Cois Abhann Uachtar Thíre |
| Forbairt Áitiúil & Pobail Ghort an Ghainimh | €49,440 | Carrchlós ag Halla Mhuire |
| Club CLG Mhainistir na Búille | €49,500 | Limistéir rochtana tarmac |
| Halla Pobail Kilmurray | €28,688 | Feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar rochtain do choisithe agus do dhaoine faoi mhíchumas |
| Halla Pobail Rónáin | €48,582 | An t-urlár a athsholáthar agus uasghrádú ar an gcóras teasa |
| Club CLG Bhealach an Doirín; | €50,000 | Rochtain éigeandála feithiclí, páirceáil do dhaoine faoi mhíchumas, áit amharc agus cur fálta |
| Club CLG Bhéal Átha Mín | €34,730 | Rochtain agus leithreas do dhaoine faoi mhíchumas |
| Bealach Nua | €39,838 | Atógáil balla agus oibreacha tarmac |
| Halla Pobail an Bhealaigh | €50,000 | Athchóiriú ar Sheanteach an Pharóiste |



Tionscadal CLÁR - páirc astro ag Scoil Náisiúnta Chamchluana.

## An Ciste um Ghníomhaíochtaí Pobail 2022

Tugadh an *Ciste Gníomhaíochtaí Pobail* isteach i mí na Samhna 2021 chun tacú le grúpaí pobail agus grúpaí deonacha a ndeachaigh COVID-19 i gcion orthu. Leithdháileadh €266,602 ar an gComhairle. Osclaíodh an scéim le haghaidh iarratas i Eanáir 2022. Fuarthas líon iomlán de 137 iarratas. Dheonaigh CFPÁ Ros Comáin maoiniú do 114 iarratas.

## Comhchoiste Póilíneachta (CP)

Tá 25 bhall ar CP Ros Comáin atá comhdhéanta de 13 chomhaltaí na Comhairle, 2 chomhaltaí ón Oireachtas, 6 bhall ón earnáil phoiblí, 2 ionadaithe ón nGarda Síochána agus 2 oifigeach údaráis áitiúil. Tháinig CP le chéile 3 huaire in 2022. Tionóladh cruinniú poiblí an 12 Meán Fómhair 2022 in Abbey Hotel, Ros Comáin. Lean an CCP lena phlean oibre a chur chun feidhme i rith na bliana.

## Clár LEADER

Tá *Clár LEADER 2014-2020* maoinithe ag an Rialtas faoin *gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020* agus ag an Aontas faoin *gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe*. Infheistíocht na hEorpa i Limistéir Tuaithe. Trí LEADER tacaítear le fiontair phríobháideacha agus le grúpaí pobail a fheabhsaíonn cáilíocht na beatha agus gníomhaíocht eacnamaíoch i limistéir tuaithe. Tháinig an *Clár Idirlinne LEADER* i bhfeidhm an 1ú Aibreán 2021. Líonfaidh sé an bearna idir críochnú *Chlár LEADER 2014-2020* agus tosú an chéad chlár AE eile le haghaidh 2023-2027. Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail glao amach ar Léiriú Spéise chun straitéis forbartha áitiúla (SFÁ) a fhorbairt. Cuireadh an Léiriú Spéise isteach i mí na Nollag 2022 i ndiaidh cead a fháil ón CFPÁ. Beidh an SFÁ sin mar bhonn le *Clár nua LEADER 2023-2027* i gContae Ros Comáin.

## Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)

Soláthraíonn an PPN struchtúr chun an sreabhadh faisnéise 2-bhealaigh idir an Chomhairle agus grúpaí pobail, deonacha, cuimsithe shóisialta agus comhshaoil a éascú. Éascaíonn an PPN é sin trí ionadaithe a thoghadh chun suí ar struchtúir chinnteoireachta áitiúla éagsúla lena n-áirítear an CFPÁ, CP, Fóram Oidhreachta agus CBSanna (Coistí um Beartais Straitéiseacha) na Comhairle. Socraíonn an PPN soláthar oiliúna agus ceardlann chun freisin chun cuidiú le ballghrúpaí inbhuanaitheacht a fhorbairt agus rochtain a fháil ar mhaoiniú agus ar thionscnaimh údaráis áitiúil. Tá 275 grúpa ag plé leis an PPN faoi láthair.

## Aonad Ionchuimsithe Shóisialta Ros Comáin

Leanann an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta le cuimsiú sóisialta a leabú i gcomhlacht comparáideach na Comhairle agus leanann sé ag comhoibriú le heagraíochtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha eile trí struchtúir amhail CFPÁ Ros Comáin agus Comhpháirtíocht LEADER Ros Comáin.

### Caitheamh Aimsire agus Ionchuimsiú

Le 2022, bhí an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta ábalta filleadh ar imeachtaí duine le duine. Áiríodh orthu sin *Lá Súgartha* ar éirigh go han-mhaith leis a reáchtáladh i bPáirc Foraoise Loch Cé i gcomhar le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Ros Comáin agus *Sceideal Imeachtaí Sheachtain na Rothar* a raibh an-tóir air, arna chomhordú ag Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin. Óstáladh roinnt imeachtaí eile agus tacaíodh leo - ina measc sin bhí an *tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, Seachtain na hEolaíochta, Lá na hAfraice* agus *Lá Feasachta ar an Uathachas*.

### Aoisbháúil

Tá an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta freagrach as an *Straitéis Aoisbháúil* a chur chun feidhme agus as tacú le hobair an Ghrúpa Oibre Aoisbháúil, na Comhghuaillíochta Contae agus Chomhairle Daoine Scothaosta Ros Comáin. Le linn 2022, cuireadh roinnt tionscnaimh a thacaíonn le daoine breacaosta chun cinn m.sh. tionscnamh na *Seaimpíní Cultúrtha* agus tionscnamh a thacaíonn le daoine breacaosta *Éire Ildánach* ar a dtugtar *Making Music in the Midlands*. Reáchtáil Líonra Daoine Scothaosta Ros Comáin CCB ar fhreastail a lán daoine air agus bhí an t-aoichainteoir Helen Rochford Brennan i láthair.




Rothaíocht a chur chun cinn.

## Comhairle na nÓg

Éascaíonn an tAonad Ionchuimsithe Shóisialta Comhairle na nÓg i Ros Comáin. Is é ceann de ghnéithe is tábhachtaí Chomhairle na nÓg ná go ligtear do dhaoine óga ábhair thábhachtacha a roghnú agus obair a dhéanamh orthu a théann i bhfeidhm orthu go háitiúil. Ba é an t-ábhar is déanaí aird a tharraingt ar thaitneamhachtaí do dhaoine óga ar fud an chontae. Ghlac baill na Comhairle leis an tasc físeán gearr a fhorbairt dar teideal *Things to do in Roscommon*. Taispeánadh an físeán seo ar ardáin meán sóisialta *Visit Roscommon* agus shroich sé os cionn 6,000 duine ar Facebook. Tá iarratas á phróiseáil ag Fáilte Ireland chun é a thaispeáint ar a shuíomh gréasáin agus ar ardáin meán sóisialta.




Comhairle na nÓg.

## Oifigigh Forbartha Spóirt

Le linn 2022 lean an Chomhairle, tríd an Aonad Ionchuimsithe Shóisialta, le tacú agus le cuidiú le hobair Oifigeach Forbartha an FAI, Oifigeach Forbartha an CLG, Oifigeach Forbartha Chumann Pheil na mBan agus le hobair an Oifigigh Forbartha Rugbaí. Áirítear ar obair na nOifigeach Forbartha Spóirt ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn trí spórt trí obair a dhéanamh le scoileanna, le clubanna, le grúpaí ionchuimsithe shóisialta agus le grúpaí pobail agus cláir a fhorbairt le Comhpháirtíocht Spóirt Ros Comáin i réimse an mhíchumais.

## Ros Comáin Sláintiúil

Thug an Chomhairle seachadadh Bhabhta 3 den *Chlár Éire Shláintiúil/Ros Comáin Shláintiúil* i gcrích agus leithdháileadh maoiniú do Bhabhta 4 a rollfar amach thar thréimhse 3 bliana 2023-2025.

## An Straitéis um Imeascadh Imirceach

Chuir an Chomhairle tús leis an bpróiseas *Straitéis Contae um Imeascadh Imirceach* a fhorbairt le linn 2022. Is tionscnamh trípháirteach é sin lena bhfuil Comhpháirtíocht LEADER Ros Comáin agus Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Ros Comáin bainteach.

# An Tionscadal um Fhreagairt Dhaonnúil don Úcráin

## An Tionscadal um Fhreagairt Dhaonnúil don Úcráin

Bhunaigh an Chomhairle Fóram Freagartha Pobail Ros Comáin i mí an Mhárta 2022 mar fhreagra ar dhídeanaithe ag teitheadh ón gcogadh san Úcráin. Is é ról an fhóraim comhordú a dhéanamh ar an bhfreagairt faoi stiúir an phobail ar sholáthar cúnaimh agus tacaíochta do dhídeanaithe ón Úcráin i gContae Ros Comáin. D'oibrigh gníomhaireachtaí comhpháirtíochta an fhóraim le chéile i rith na bliana chun dídeanaithe a threorú chuig na seirbhísí agus na tacaíochtaí ábhartha sna réimsí leasa, cúraim leanaí, sláinte, oideachais, fostaíochta agus riachtanas sóisialta agus comhtháthaithe.

I ndiaidh iarratas a fháil ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus le tacaíocht ó The Misinéirí Bhriathar Dé, LEADER, Club na Leon, Ionad Oibrithe Deonacha Ros Comáin agus an pobal áitiúil, chuir an Chomhairle Ionad Scíthe ar bun i nDún Iomáin chun lóistín a sholáthar dóibh siúd a bhí ag teitheadh ón Úcráin. Reáchtáil an Chomhairle an t-ionad ar feadh 10 seachtaine go dtí gur ceapadh comhlacht oiriúnach bainistíochta saoráidí.

Bhunaigh an Chomhairle Aonad Freagartha tiomnaithe freisin don Úcráin laistigh dá Roinn Pobail a thacaíonn leo seo a leanas:

- Crois Dhearg na hÉireann maidir le clár tithe a thairiscint;
- Soláthraithe seirbhísí;
- Cláir Rialtais chun cóiríocht oiriúnach a shainaithint do Thairbhithe na Cosanta Sealadaí.



Cúrsa oiliúna le himircigh.

Le tairiscintí cóiríocht Chrois Dhearg na hÉireann tacaithe ag an gComhairle éascaíodh 12 theaghlach i gContae Ros Comáin. Measadh go raibh go leor de na tairiscintí neamh-inmharthana mar gheall ar ghné thuaithe a suímh, áfach.

Seoladh tionscnamh *'New Vacant Home Call Out'* ar an 24 Samhain 2022. Déanann údaráis áitiúla é sin a riar agus baineann sé le tithe folmha amháin. Méadaíodh an íocaíocht aitheantais go €800 in aghaidh na míosa (saor ó cháin) le héifeacht ó 1 Nollaig 2022. Ón 31 Nollaig 2022 i leith, bhí 38 réadmhaoin geallta don Chomhairle.

Ag deireadh 2022 bhí thart ar 550 dídean ón Úcráin i gContae Ros Comáin agus tá obair ar siúl chun cóiríocht a chur ar fáil do thuilleadh dídeanaithe easáitithe sna hionaid agus sna réadmhaoine atá geallta.

Tá 15 sholáthraí seirbhíse ann faoi láthair a bhfuil cóiríocht á cur ar fáil acu do dhídeanaithe ón Úcráin, agus tá 3 cinn díobh siúd faoi chonradh leis an gComhairle. Tá an chuid eile faoi chonradh le IPAS.



# An Stiúrthóireacht um Bóithre & Iompar, Taisteal Gníomhach agus Pleanáil

# Bóithre agus Iompar (Taisteal Gníomhach san áireamh)

Tá an Roinn Bóithre agus Iompair freagrach as cláir a sholáthar lena n-áirítear Scéimeanna Cothabhála agus Feabhsaithe Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta; Cláir Sábháilteachta Bóithre; Oibreacha Cothabhála agus Feabhsaithe ar Dhroichid; an Clár Infheistíochta i dTaisteal Gníomhach; an Clár um Dhul in Oiriúint agus Athléimneacht maidir le hAthrú Aeráide; Cothabháil ar Dhraenáil Artaireach, Oibreacha Maolaithe Tuilte; Reiligí; Ceadanna Ualaí Neamhghnácha; Bóithre Poiblí a Dhearbhú; Cearta Slí Poiblí a Chealú; Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil; Scéimeanna Rannpháirtíochta an Phobail; Dúnadh Sealadach Bóithre; Láithreacha Stadanna Bus a Fhaomhadh; Teorainneacha Luais; Flít agus Meaisínre; Ceadúnais Oscailte Bóithre agus Páirceanna agus Taitneamhachtaí.

## Líonra Bóithre

Tá Comhairle Contae Ros Comáin freagrach as an líonra bóithre sa chontae a chothabháil agus a fheabhsú. Bhí na hoibreacha seo a leanas i measc na n-oibreacha a rinneadh in 2022: tógáil agus cothabháil bóithre; athshlánú droichead; oibreacha draenála; bearta bainistithe sábháilteachta agus tráchta a chur i bhfeidhm; bearta taistil ghníomhaigh; oibreacha um dhul in oiriúint agus athléimneacht maidir leis an athrú aeráide; Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail agus Feabhsaithe Áitiúil a chur i bhfeidhm agus deisithe ar chosáin. Tá achoimre ar aicme agus ar fhad bhóithre Ros Comáin le fáil i **dTábla 1**

**Tábla 1: Aicmiú agus Fad Bhóithre Ros Comáin**

| Aicmiú Bóthair | Fad (Méadair) |
|---|---|
| Mótarbhealach | 20,220 |
| Príomhbhóthar náisiúnta | 83,492 |
| Bóthar náisiúnta den Dara Grád | 148,056 |
| Réigiúnach | 375,780 |
| Bóithre Áitiúla | 3,414,430 |
| **Iomlán do na Bóithre ar fad** | **4,041,978** |



## Maoiniú

Leithdháileann Bonneagar Iompair Éireann (TII) maoiniú d'fhonn an Líonra Príomhbhóithre agus Bóithre den Dara Grád sa chontae a oibriú, a chothabháil agus a fheabhsú. Leithdháileann an Roinn Iompair maoiniú le haghaidh na nithe a leanas: Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a atógáil agus a chothabháil; athshlánú droichead; cláir draenála; scéimeanna sábháilteachta; scéimeanna um dhul in oiriúint agus athléimneacht maidir leis an athrú aeráide agus oibreacha faoi Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail. Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair maoiniú ar fáil don Chlár Taistil Ghníomhaigh. Cuireann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar fáil do bhóithre neamhphoiblí – Scéimeanna Feabhsaithe Áitiúil. Cuireann an Chomhairle maoiniú ar fáil óna cuid acmhainní féin chun iarratais ar dheontais a fhorlíonadh. Cuirtear maoiniú ar fáil d'oibreacha maolaithe tuilte ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ó acmhainní féin na Comhairle. Tá achoimre ar fáil ar na leithdháiltí maoinithe Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta le haghaidh 2022 i **dTábla 2**.

**Tábla 2: Leithdháiltí Maoinithe do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre Neamhnáisiúnta Chontae Ros Comáin 2022**

| Foinse Maoinithe | Oibreacha | Maoiniú 2022 |
|---|---|---|
| An Roinn Iompair | Atógáil agus Cothabháil Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, Droichid, Oibreacha Draenála, Scéimeanna Sábháilteachta, Oibreacha um Dhul in Oiriúint agus Athléimneacht maidir le hAthrú Aeráide, Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail | €20,350,740 |
| Bonneagar Iompair Éireann (TII) | Bóithre Náisiúnta agus Glasbhealaí | €62,339,996 |
| An tÚdarás Náisiúnta Iompair | An Clár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach | €3,264,792 |
| Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail | Scéimeanna Áitiúla Feabhsaithe na mBóithre nach Bóithre Poiblí iad | €571,758 |
| Comhairle Contae Ros Comáin | Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla / Soilsiú Poiblí | €2,077,600 |
| **Iomlán** | | **€88,714,886** |

## Tionscadail Bóithre Náisiúnta

Tá an **Tionscadal Bóthair ó Bhealach an Doirín go Scramóg** thart ar 34km ar fad agus síneann sé ó phointe ceangail thoir de Sheachbhóthar N5 Bhealach an Doirín go Scramóg agus téann sé timpeall ar Dhún Gar, ar Bhéal Átha na gCarr, ar Thuilsce agus ar Bhéal na mBuillí. Tá an trasghearradh ar chaighdeán carrbhealaigh aonair de Chineál 1. D'fhaomh an Bord Pleanála an scéim agus an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) i Eanáir 2019. Rinneadh fógraí ordaithe ceannaigh éigeantaigh a sheirbheáil ar na daoine ar fad atá ainmnithe san ordú ceannaigh éigeantaigh agus tá idirbheartaíocht talún ar bun. Fuarthas seirbhísí luachála talún agus maoine agus seirbhísí dlí chun cuidiú le fáil talún. Fuarthas conarthaí oibreacha agus seirbhísí roimh ré/cumasaithe roimh an bpríomhchonradh tógála lena n-áirítear, suirbhé aispeiste, fálú, leagan crann agus baint fál sceach, suirbhéanna topagrafacha agus iniúchtaí geoiteicniúla, Tá atreorú HV (ardvoltas) BSL críochnaithe agus leanadh le hatreorú roinnt fearas LV agus MV BSL le linn 2022. Tá na hoibreacha ar an suíomh seandálaíochta iomlán go substaintiúil agus leantar le tuairisciú agus le scaipeadh. Ceapadh sainchomhairleoirí teicniúla chun cuidiú leis an tionscadal a chur chun cinn trí na céimeanna tairisceana agus tógála. Dámhadh an príomhchonradh tógála ar Roadbridge Ltd. i mí an Mheithimh 2021. É sin ráite, foirceannadh an conradh tar éis cheapachán na nglacadóirí thar shócmhainní ar leith de chuid Roadbridge Holdings Ltd. i mí an Mhárta 2022. Cuireadh tús leis an bpróiseas ath-sholáthair i leith na tógála príomha in Aibreán 2022 agus leanadh leis le linn na bliana.

Is é atá i gceist le **Tionscadal N4 Chora Droma Rúisc go Dromad** réiteach iompair a sholáthar lena gcuimsítear trasnú nua ar an tSionainn chun an cúngú tráchta suntasach a mhaolú ar an N4 trí Chora Droma Rúisc/Corr Tobair. Tá Comhaontú Alt 85 faoin Acht Rialtais Áitiúil i bhfeidhm idir Comhairle Contae Ros Comáin agus Comhairle Contae Liatroma. Faoin gComhaontú Alt 85, is í Comhairle Contae Liatroma an 'tÚdarás Príomhúil'. Cheap Comhairle Contae Liatroma Ove Arup & Partners Ireland Ltd. (ARUP) chun an tionscadal a chur ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála i Márta 2020. Chuir ARUP Céim 1 (Coincheap agus Féidearthacht) i gcrích i mí Iúil 2020. Áiríodh i gCéim 2 (Roghanna a Roghnú) comhairliúcháin phoiblí fhíorúla i mí Dheireadh Fómhair 2020 (Srianta) agus i mBealtaine/Meitheamh 2021 (Roghanna agus Roghanna Malartacha) Leanadh leis an obair ar na Roghanna agus na Roghanna Malartacha éagsúla le linn 2021 agus tháinig críoch leis i Ráithe 2, 2022 nuair a taispeánadh poiblí an Rogha Conaire Iompair. Leanadh den obair i rith 2022 maidir le dúnadh tuairiscithe Chéim 2.

Is é atá i gceist le **Tionscadal Athailínithe Bhóthar Oran N60** thart faoi 3.4km den Bhealach Náisiúnta N60 den Dara Grád a athailíniú, lena n-áirítear 1.7km d'fhoirgníocht as líne agus 1.7km de leathnú ar líne go caighdeán carrbhealaigh aonair Chineál 1. Tá an próiseas fála talún ag leanúint ar aghaidh agus go dtí seo tá 95% de na cásanna socraithe. Tá na hoibreacha conartha go léir eile atá fós gan réiteach curtha i gcrích.

Is éard atá i gceist le **Tionscadal an Bhóthair N61 ó Thuilsce go Gort na Cranncha** ná athailíniú thart ar 5.6km de Bhóthar Tánaisteach Náisiúnta an N61 idir an Tuilsce agus an crosbhealach nua N5 leis an N61 ag Baile Fearainn Gort na Cranncha, agus feabhsú air sin. D'fhormheas TII ceapachán na bPríomh-Chomhairleoirí Teicniúla agus na speisialtóirí neamhspleácha chun an tionscadal a thabhairt chun cinn trí Chéimeanna TII (1-4). Ceapadh Roughan & O'Donovan-AECOM Alliance (ROD-A) mar Phríomh-Chomhairleoirí Innealtóireachta i mí Iúil 2022 tar éis próiseas soláthair a bhain úsáid as Creat-Chomhaontú TII do Sheirbhísí Comhairliúcháin. Le linn 2022, críochnaíodh Céim 0 agus Céim 1 agus cuireadh tús le Céim 2 (Roghanna a Dhéanamh).

Is éard atá i gceist le **Tionscadal an Bhóthair N61 ón Leathcheathrú go Cnoc an Chrochaire** ná feabhsú Bhóthar Tánaisteach Náisiúnta na N61 idir Bhaile Uí Mhuirígh agus an Leathcheathrú, ina n-ionchorprófar seach-chonair de Chnoc an Chrochaire. Ceapadh Roughan & O' Donovan-AECOM Alliance (ROD-A) mae Phríomh-Chomhairleoirí Innealtóireachta i mí na Nollag 2018. Tá an tionscadal tugtha chun cinn trí chéimeanna roghnaithe na Srianta agus na Roghanna ag ROD-A. Deimhníodh Conair Bealaigh C-3 mar an Rogha Conaire Bealaigh le foilsiú na Tuarascála maidir le Rogha a Roghnú i mí Lúnasa 2021. D'iarr an Chomhairle ceadú ó TII chun dul ar aghaidh go dtí Céim 3 Dearaidh agus Meastóireacht Comhshaoil i mí Mheán Fómhair 2021. Mar sin féin, dúirt TII mar fhreagairt nach raibh an tÚdarás, mar gheall ar infhaighteacht maoinithe, in ann cead a thabhairt dul ar aghaidh go Céim 3 faoi láthair. Leithdháileadh roinnt maoinithe in 2022 faoi *Chlár Miontionscadal* an TII chun straitéis fhoriomlán a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sábháilteachta agus gaolmhara ar an gcuid den N61 idir baile Ros Comáin agus Baile Átha Luain go dtí go gcuirfear réitigh fhadtéarmacha chun feidhme. Ceapadh ROD-A i mí Lúnasa 2022 chun an staidéar seo a dhéanamh.

I d**Tionscadal Bhóthar N61 Chúil Taidhg Céim 1**, beifear ag tabhairt faoi thart faoi 3km de chuid de Bhóthar Náisiúnta den Dara Grád ar imeall thuaidh bhaile Ros Comáin a athailíniú agus a fheabhsú den chuid is mó go dtí an caighdeán a bhíonn ag carrbhealach aonair Cineál 1. Tá an próiseas fála talún ar siúl go leanúnach. Cé gur cuireadh oibreacha seandálaíochta allamuigh i gcrích i Samhain 2016, cuireadh ullmhúchán mhonagraf an tionscadail lena sonraítear tochailt coimpléisc imfhálaithe ilmhúrach nach rabhthas ar an eolas faoi roimhe ag Raghnallach chun críche in 2022.

Sa **tionscadal chun Bóthar N61 ó Thuilsce go Clais an Ghainimh a athailíniú**, beifear ag tabhairt faoi thart ar 4km de bhealach N61, Bóthar Náisiúnta den Dara Grád, a athailíniú, ón gcuid den bhealach atá ó Thuilsce go Clais an Ghainimh. Tá Céimeanna 0 go 3 (Dearadh agus Meastóireacht Comhshaoil) as Céimeanna an Tionscadail TII críochnaithe ansin. I mí Dheireadh Fómhair 2022, fuair an Chomhairle faomhadh ó TII chun dul ar aghaidh go Céim 4 (Próisis Reachtúla). Foilsíodh iarratas pleanála de réir Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt i mí Dheireadh Fómhair 2022.

## Tionscadail um Chosáin Bhóthair Náisiúnta

Le linn 2022, tugadh oibreacha chun críche ar an N5 ón Muine Liath go Carrowntoosan agus ar Scéimeanna Pábhála an N61 i mBaile Átha Luain Thuaidh (Céim 1). Le linn 2022, cuireadh dearadh agus doiciméadacht tairisceana i gcrích i ndáil leis an N61 i mBaile Átha Luain Thuaidh (Céim 2) agus an N61 ón tSeanchill go Runnaboll.

## Loch Rí, Baile Átha Luain go Glasbhealach Bhéal Átha Liag

Is éard atá i gceist le Tionscadal an Ghlasbhealaigh ó Bhaile Átha Luain go Béal Átha Liag ná Glasbhealach a chur ar fáil, le neas-fhad táscach idir 45 go 60km. Téann an Glasbhealach sin isteach sa Ghlasbhealach beartaithe ó Ghaillimh go Baile Átha Luain i limistéar Bhaile Átha Luain. Ceapadh RPS chun an tionscadal a chur ar aghaidh trí Chéim 0 (Raon Feidhme agus Réamh-Mheasúnú) agus trí Chéim 1 (Coincheap agus Féidearthacht) (Lámhleabhar Bainisteoirí Tionscadail TII le haghaidh Tionscadail Glasbhealaigh). Cuireadh torthaí insoláthartha Chéim 0 i gcrích in 2022.

## Glasbhealach Lár na Sionainne

Is é Glasbhealach Lár na Sionainne an t-ainm a glacadh don tionscadal Glasbhealaigh beartaithe idir Béal Átha Liag agus Tearmann Bearaigh/Béal na mBuillí/Rúscaigh. Tá neas-fhad táscach idir 30 go 45km ag Glasbhealach Lár na Sionainne. Téann an Glasbhealach isteach le scéim an Ghlasbhealaigh ó Bhaile Átha Luain/Bhéal Átha Liag. Ceapadh Ryan Hanley chun an tionscadal a chur ar aghaidh trí Chéim 0 (Raon Feidhme agus Réamh-Mheasúnú) agus trí Chéim 1 (Coincheap agus Féidearthacht) (Lámhleabhar Bainisteoirí Tionscadail TII le haghaidh Tionscadail Glasbhealaigh). Cuireadh torthaí insoláthartha Chéim 0 i gcrích in 2022.

## Glasbhealach ó Loch Cé go Cora Droma Rúisc

Is éard atá i gceist le Tionscadal an Ghlasbhealaigh ó Loch Cé go Cora Droma Rúisc ná Glasbhealach a chur ar fáil, le neas-fhad táscach idir 15 go 20km. I ndiaidh próiseas tairisceana, ceapadh Roughan & O'Donovan Consulting Engineers chun an tionscadal a chur ar aghaidh trí Chéim 0 (Raon Feidhme agus Réamh-Mheasúnú) agus trí Chéim 1 (Coincheap agus Féidearthacht) (Lámhleabhar Bainisteoirí Tionscadail TII le haghaidh Tionscadail Glasbhealaigh). Tá sé sceidealaithe tú a chur leis an gconradh i Ráithe 1, 2023. Cuirfear táirgí insoláthartha Chéim 0 agus Chéim 1 chun críche le linn na tréimhse Ráithe 1 go Ráithe 3, 2023.

## Tionscadail Taisteal Gníomhach arna maoiniú ag TII

Le linn 2022, chuir TII maoiniú ar fáil chun tús a chur le céim tosaigh 5 thionscadal Taisteal Gníomhach a thosú ag: –

- Dún Gar (fad táscach 1.2km);
- Béal Átha na gCarr (fad táscach 1.0km);
- Tuilsce go Ráth Cruachan (fad táscach 5.2km);
- Tuilsce (fad táscach 1.4km);
- Béal na mBuillí (fad táscach 0.7km).

## Clár Oibreacha Bóithre - Bóithre nach Bóithre Náisiúnta iad

Cuireadh níos mó ná 420 tionscadal ar leith maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i gcrích faoi na 3 *Scéim Oibreacha Bóithre de chuid an Cheantair Bhardasaigh 2022* agus fuarthas maoiniú ón Roinn Iompair agus ó acmhainní féin na Comhairle.

## An Clár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach

Áiríodh le *Clár an Rialtais* a foilsíodh i Meitheamh 2020 spriocanna uaillmhianacha agus suntasacha le haghaidh scéimeanna siúil agus rothaíochta a fhorbairt. In 2022, rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair cistí a leithdháileadh ar údaráis áitiúla na hÉireann d'fhonn €289 milliún a chaitheamh ar bhreis is 1,200 tionscadal bonneagair siúil agus rothaíochta go náisiúnta. Fuair an Chomhairle leithdháileadh de €3,264,792 le haghaidh 2022. Baineann an maoiniú le haghaidh 2022 le Bliain 2 de *Chlár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach* 5 bliana, rud a bheidh bunathraitheach i réimse roghanna an iompair inbhuanaithe ghlais maidir leo siúd lasmuigh de lárionaid uirbeacha mhóra.


Trí shaoráidí siúil agus rothaíochta ardchaighdeáin a fhorbairt spreagfar níos mó daoine chun aistriú go taisteal gníomhach agus cuirfear le dul i ngleic le dúshlán an athraithe aeráide. Beidh an clár ina chuidiú le pobail a nascadh agus le siúl agus rothaíocht a dhéanamh tarraingteach, sábháilte agus inrochtana do chách. Tá 19 scéim ar an iomlán curtha chun críche i gContae Ros Comáin thar na 3 Cheantar Bardasacha le caiteachas €3,230,264. In 2023, cuirfear tús le tionscadail sa Leathcheathrú, Cluain Fada agus Baile an Locha. Tá 12 thionscadal eile ag an gcéim phleanála/soláthair do 2023 mar aon le 8 dtionscadal scoile faoin *gClár Bealaí Sábháilte chun na Scoile*.



Loch Glinne, Contae Ros Comáin – Trasrian Coisithe le Soilse ag an Scoil Náisiúnta



An Chríoch, Contae Ros Comáin – Gréasán Cosáin.




Uachtar Thíre, Contae Ros Comáin – Uasghrádú Trasrian Síogach agus Cosáin.



Uachtar Thíre, Contae Ros Comáin – Cosáin.



Sráidbhaile Chruacháin, Contae Ros Comáin – Feabhsú Cosáin.



Cnoc an Chrochaire, Contae Ros Comáin – Bealach Coisithe.

## Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail

Chuir an Roinn Iompair leithdháileadh de €111,000 ar fáil in 2022 faoi *CIS* (Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail). Rinneadh an cúnamh deontais a chómhaoiniú le 10% ar a laghad ón bpobal le haghaidh oibreacha incháilithe lenar áiríodh cothabháil ghinearálta, oibreacha draenála, oibreacha cosáin agus cosáin ar bhóithre poiblí. Cuireadh 3 thionscadal chun cinn faoin scéim sin in 2022.

## An Scéim Feabhsaithe Áitiúil (LIS)

Oibríonn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an *LIS* le haghaidh bóithre áitiúla nach bóithre náisiúnta iad a fheabhsú. Tá an ranníocaíocht áitiúil ina dlúthchuid den *LIS*. Tá an ranníocaíocht áitiúil socraithe ag 10% maidir le bóithre incháilithe agus suas le 5 thairbhí i gceist leo agus tá sí socraithe ag 15% dóibh siúd lena mbaineann 6 thairbhí nó níos mó. In 2022, faomhadh maoiniú deontais de €571,758 ón Roinn don Chomhairle faoin scéim seo.

## Scéim chun Cosáin a Dheisiú

Mar chuid de na Bearta Maolaithe Riosca, fuarthas maoiniú ó Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann. Tá lochtanna agus contúirtí á dtaifeadadh i rith an ama agus tá cosáin lochtacha ar fud an chontae á ndeisiú ar bhonn leanúnach Tá an Chomhairle ag comhoibriú le soláthraithe fóntas chun seomraí faoi thalamh lochtacha etc a aimsiú. In 2022, lean an Chomhairle chun conraitheoirí pábhála a fhostú chun codanna lochtacha de chosáin a athchur agus pábháil thadhlach a shuiteáil nuair ba ghá léi. Cuireadh oibreacha i gcrích i Mainistir na Búille, sa Chaisleán Riabhach, i mBealach an Doirín agus i Ros Comáin.

## CFRAM (Clár Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca Tuilte Abhantrach)

Is é is cuspóir don *Chlár chun Priacal Tuile in Abhantrach a Mheas agus a Bhainistiú* (CFRAM) scéimeanna chun faoisimh tuile a shainaithint agus a dhearadh chun priacal tuile a mhaolú. Faoin gclár, rinneadh Baile Átha Luain, Ros Comáin, Áth Liag, An Caisleán Riabhach, Mainistir na Búille agus Corr an Tobair a mheas i ndáil le priacal tuile. Tá oibreacha á moladh sna bailte móra agus na sráidbhailte sin ar fad ach amháin an Caisleán Riabhach.

Ar thaobh Chontae na Iarmhí de Bhaile Átha Luain, tá oibreacha á dtógáil agus tá ceapadh sainchomhairleoirí á bhreithniú maidir le hoibreacha cosanta ar thuile ag an mBogán Fionn, Baile Átha Luain ar thaobh Chontae Ros Comáin. In 2021, fuair an Chomhairle tairiscint de mhaoiniú ó Oifig na nOibreacha Poiblí de mhéid €350,000 don tionscadal sin. Tá an treoir dhearaidh le hOifig na nOibreacha Poiblí faoi láthair agus, nuair a chomhaontaítear í, rachaidh sí ar aghaidh go soláthar poiblí.

Tá Scéim Cosanta Tuilte Chora Droma Rúisc á cur chun cinn ag Comhairle Contae Liatroma, an príomhúdarás, i gcomhar le Comhairle Contae Ros Comáin agus le hOifig na nOibreacha Poiblí. Is bailte iad Cora Droma Rúisc agus Corr an Tobair ina bhféadfadh tuilte a tharlú ón tSionainn agus óna craobh-aibhneacha. Tá an t-imscrúdú suímh críochnaithe anois. Tá suirbhéanna comhshaoil séasúracha curtha i gcrích agus tá measúnú á dhéanamh ar na roghanna. Rinne Comhairle Contae Liatroma agus Oifig na nOibreacha Poiblí athbhreithniú ar an Tuarascáil maidir le Samhaltú Hiodrálach agus tá sé iomlán go substaintiúil.

# An Oifig Leathanbhanda

## Feidhmiú céimneach Leathanbhanda Náisiúnta Éireann

Leanadh le hobair le Leathanbhanda Náisiúnta Éireann maidir le dearaí tógála agus iarratais Alt 254 ar phleanáil ar fud an líonra Tá Limistéir Imlonnaithe Bhéal Átha na Sluaighe, Ros Comáin agus Chora Droma Rúisc curtha i gcrích agus tá orduithe á dtógáil le haghaidh naisc nua i ngach ceann de na 3 limistéar. Tá Ceantar Imlonnaithe Bhaile Átha Luain le nascadh go luath in 2023 agus tá Ceantar Imlonnaithe an Chaisleáin Riabhaigh beartaithe níos déanaí in 2023. Tá 19,185 áitreabh san áireamh i bPlean Náisiúnta Leathanbhanda Chontae Ros Comáin. Rinne Comhairle Contae Ros Comáin 837 poliarratas a phróiseáil faoi dheireadh 2022 le 1,047km de chábla thar an ngrinneall. Tá leathanbhanda snáthoptaice ag 6768 (35%) d'áitribh agus tá siad ar fáil lena n-ordú faoi láthair. Tá 59% d'áitribh sa tír le rith faoi dheireadh 2023.

**Tábla 3: Leathadh Amach Leathanbhanda National Broadband Ireland don Chontae**

| Limistéar Imlonnaithe | Áitribh | Stádas | Dáta Réamh-Mheasta don Nascadh |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Luain | 686 | Tógáil Gréasáin ar Bun | Eanáir 2023 - Márta 2023 |
| Béal Átha na Sluaighe | 804 | Ar Fáil le hOrdú | Ar Fáil le hOrdú |
| Beannchar | 92 | Suirbhé ar Feitheamh | Eanáir 2025 - Nollaig 2025 |
| Cora Droma Rúisc | 2470 | Tógáil Gréasáin ar Bun | Samhain 2022 - Nollaig 2022 |
| An Caisleán Riabhach | 3597 | Tógáil Gréasáin ar Bun | Deireadh Fómhair 2023 - Nollaig 2023 |
| Cluain Fada | 645 | Suirbhé ar Feitheamh | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| An Currach Buí | 1720 | Suirbhé Críochnaithe | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| An Damhshraith | 146 | Suirbhé ar Feitheamh | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| Ail Finn | 2460 | Suirbhé Críochnaithe | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| An Goirtín | 1002 | Suirbhé ar Feitheamh | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| Ceis Charraigín | 171 | Suirbhé Críochnaithe | Iúil 2024 - Nollaig 2024 |
| Cnoc Mhuire | 425 | Suirbhé ar Feitheamh | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| Longford | 324 | Tógáil Gréasáin ar Bun | Nollaig 2022 - Feabhra 2023 |
| An Droichead Nua | 159 | Suirbhé ar Feitheamh | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| Baile idir Dhá Abhainn | 26 | Suirbhé ar Feitheamh | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| Rúscaigh | 880 | Suirbhé ar Feitheamh | Eanáir 2025 - Nollaig 2026 |
| Ros Comáin | 3494 | Ar Fáil le hOrdú | Ar Fáil le hOrdú |



**Eochair Stádais:**
- Suirbhé ar Feitheamh
- Suirbhé Ar Siúl
- Suirbhé Críochnaithe
- Tógáil Gréasáin ar Bun
- Ar Fáil le Réamhordú/Ordú

**€76M** INFHEISTÍOCHT

**19K** ÁITRIBH

**4,612** ÁITRIBH A RITHEADH

**1,381** NAISC




Seoladh na Straitéise Digití; Shane Tiernan, an Príomhfheidhmeannach; an Comhairleoir Tom Crosby, Cathaoirleach agus John Freeman, Feidhmeannach Sinsearach Innealtóireachta.




Comhaltaí Tofa agus Baill Foirne ag Seoladh na Straitéise Digití.

### WiFi4EU

Críochnaíodh gach suiteáil Wifi4Eu go luath in 2022. Tá 52 mol Wi-Fi saor in aisce beo anois i gContae Ros Comáin. D'éirigh thar barr leis seo chun Wi-Fi saor in aisce a thabhairt chuig go leor sráidbhailte agus pobail ar fud an chontae.

### Pointí Nasctha Leathanbhanda (BCPanna)

Dámhadh €65,151 don Chomhairle faoin g*Ciste um Moil Nasctha 2022*. Bhí sé sin dírithe ar láithreacha a fheabhsú a bunaíodh mar láithreáin BCP. Is í seo an dara bhliain a bhfuil maoiniú faighte ag an gComhairle do go leor ionad pobail agus BCPanna tríd an tionscnamh seo.

### Eduroam

Is seirbhís fánaíochta é Eduroam le haghaidh úsáideoirí a oibríonn i dtaighde, in ardoideachas agus i mbreisoideachas. Cuireann sé rochtain ar an ngréasán ar fáil leis do thaighdeoirí,. do mhúinteoirí agus do mhic léinn agus iad ag tabhairt cuairt ar institiúid seachas a n-institiúid féin. Éascaíonn sé úsáideoirí rochtain a fháil ar an idirlíon níos fusa tríd an tseirbhís Wi-Fi ag láithreáin éagsúla. Nuair a nascann siad le Eduroam, déantar úsáideoirí Wi-Fi a fhíordheimhniú tríd an institiúid bhaile dá gcuid. Má éiríonn leis an bhfíordheimhniú tugtar rochtain don úsáideoir ar líonra gan sreang Tá rochtain ar Eduroam ar fáil faoi láthair i leabharlanna Mhainistir na Búille agus an Chaisleáin Riabhaigh agus beidh sí ar fáil i leabharlanna uile Chontae Ros Comáin faoi 2023.

## Straitéis Dhigiteach

Is éard atá i gceist le *Straitéis Dhigiteach Ros Comáin 2022-2026* ná treochlár digiteach do Chontae Ros Comáin don chéad 4 bliana eile. Leagtar amach inti na spriocanna digiteacha agus straitéiseacha don chontae chun deiseanna digiteacha a uasmhéadú dá shaoránaigh ar fad sna blianta amach romhainn. Leis an straitéis, leagtar amach an chaoi a dtabharfaidh an teicneolaíocht tacaíocht do Chontae Ros Comáin, agus ina gcuirfidh sí ar chumas an Chontae fás agus forbairt. Dréachtaíodh an straitéis tar éis rannpháirtíocht agus comhairliúchán le baill den phobal agus leis an bpobal gnó i gContae Ros Comáin, le gníomhaireachtaí stáit éagsúla agus le go leor ranna inmheánacha sa Chomhairle. Tá raon cuspóirí/gníomhaíochtaí le seachadadh agus le baint amach idir 2022 agus 2026 ag na 3 phríomhthéama leagtar amach sa straitéis. Sheol an Príomhfheidhmeannach *Straitéis Dhigiteach Ros Comáin 2022-2026* ag Cruinniú Iomlánach na Comhairle i mí na Nollag.

## An Suíomh Gréasáin

Rinneadh táb Leathanbhanda agus Digiteach na Comhairle a uasghrádú agus cuireadh sé le leathanach baile shuíomh gréasáin na Comhairle. Déantar nuashonruithe rialta a phostáil maidir le forbairtí leathanbhanda don chontae.

## SIRO i mBaile Ros Comáin

Chuir Siro tús lena leathadh amach an leathanbhanda snáthoptaice i mbaile Ros Comáin in 2022. Mar thoradh air sin, tá go leor réadmhaoine nasctha le leathanbhanda ardluais sa bhaile agus mórthimpeall air.

# Reiligí

## Oibreacha Caipitil sna Reiligí

Tugadh pleananna chun Reilig Bheaglaoich atá ann cheana a shíneadh chun críche in 2021. I mí Mheán Fómhair 2021, i gcomhréir le riachtanais Chuid 8 de Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), foilsíodh fógra faoin bhforbairt mholta agus cuireadh pleananna agus sonraí ar taispeáint go poiblí. Cuireadh tuarascáil ar phróiseas Chuid 8 i láthair cruinniú de Cheantar Bardasach Bhaile Átha Luain a tionóladh an 18 Eanáir 2022 nuair a d'aontaigh na Baill Tofa gur cheart dul ar aghaidh leis an togra. Cuireadh tús le hoibreacha in 2022 agus críochnófar iad in 2023.

## An Scéim Feabhsaithe agus Cothabhála Reiligí

Leithdháileadh €65,000 don *Scéim Feabhsaithe agus Cothabhála Reiligí* in 2022. Dámhadh deontais do 92 ghrúpa dheonacha.

# Ceadanna le haghaidh Ualaí Neamhghnácha

Caithfidh oibreoirí a bhfuil feithicil nó ualach faoi stiúir acu a thiteann taobh amuigh de na teorainneacha atá ceadaithe ag na Rialacháin um thrácht ar bhóithre (Trealamh Tógála agus Úsáid Feithiclí), 2003, cead a fháil don ghluaiseacht. Tá córas ceadanna á fheidhmiú ag Údaráis áitiúla le haghaidh ualaí neamhghnácha nuair atá coinníollacha maidir le meáchan, airde agus toisí i bhfeidhm ar achair ina n-iomláine nó i bpáirt a tharlaíonn ar bhealaí nach bhfuil clúdaithe ag scéim an Gharda Síochána. Eisíodh 122 Chead le haghaidh Ualaí Neamhghnácha in 2022.

# Ceadúnais chun Bóthar a Oscailt

Tá Ceadúnas chun Bóthar a Oscailt riachtanach do gach tochailt a dhéantar i mbóthar poiblí nó cosán. Déantar gach iarratas ar an mbóthar poiblí a oscailt a chur isteach i dtairseach lárnach den Oifig um Bainistiú Bóithre (www.rmo.ie). Déanann an Chomhairle na ceadúnais do Contae Ros Comáin a phróiseáil ón tairseach sin agus coinníollacha agus táillí a cheangal den cheadúnas. Cuireadh líon iomlán de 470 iarratas nua isteach ar cheadúnas isteach chuig an gComhairle in 2022.

# Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain

Ceapadh sainchomhairleoirí dearaidh, RPS, in 2020.. Cuireadh oifig thionscadail thiomnaithe ar bun i mBéal Átha na Sluaighe, áit ar féidir leis an bpobal idirchaidreamh a dhéanamh le foireann an tionscadail. In 2021, cheap Comhairle Contae Ros Comáin Oifigeach Idirchaidrimh Tionscadail. Bhí an chéad cheann de 4 thréimhse de chomhairliúchán poiblí ar siúl i mí Lúnasa 2020 agus bhí an dara tréimhse de chomhairliúchán poiblí ar siúl i Feabhra/Márta 2021. Cuireadh tús le comhairliúchán poiblí Uimh. 3 an 8ú Nollaig 2021 agus lean sé go dtí an 28ú Feabhra 2022.

Tugadh an *Cód Cleachtais maidir le Glasbhealaigh* chun críche agus bhuail na hOifigigh Idirchaidrimh Tionscadail le líon mór úinéirí talún agus páirtithe leasmhara eile. Tá an droichead rothaíochta trasna na Sionainne i bhfeidhm agus cuirfear i gcrích é faoi Ráithe 2, 2023. Is ionann fad iomlán an tionscadail seo ó Bhaile Átha Luain go Gaillimh lena n-áirítear Nasc Bhéal Átha na Sluaighe agus timpeall is 205km, agus is ionann fad iomlán chuid Ros Comáin den tionscadal agus timpeall is 26km.

Is féidir breathnú ar an Rogha Conaire Bealaigh atá ag Teacht Chun Cinn sa Seomra Comhairliúcháin Fhíorúil ar shuíomh gréasáin an tionscadail:

www.galwaytoathlonecycleway.com.



# Sábháilteacht ar Bhóithre

## Oibreacha Feabhsaithe Sábháilteachta ar Chostas Íseal

In 2022, cuireadh 15 *Scéim Feabhsaithe Sábháilteachta* i gcrích ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ar fud an chontae ó dheontas sonrach ón Roinn Iompair de €377,000 do bhearta sábháilteachta ísealchostais. Fuair an Chomhairle maoiniú breise le haghaidh scéimeanna ar leith ar bhealaí náisiúnta.

## Comórtas Bliantúil do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre

An 4 Bealtaine 2022, bhí na *Gradaim don Chomórtas Bliantúil do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre* ar siúl in Ionad Ealaíon Ros Comáin. Comhthionscnamh atá ansin idir Oifig Sábháilteachta ar Bhóithre na Comhairle agus an tAonad Póilíneachta Pobail ag Ceantar Ros Comáin an Gharda Síochána. Is é is aidhm don chomórtas feasacht a chruthú agus a chur chun cinn i measc pháistí bunscoile maidir leis an tsábháilteacht ar bhóithre. Fuarthas 267 iontráil ar an iomlán ó dhaltaí i rang 5 agus rang 6 ag ionadú 19 bhunscoil.










Sa phictiúr a tógadh ag searmanas an *Chomórtais do Phóstaeir maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre* tá buaiteoirí na ngradam Adele Kezyte, St Comán's Wood, Ros Comáin; Áine Fallon, Scoil Náisiúnta Baile an tSléibhe; Olivia Hussey, Scoil Náisiúnta Lisaniskey agus Saoirse Towey, Gaelscoil de hÍde, Ros Comáin. Sa phictiúr freisin tá an Comhairleoir Orla Leyden, Leas Cathaoirleach, Comhairle Contae Ros Comáin; Garda John O'Connor; Kate Crehan (Múinteoir); Mairéad McKeon, Comhairle Contae Ros Comáin; an Cigire David Cryan; John Mockler, Comhairle Contae Ros Comáin; David Hussey; Ena Fallon agus Fergal Towey.

# Pleanáil

## Mar an tÚdarás Pleanála reachtúla, cinntíonn an Chomhairle pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe i gContae Ros Comáin.

Áirítear ar phríomhfhreagrachtaí na Roinne Pleanála pleanna a ullmhú a chuireann chun cinn agus a éascaíonn forbairt pobail agus fiontar inbhuanaithe agus ag an am céanna cosaint oidhreacht nádúrtha agus thógtha an chontae a chinntiú; bainistiú forbartha (lena n-áirítear comhairle réamhphleanála a chur ar fáil agus iarratais phleanála a mheasúnú agus a chinneadh) agus forfheidhmiú pleanála maidir le forbairtí neamhúdaraithe nó forbairtí nach bhfuil comhlíontach de réir pleanála. Pléann an Chomhairle freisin le forbraíochtaí tithíochta neamhchríochnaithe mar chuid den phróiseas den Chomhairle a bheith i gceannas amach anseo ar na forbraíochtaí sin.

## Bainistíocht Forbartha

Fuarthas 682 iarratas ar phleanáil in 2022. Tionóladh 225 plé réamhphleanála san iomlán i rith na bliana.

## Forfheidhmiú Pleanála

Cuimsítear i bhforfheidhmiú pleanála gníomhaíocht forfheidhmiúcháin, réiteach forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe agus bailiú ranníocaíochtaí forbartha.

### Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin

De réir Chuid VII , den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), is cion é forbairt neamhúdaraithe a dhéanamh. San fhaisnéis thíos léirítear na céimeanna éagsúla de ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin ar tugadh fúithi in 2022 i ndáil le forbairt neamhúdaraithe líomhnaithe.

- Fuarthas 89 **Gearán Forfheidhmithe Pleanála**;
- Seirbheáladh 71 **Litir Rabhaidh**;
- Seirbheáladh 16 **Fógra Forfheidhmiúcháin**;
- Cuireadh tús le **Gníomh Dlí** in 1 chás forfheidhmithe amháin

**Tábla 1: Iarratais ar Phleanáil 2018-2022**

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iarratais a Fuarthas** | 665 | 671 | 573 | 723 | 682[1] |
| **Cinntí maidir le Deonú** | 433 | 410 | 331 | 417 | 376[1] |
| **Cinntí maidir le Diúltú** | 34 | 46 | 51 | 60 | 62[2] |
| **Ráta Diúltaithe** | 7.8% | 11.2% | 15.4% | 12.6% | 14.16% |
| **Líon na nAchomharc** | 13 | 16 | 17 | 17 | 23 |
| **Achomhairc ar sheas an Bord Pleanála leo** | 6 | 9 | 11[3 4] | 8[5] | 2[6] |

1 Áirítear leis sin iarratais bhailí agus neamhbhailí ar phleanáil; ní áirítear leis Síneadh ar Fhad de chuid Alt 42 agus forbairt Chuid 8.

2 Ní bhaineann sé seo le Cinntí ar iarratais S.42

3 Rinneadh staitisticí achomhairc 2018-2020 a nuashonrú chun gach cinneadh a léiriú.

4 Rinneadh 17 cás a achomhairc in 2020, agus rinneadh 2 chás a tharraingt siar ina dhiaidh sin; 15 chás cinnte.

5 Rinneadh 17 cás a achomhairc in 2021. 13 cinnte go dtí seo, le cinneadh na Comhairle coinnithe i 9 gcás (69%).

6 Rinneadh 23 cás a achomhairc in 2022 . 2 cinnte go dtí seo.

## Forbairtí Tithíochta Neamhchríochnaithe a Réiteach

Faoi dheireadh 2022, bhí thart ar 108 fhorbraíocht tithíochta i Ros Comáin nár tugadh faoi chúram Measadh 80 díobh sin a bheith neamhchríochnaithe go pointe áirithe.


Leanadh leis an obair in 2022 chun forbairtí tithíochta neamhchríochnaithe a réiteach sa chontae trí rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe ábhartha chun pleananna agus oibreacha réitigh láithreán a aontú agus a chur chun feidhme. Glacadh 12 fhorbraíocht tithíochta faoi chúram le linn na bliana Bhí 28 bhforbraíocht eile críochnaithe ach níor tugadh ar aghaidh iad go dtí an bpointe nuair a glacadh faoi chúram iad.


## Ranníocaíochtaí Forbartha a Bhailiú

Gearradh ranníocaíochtaí forbartha ar iarratais ar phleanáil i gcomhréir leis an *Scéim um Ranníocaíochtaí Forbartha 2014* (arna leasú 2020) arna glacadh.

**Tábla 2: Ranníocaíochtaí Forbartha**

| | 2021 | 2022 |
|---|---|---|
| **Ranníocaíochtaí a sonrascadh** | €1,098,906 | €563,608 |
| **Ranníocaíochtaí a fuarthas** | €657,693 | €657,554 |




# Réamhphleanáil

Tháinig próiseas ullmhúcháin *Plean Forbartha Contae Ros Comáin (RCDP) 2022-2028* chun críche ag Cruinniú Speisialta de chuid na Comhairle an 8 Márta 2022. Bhreithnigh na Baill Tofa moltaí *Thuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le hAighneachtaí a Fuarthas ar Athruithe Ábhartha Molta ar an Dréacht-RCDP* go foirmiúil agus chomhaontaigh siad go ndéanfaidh siad an plean. Tháinig an *RCDP* i bhfeidhm 4 seachtaine ina dhiaidh sin.

D'iompaigh an bhéim ansin i dtreo obair réamh-dhréachta ar *Phleananna Limistéir Áitiúla (LAPanna)* i gcás Ros Comáin agus Mainistir na Búille. Ullmhaíodh *Páipéir Saincheisteanna* chun eolas a dhéanamh don phróiseas comhairliúcháin phoiblí réamh-dhréachta ar gach ceann díobh. Reáchtáladh comhairliúcháin phoiblí ón 30 Meitheamh go dtí an 29 Iúil 2022. Iarradh ar phobail i Ros Comáin agus i Mainistir na Búille a mbarúil a thabhairt ar an gcaoi ar mian leo a gcuid bailte a fhorbairt. Fuarthas 11 aighneacht mar chuid den chomhairliúchán réamh-dhréachta maidir le *LAP Bhaile Ros Comáin* agus fuarthas 9 n-aighneacht ar *LAP Mhainistir na Búille*. Ullmhaíodh tuarascálacha achoimre neamhreachtúla ar thorthaí na bpróiseas comhairliúcháin agus scaipeadh iad ar na Comhaltaí Tofa mar eolas. Áiríodh le hobair eile fostú sainchomhairleoirí chun tuarascálacha comhshaoil éigeantacha a dhéanamh ar gach plean lena n-áirítear Measúnú Straitéiseach Riosca Tuile, Measúnú Cuí agus Measúnacht Straitéiseach Comhshaoil.

Tugadh faoi obair a bhain le tabhairt isteach an tionscnaimh um Cháin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe (CTCC) sa dara leath den bhliain. Tugadh an CTCC isteach leis an Acht Airgeadais 2021. Tiocfaidh an cháin sin in ionad an tionscnaimh Tobhaigh ar Láithreáin Folamh atá ann faoi láthair in 2024. Tá na Coimisinéirí Ioncaim freagrach as é a riar. Tá ról an údaráis áitiúil teoranta do thascanna sonraithe atá leagtha amach sa reachtaíocht agus sna *Treoirlínte d'Údaráis Phleanála um Cháin ar Thalamh Chriosaithe Chónaithe* (An Roinn Tithíochta, Údaráis Áitiúil agus Oidhreachta, Meitheamh 2022). I measc na bpríomhghnéithe oibre tá táirgeadh léarscáileanna chun 'tailte faoi raon feidhme' an CTCC a shainaithint agus aighneachtaí a fhaightear le linn na bpróiseas comhairliúchán poiblí a mheasúnú agus a chinneadh. Chuathas i mbun obair fhairsing suirbhé chun 'tailte faoi raon feidhme' a shainaithint de réir na gcritéar atá leagtha amach san Acht Airgeadais. D'oibrigh an fhoireann um Phleanáil Chun Cinn i gcomhar le hOifigeach GIS na Comhairle chun dréacht-léarscáileanna a fhorbairt a shainaithníonn 'tailte faoi scóip'. Foilsíodh na dréacht-léarscáileanna an 1 Samhain 2022, ag tús an phróisis chomhairliúcháin phoiblí 2 mhí.



# Seirbhísí Éigeandála, Oifig Stiúrthóireachta Rialaithe Tógála, Na Nealaíon, Seirbhíse Leabharlainne, Oidhreachta, Turasóireachta, Tionscadal Athnuachana & Speisialta Agus Fiontair Áitiúil

# Seirbhísí Éigeandála

I measc Sheirbhísí Éigeandála Chomhairle Contae Ros Comáin tá a gcuid seirbhísí Dóiteáin, Bainistithe Éigeandála agus Cosanta Sibhialta.

## Seirbhísí Dóiteáin

Is í Comhairle Contae Ros Comáin an tÚdarás Dóiteáin reachtúil do Chontae Ros Comáin. Cuireann sí seirbhís briogáide dóiteáin ar fáil agus bíonn sí i mbun réimse feidhmeanna sábháilteachta dóiteáin agus forfheidhmithe.

### Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

Soláthraítear oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin trí Chóras um Bainistíocht Sláinte agus Sábháilteachta Ceirde ISO 45001 creidiúnaithe ag NSAI.

Cuireadh aonaid briogáide dóiteáin ina bhfostaítear 45 comhraiceoirí dóiteáin coimeádta páirtaimseartha ó Bhaile Ros Comáin, ó Bhealach an Doirín, ó Mhainistir na Búille, ó Ail Finn agus ó Bhéal na mBuillí ar a n-airdeall 294 huaire le linn 2022. Cuireadh briogáidí ó Bhéal Átha na Sluaighe, ón gCreagán agus ó Bhaile Átha Luain ar a n-airdeall 77 uair maidir le teagmhais i Ros Comáin Theas. Ina theannta sin, d'fhreastail briogáidí ó Mhaigh Eo, Liatroim agus Longfort ar 66 eachtra i gContae Ros Comáin le linn 2022.

D'fhreastail Seirbhísí Dóiteáin Ros Comáin ar roinnt teagmhas tromchúiseach freisin ag teaghaisí príobháideacha, ag áitribh thráchtála, agus ag imbhuailtí tráchta ar bhóithre le linn 2022.

### Sábháilteacht agus Ceadúnú Dóiteáin

Éilítear ar an tSeirbhís Dóiteáin tuairiscí sábháilteachta dóiteáin a sholáthar tar éis iniúchtaí le haghaidh iarratas ar cheadúnas na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche le haghaidh áitribh siamsaíochta poiblí, clárú stóras pléascán ag an nGarda Síochána, agus ceadúnais substaintí contúirteacha builc agus siopaí miondíola breosla (peitril agus díosail). Rinne Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin 58 cigireacht reachtúla ar shábháilteacht dóiteáin ar réadmhaoin phoiblí le linn 2022.

## Bainistíocht Éigeandálaí

Éascaíonn Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin ullmhú an *Phlean um Móréigeandálaí* agus cur chun feidhme na freagrachta gaolmhaire ón gComhairle agus ó ghníomhaireachtaí freagartha eile (an Garda Síochána agus Seirbhís Otharcharranna FSS).



Seirbhís Dóiteáin Ros Comáin i bhFeidhm.

# Cosaint Shibhialta

## Freagairt Leighis

I measc na gcúrsaí oiliúna arna gcur i gcrích ag os cionn 40 oibrithe deonacha cosanta sibhialta in 2022, bhí cúrsaí CFR (Céad Fhreagartha Cairdiach), CFRA (Céad Fhreagartha Cairdiach), FAR (Garchabhair), Láimhsithe Sábháilte agus Bogtha Daoine. Reáchtáladh oiliúint Dul Siar ar CISM (Bainistíocht Strus Teagmhais Chriticiúil) le linn na bliana freisin.

## Cuardach agus Tarrtháil

Chríochnaigh breis agus 20 oibrí deonach oiliúint ar Theastas Duine ar Iarraidh in 2022. Cháiligh 1 oibrí deonach amháin mar Theagascóir Cuardaigh freisin. Ghlac Cosaint Shibhialta Ros Comáin páirt i 9 n-oibríocht cuardaigh le haghaidh daoine ar iarraidh. Tharla 6 cinn de na hoibríochtaí seo i gContae Ros Comáin agus thug oibrithe deonacha tacaíocht freisin do 3 oibríocht i gContae Mhaigh Eo. Bhí 1,000 uair dheonach i gceist leis na hoibríochtaí sin.

Rinne Cosaint Sibhialta Ros Comáin cleachtadh cuardaigh agus tarrthála freisin ag Cladach Doon. Sa chleachtas sin, samhlaíodh cásanna a bhféadfadh oibrithe deonacha aghaidh a thabhairt orthu i ndáiríre. Áiríodh leis gach gné de ghníomhaíochtaí cuardaigh agus tarrthála lena n-áirítear oibríochtaí báid, cumarsáid agus freagairt leighis.



Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta i mbun Cleachtadh Cuardaigh



An Chosaint Shibhialta ag Samhlú Oibríocht Cuardaigh agus Tarrthála ag Cladach Doon.



Oibrithe Deonacha i mbun Oiliúint Inniúlachta Seaicéad Tarrthála.

## Oibríochtaí Báid

Thacaigh criú báid na Cosanta Sibhialta le 4 oibríocht cuardaigh ar uisce. Ar a bharr sin, bhí baint ag criú an bháid le 3 oibríocht tarrthála, a d'iarr Ionad Comhordaithe an Gharda Cósta ag Cionn Mhálanna, chun cabhrú le cúrsóirí a raibh deacrachtaí acu ar an tSionainn. Cuireadh oiliúint Inniúlachta Seaicéad Tarrthála agus oiliúint Dul Siar ar 16 oibrithe deonacha



Oibrithe Deonacha ag glacadh páirt in Oibríochtaí Báid.

## Práinnfhreagairt

Chuir Cosaint Shibhialta Ros Comáin tacaíocht ar fáil don Chomhairle le haghaidh an ionaid Úcránaigh i nDún Iomáin. Leis sin, cuidíodh lena bhunú agus cuireadh cumhdach leighis ar fáil.

## Faireachán Radaíochta

I mí Dheireadh Fómhair 2022, bhí oibrithe deonacha páirteach i gcleachtadh náisiúnta monatóireachta radaíochta ag tógáil samplaí ó 2 shuíomh sa chontae a seachadadh chuig saotharlann an GCC i gCaisleán an Bharraigh le haghaidh tástála.

## Cúnamh Pobail

Le linn 2022, rinne Cosaint Shibhialta Ros Comáin breis is 90 dualgas, lenar bhain breis is 500 uair d'obair dheonach. Cumhdaíodh peil, iománaíocht, rásaíocht capaill, clinic fola agus imeachtaí carthanachta leis na dualgais sin. Ar 2 cheann de na himeachtaí is mó a clúdaíodh bhí an cheolchoirm *Night and Day* sa Chaisleán Riabhach agus sa *Carrick Camino*. Ghlac Cosaint Shibhialta Ros Comáin páirt freisin i 2 pharáid le linn 2022 agus d'fhreastail siad ar *Lá Oscailte Mhuintir na Polainne*.

## Earcaithe Nua, Oifigeach Cosanta Sibhialta agus Uasghrádú ar an bhflít.

Chuaigh 10 earcach nua isteach i seirbhís Cosanta Sibhialta Ros Comáin in 2022 agus ceapadh Oifigeach Cosanta Sibhialta nua. Cuireadh Hyundai Tucson le flít na seirbhíse.

# Rialú Foirgníochta

**Is í Comhairle Contae Ros Comáin an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta reachtúil do Chontae Ros Comáin agus déanann sí an Córas Rialaithe Foirgníochta a riar.**

Déantar foráil sna Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta 1997–2015 i leith cúrsaí nós imeachta, riaracháin agus rialaithe chun chur chun feidhme cheanglais na Rialachán Rialaithe Foirgníochta agus a gcomhlíonadh a chinntiú. Tá feidhm ag na rialacháin sin go ginearálta maidir le foirgnimh úra agus foirgnimh atá ann cheana lena gcuirtear síneadh, ar a ndéantar athrú ábhartha nó a ndéantar athrú ábhartha ar a n-úsáid.

## Fógraí um Thosach Feidhme

In 2022, phróiseáil an tAonad Rialaithe Foirgníochta 230 Fógra um Thosach Feidhme le haghaidh 251 fhoirgneamh. Cuirtear fógraí um thosach feidhme isteach i 4 chineál éagsúla mar a leanas:

- Fógraí um Thosach Feidhme um Rogha an Diúltaithe;
- Fógraí um Thosach Feidhme le Doiciméid;
- Fógraí um Thosach Feidhme Gearrfhoirme, agus
- Fógraí 7 Lá.

## Cigireachtaí

B'ionann an céatadán de chigireachtaí ar fhoirgnimh nua do 2022 agus 18.3%. Eisíodh 10 n-iarratas lenar éilíodh go gcuirfí faisnéis isteach chun a thaispeáint gur comhlíonadh na Rialacháin Rialaithe Foirgníochta. Seoladh roinnt comhfhreagras comhairleach freisin inar leagadh béim ar ghníomhartha a theastaíonn ó úinéirí / ó dhearthóirí / ó dheimhnithe sannta.

## Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú

Rinneadh 25 iarratas Deimhniú Comhlíontachta ar Chríochnú in 2022. Rinneadh 21 iniúchadh amhairc teoranta ar shuíomhanna a mhéid a bhaineann leis na hiarratais seo.

## Deimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin

Fuarthas 52 iarratas nua ar Dheimhnithe um Shábháilteacht Dóiteáin faoi reachtaíocht Rialaithe Tógála le linn 2022.

## Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas

Is ionann Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus teastas a dheonaíonn an tÚdarás Rialaithe Foirgníochta lena ndeimhnítear comhlíonadh deartha oibreacha áirithe [e.g. foirgnimh úra (seachas tithe cónaithe), agus roinnt síntí ar fhoirgnimh agus roinnt athruithe ábhartha ar fhoirgnimh (seachas tithe cónaithe)] maidir le ceanglais Chuid M de na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta. Cuireadh 36 n-iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas agus 2 iarratas ar Theastas Rochtana Athbhreithnithe do Dhaoine faoi Mhíchumas in 2022. Rinneadh 13 chigireacht ar láithreáin maidir leis na hiarratais sin.

## Gníomhaíocht Forfheidhmiúcháin Eile

Is í an Chomhairle an t-údarás forfheidhmiúcháin ainmnithe freisin maidir le comhlíonadh na reachtaíochta a leanas a chinntiú:

- Margaíocht táirgí foirgníochta i gcomhréir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Táirgí Foirgníochta) 2013 (S.I Uimh. 225 de 2013); Aguisín I;
- Deimhnithe Rátála Fuinnimh Foirgnimh le haghaidh foirgneamh ar aon dul le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2012 (I.R. Uimh. 243 de2012); Aguisín II.
- Clárú foirgneamh ilstórach chun críocha an Achta Rialtais Áitiúil (Foirgnimh Ilstóracha) 1988.

# Na hEalaíona

## An Oifig Ealaíon

**In 2022, lean an Oifig Ealaíon leis na healaíona a thacú, a spreagadh agus a chothú, trína bhforbraítear comhpháirtíochtaí agus trína ndéantar obair chomhoibritheach le healaíontóirí, le gníomhaireachtaí agus le pobail i réimsí amhail ceol, scannáin, amharcealaíona, rince, litríocht, amharclannaíocht, ealaín phoiblí agus níos mó eile.**

Tá clár bliantúil na hOifige Ealaíon maoinithe ag Comhairle Contae Ros Comáin agus Comhairle Ealaíon na hÉireann. Fostaíodh Comhordaitheoir Ealaíne Poiblí agus Rannpháirtíochta in 2022 ar chonradh 3 bliana, arna pháirtmhaoiniú ag *Scéim Foirne Speisialaithe* de chuid na Comhairle Ealaíon. Tacaíodh le healaíontóirí trí ghradaim, sparánachtaí, cónaitheachtaí, coimisiúin, deiseanna oiliúna agus líonraithe le cleachtais agus tionscadail ealaíon ag breathnú níos mó agus níos mó ar chomhionannas, éagsúlacht, cuimsitheacht agus gníomhaíochtaí aeráide. Ba é Ronan Guilfoyle an dara duine a fuair *Coimisiún Pianó i dTeach King* a léirigh triúr ceoltóirí den chéad uair le linn *Fhéile Ealaíon Mhainistir na Búille* i mí Iúil. Tháinig comhpháirtíochtaí chun cinn leis an Ionad Ceoil Comhaimseartha, Music Network agus WRAP.

Cuireann cláir imeachtaí poiblí amhail *Oíche Chultúir*, *Féile na Bealtaine* agus an *Clár Forbartha Liteartha* rannpháirtíocht chun cinn idir ealaíontóirí an chontae agus an pobal le deiseanna breise curtha ar fáil ag comhpháirtíochtaí le *Age and Opportunity, First Fortnight, Éigse Éireann, Féile na nEalaíon, Mainistir na Búille, Féile Filíochta Idirnáisiúnta Bhéal na mBuillí*, Roscommon Herald agus Cumann Oifigeach Ealaíon na nÚdarás Áitiúil. Reáchtáladh 21 imeacht ar fud an chontae le beagnach 400 oirfideach, cruthaitheoir agus teicneoir fostaithe ag *Roscommon Local and Live*, arna mhaoiniú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin *Scéim um Chláir Léirithe Beo Áitiúil*.



Picnic in the Courtyard, Teach King, Mainistir na Búille, *Roscommon Local and Live*, Bealtaine 2022.



An t-ealaíontóir Malachy Costello ag McGahern Barracks, in Uachtar Thíre, Oíche Chultúir 2022.

Faoin *Scéim um Rannpháirtíocht sna hEalaíona*, chuir ealaíontóirí ar Phainéal Ealaíontóirí na Comhairle tionscadail i gcrích. Mar thoradh ar phleanáil, oiliúint, ríomhchlárú agus maoiniú le haghaidh cuimsiú sna healaíona, forbraíodh an clár *CARE* (Aosú Cruthaitheach i Ros Comáin) agus tugadh isteach *Cónaitheachtaí Tithe Altranais* de chuid FSS in 2022. D'oibrigh an Oifig Ealaíon go dlúth le seirbhísí FSS o dhaoine scothaosta; Coláiste San Aingeal, Sligeach; Bráithre na Carthanachta; Tithe Altranais; Grúpa Míchumais Ros Comáin agus go leor eile.



*CARE* – Aosú Cruthaitheach i Ros Comáin.



Seoladh *Threading the Táin* ag Áras an Chontae, Ros Comáin, Meitheamh 2022 le hEalaíontóirí Taipéise; Rhona McGrath, Oifigeach Ealaíon, Mary Smyth, Comhordaitheoir Poiblí Ealaín agus Rannpháirtíochta agus Áine Butler.

Cruthaíonn cláir ealaíon don aos óg eispéiris spreagúla agus inrochtana do na mílte leanaí agus daoine óga, lena gcinntítear go bhfanann a nguthanna ag croílár na pleanála leanúnaí agus cur i bhfeidhm clár ar nós *Ealaíontóirí i Scoileanna*, *Amharclann Óige Chontae Ros Comáin*, *Music Generation Ros Comáin* agus *Cruinniú na nÓg*, Lá náisiúnta na hÉireann um chruthaitheacht in aisce do dhaoine óga.

Baineadh an méid seo a leanas amach mar gheall ar rannpháirtíocht na hOifige Ealaíon i roinnt clár caipitil i gcomhar le hAonaid Athnuachana agus Turasóireachta na Comhairle:

- *Scéim um Spásanna Poiblí Faoin Aer* – Páirc Somers, An Caisleán Riabhach;
- *Scéim Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte* – Coimisiúin na nEalaíon Poiblí Chnoc an Chrochaire;
- *An Scéim um Bhonneagar Áineasa Faoin Aer (ORIS)* – Béal Átha Liag; 2 dealbh coimisiúnaithe;
- *Destination Town* - Slí Dhealbhóireachta Mhainistir na Búille; 5 dhealbh coimisiúnaithe;
- *An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (RRDF)* – Taispeántais agus Eispéireas Custaiméara ag Teach King, Mainistir na Búille, a Athshamhlú.




Múrphictiúr, Cnoc an Chrochaire leis an Ealaíontóir ADW.

Tá príomhról ag an Oifig Ealaíon i bhforbairt agus i seachadadh na gclár *Éire Ildánach* agus *Deich mBliana na gCuimhneachán* trí obair Fhoireann Cultúir na Comhairle agus an iliomad tionscadal idir daoine cruthaitheacha agus pobail ar fud an chontae a chomhordú. Is féidir cur síos a dhéanamh ar an bhFoireann Cultúir mar fhoireann de ghníomhairí cultúrtha áitiúla, ag feidhmiú mar chuid de struchtúr an údaráis áitiúil, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le pobal níos leithne de chleachtóirí, oideachasóirí, daoine cruthaitheacha agus lucht féachana chun creat a sheachadadh do chultúr agus cruthaitheacht ar fud Chontae Ros Comáin. Cuimsítear inti ionadaithe ó Aonaid Ealaíon, Oidhreachta, Turasóireachta, Leabharlainne agus OFÁ na Comhairle agus ó Oifig náisiúnta Éire Chruthaitheach sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán. Ghlac an Chomhairle *Straitéis Cultúr agus Cruthaitheachta 2023-2027* chun forbairt chultúrtha agus cruthaitheacht a chur chun cinn laistigh den chontae.



Ceolfhoireann Óige Chontae Ros Comáin agus Clár Scoile Náisiúnta Práis Music Generation ag seinm le linn *Sunday Sounds* ag Ionad Ealaíon Ros Comáin, Meán Fómhair 2022.

## An tIonad Ealaíon

### In 2022, chuir an tIonad Ealaíon clár ilghnéitheach ar fáil inar cuimsíodh 117 léiriú beo agus 7 dtaispeántas le lucht féachana níos mó ná 100,000 duine.

A bhuí le breis maoinithe ón gComhairle Ealaíon agus tacaíocht ó *Éire Ildánach*, bhí an tIonad Ealaíon in ann sraith tacaíochtaí a fhorbairt agus a sholáthar d'ealaíontóirí agus lucht na n-ealaíon trí shraith de chónaitheachtaí faoi chomhairle mheantóra, coimisiúin, léirithe, tionscadail agus deiseanna plé leis an bpobal.

I measc na dtionscadal a d'éirigh go geal leo in 2022 bhí *MÁM* le Teac Damsa, dráma le Julie Sharkey dar teideal *An Ant Called Amy*, an tionscnamh *AIR (Ealaíontóir Cónaithe), Ealaíontóir ar m'Fhaiche* agus an tionscnamh nua *10 Nóiméad i mbun Ealaíne*. Thug an tIonad Ealaíon cuireadh do Chompántas Amharclannaíochta an Druid teacht ar stáitse arís i mí an Mheithimh leis an dráma *The Cavalcaders*. Reáchtáladh *Comhdháil Roderic O'Conor* i mí Mheán Fómhair fad is a bhí an taispeántas *Interconnections* 4 ar siúl ar feadh 6 seachtaine i gcocús an ionaid. Reáchtáladh *Fuaimrian an Domhnaigh* i gcomhar le h*Aos Ceoil*.



Radharc ó léiriú de *Mám*.

### Mám

Mar chuid de Líonra Nomad, chuir Ionad Ealaíon Ros Comáin 2 léiriú de *Mám* ar stáitse san Lárionad Spóirt i Mainistir na Búille i gcomhpháirtíocht le hAmharclann Hawkswell, Co. Shligigh. Craoladh an clár faisnéise Teac Damsa faoi dhéanamh an chláir ar Teilifís RTÉ ag tús mhí Feabhra 2023.



Radharc ó *An Ant Called Amy.*

### An Ant Called Amy

Agus é i ndráma do pháistí, ba í an t-aisteoir Julie Sharkey a chéadcheap *An Ant Called Amy* agus a seal á chur isteach aici mar 'Ealaíontóir Amharclainne Cónaithe' in Ionad Ealaíon Ros Comáin (2017/2018). Le linn seo, cuireadh leagan idir lámha den dráma ar stáitse mar chuid d'*Fhéile Léitheoirí Craosacha Leabhar*. Lean Julie uirthi i mbun an saothar a fhorbairt agus tacaíocht aici ó mheantóirí an Ionaid Ealaíon, ón gComhairle Ealaíon, ó mheantóirí Martin Drury agus Mikel Murfi, agus ón gclár *Éire Ildánach Ros Comáin*. Cuireadh an seó ar an stáitse den chéad uair mar chuid de Chlár *Cruinniú na nÓg* 2021 an Ionaid agus léiríodh 2 sheó i mí Dheireadh Fómhair 2022.




*Ealaíontóir ar m'Fhaiche.*

### Ealaíontóir ar m'Fhaiche

I samhradh na bliana 2022, sheol an tIonad Ealaíon tionscnamh nua *Ealaíontóir ar m'Fhaiche*, Clár Cónaitheachta Samhraidh ar dearadh é chun ealaíontóirí a thabhairt isteach i 3 chomharsanacht, eastáit tithíochta nó forbairtí tithíochta i Ros Comáin. Le linn tréimhse 6 seachtaine, 1 tráthnóna amháin sa tseachtain, chuir ealaíontóirí rannpháirteacha iad féin ar bun i spás glas comharsanachta/limistéar pobail agus luigh siad isteach ar a gcuid oibre sa phreab-spás seachtainiúil seo fad is a rinne siad plé leis an bpobal áitiúil. D'éirigh Emma Brennan ina ball de Chumann Cónaitheoirí Bhaile na Mainistreach, d'éirigh Siobhan-Cox Carlos ina ball de Chumann Cónaitheoirí na Roschoille agus d'éirigh Sarah Ellen Lundy de Chumann Cónaitheoirí Chúirt an Tóchair.




*10 Nóiméad i mBun Ealaíne*

## 10 Nóiméad i mBun Ealaíne

Ba thionscnamh nua é *10 Nóiméad i mBun Ealaíne a* forbraíodh go sonrach do lucht féachana ealaíne neamhamhairc ar oícheanta roghnaithe a raibh taibhiú ar siúl ar mhaithe le cabhrú leo a mbealach a dhéanamh trí sheónna. Ba iad coimeádaí Naomi Draper, ealaíontóirí agus oideoirí a reáchtáil na seónna seo.

## The Cavalcaders


I mí an Mheithimh 2022, ba é an tIonad Ealaíon an láthair inar chuir Compántas Amharclannaíochta an Druid léiriú díolta amach de *The Cavalcaders* ar siúl mar chuid dá Chamchuairt timpeall na hÉireann.




*The Cavalcaders* by the Druid Theatre Company.

## Comhdháil in ómós do Roderic O'Conor


D'óstáil an tIonad Ealaíon comhdháil lae iomlán ina ndearnadh réimse leathan cur i láthair ó shaineolaithe idir idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúla, in éineacht le léachtóirí agus staraithe na healaíne agus go leor gnéithe de shaol agus de ghairm bheatha Roderic O'Conor idir chamáin acu.




*Comhdháil in ómós do Roderic O'Conor*

## Sunday Sounds

Ba chomhfhiontar é *Fuaimrian an Domhnaigh* idir Ionad Ealaíon Ros Comáin agus *Aos Ceoil Ros Comáin* do 2022. Ceapadh é chun deis a thabhairt do cheoltóirí óga Ros Comáin seinm os comhair lucht éisteachta beo. I measc na gceolchoirmeacha dé-mhíosúla a cuireadh ar siúl bhí seisiúin amhránaíochta agus cheoil ó mhic léinn *Aosa Ceoil* ó cheann ceann an chontae.




*Sunday Sounds.*

# An tSeirbhís Leabharlainne




An leabharlann taistil ag Muileann Ail Finn.

**Chuir Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Ros Comáin raon d'acmhainní agus de sheirbhísí ar fáil le linn 2022. Thacaigh an tSeirbhís le riachtanais úsáideoirí ar fud an chontae trí líonra de leabharlanna brainse, tríd an tseirbhís leabharlainne taistil agus trí sheirbhísí ar líne a sholáthar. Tugadh seirbhísí nua isteach ar mhaithe le tacú le húsáideoirí leabharlainne a bhfuil riachtanais bhreise acu leas a bhaint as seirbhísí leabharlainne agus reáchtáladh ar fud an chontae cláir a bhí ag cur thar maoil le himeachtaí.**

## Soláthar Seirbhísí

Leanadh le seirbhísí leabharlainne a chur ar fáil ag ionaid seirbhíse agus trí bhíthin na leabharlainne taistil i rith na bliana. Reáchtáil an tSeirbhís Leabharlainne clár imeachtaí ina raibh an t-uafás ar siúl, idir imeachtaí i bpearsa agus imeachtaí ar líne. Lean siad orthu i mbun réimse leathan de sheirbhísí ar líne a sholáthar d'úsáideoirí leabharlainne.

Agus deireadh le hoibreacha athchóirithe, d'oscail leabharlann Bhéal na mBuillí don phobal arís i mí an Mheithimh. Bhí uaireanta oscailte feabhsaithe ag an leabharlann ar athoscailt di. Ó osclaíodh arís í, tá nach mór 10,000 duine tar éis cuairt a thabhairt ar an leabharlann agus 6,500 earra geall leis faighte ar iasacht acu. Iad ag freastal ar imeachtaí, leis, agus leas á bhaint acu as an spás ríomhaireachta agus staidéir. Is ionann é sin agus méadú 126% ar chuairteanna agus méadú 187% ar iasachtaí i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019.



Leabharlann Bhéal na mBuillí á hathoscailt go hoifigiúil.

## Straitéisí Forbartha Leabharlainne

Cuireadh seirbhísí leabharlainne ar fáil in 2022 i gcomhréir leis na straitéisí agus moltaí i leith seirbhísí lárnacha a leagadh amach san fhoilseachán *Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Thabhairt Le Chéile agus a Chumasú*. Cuirfear *Plean Forbartha Leabharlann* nua 5 bliana ar fhad i gcrích in 2023 tar éis do straitéis náisiúnta nua 5 bliana ar fhad i leith leabharlanna poiblí a fhoilsiú.

## Tacaíochtaí Maoinithe

Baineadh leas as tacaíochtaí maoinithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ó *Chiste na gCuntas Díomhaoin* chun tacú le bailiúchán iasachtaí nua dar teideal *Sense-Ability* a chur ar bun mar chuid de chomharthionscadal in éineacht le Seirbhísí Leabharlainne Shligigh agus Liatroma. Cuireadh Clúid chéadfach isteach i Leabharlann an Chaisleáin Riabhaigh agus tacaíocht chuige sin á fáil i bhfoirm maoinithe ón g*Ciste um Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas agus Aird an Phobail a Tharraingt ar Mhíchumas* trí bhíthin na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

I mí na Samhna 2022, d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Heather Humphreys TD, go mbronnfaí maoiniú de €4.35m d'fhonn Leabharlann Pobail nua a fhorbairt i Mainistir na Búille. Agus í suite taobh thiar den iar-Royal Hotel, beidh an leabharlann nua ag amharc amach ar shiúlóid na habhann i gCeathrú Cultúrtha Theach an Rí. Agus teacht éasca uirthi, beidh sí solúbtha agus oiriúnach do sheirbhísí nuálacha leabharlainne a sholáthar sna blianta amach romhainn. Le cois gnáthsheirbhísí leabharlainne, i measc na n-áiseanna á dtairiscint sa leabharlann ilfheidhmeach nua beidh spásanna inar féidir cruinnithe, ceardlanna agus imeachtaí a chur ar siúl, chomh maith le spásanna teicneolaíochta agus taighde agus spásanna céadfacha laistigh agus amuigh faoin aer.

Bhain an tseirbhís leabharlainne leas as tacaíocht ó *Choiste na gCuntas Díomhaoin* chun síntiús a ghlacadh le seirbhís nua ar líne dar teideal *LOTE Online*. Is éard atá sa tseirbhís seo ná bunachar sonraí de leabhair phictiúr digiteacha lena bhfuil páistí in ann taitneamh a bhaint as draíocht na leabhar in *LOTE* (Teangacha seachas Béarla). Le fáil faoin tseirbhís tá roinnt leabhar san Úcráinis agus i dteangacha eile amhail an Phortaingéilis, an Urdúis agus an Rúisis. In 2022, d'fhéach daoine ar 480 scéal san iomlán i rith na bliana, 33% acu sin san Úcráinis agus 32% acu sa Phortaingéilis.

Fuarthas maoiniú freisin le cur i dtreo Pinn-C a cheannach d'fhonn cuidiú le húsáideoirí seirbhíse a bhfuil disléicse orthu mar aon le formhéadaitheoir digiteach do Leabharlann an Chaisleáin Riabhaigh mar chuidiú d'úsáideoirí lagamhairc.

## Acmhainní Ar Líne

Bhain úsáideoirí leabharlainne an-leas as acmhainní ar líne in 2022. I measc na seirbhísí á soláthar bhí ríomhleabhair, ríomh-chlosleabhair, cúrsaí ar líne, foghlaim teangacha ar líne, ríomhnuachtáin agus ríomhirisí. Tá an leas atá á mbaint as acmhainní ar líne fós 200% níos mó ná na leibhéil a bhí ann roimh aimsir Covid 19.

Toisc breis éilimh a bheith orthu, chuir an tSeirbhís Leabharlainne rochtain ar fáil ar 80 ceadúnas *Tadhallchlóscríobh, Léigh agus Litrigh (TTRS)* in 2022. Is cúrsa clóscríofa ar líne *TTRS* atá deartha le dul chun tairbhe do dhaoine a bhfuil deacrachtaí litrithe, léitheoireachta nó scríbhneoireachta acu.

## Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí Leabharlainne

I rith 2022, reáchtáil an tSeirbhís Leabharlainne meascán d'imeachtaí ar líne agus i bpearsa. D'fhreastail an t-uafás daoine idir mhuintir na háite agus lucht náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an tsraith cainteanna ar líne *Deich mBliana de Chuimhneacháin*. Reáchtáladh clár iomlán do *Éire Fholláin*, *Ceart ar Léamh* agus *Féile Leabhair na bPáistí*. Agus tacaíocht á fáil chuige ó *Chlár Éire Ildánach*, d'fhill an *Fhéile Siarscéal* ar Leabharlann Ros Comáin i mí na Samhna.



Úsáideoirí leabharlainne i mbun ríomhleabhar a léamh i bPáirc Loch na nÉan.

Bhí an fhreagairt ó leabharlanna agus ó scoileanna i gContaetha Ros Comáin, Liatroma agus Shligigh an-dearfach. Fuarthas breis agus 60 iontráil do *Gradaim Liteartha Hanna Greally*. Tugadh gradam nua isteach in 2022, catagóir d'aosaigh óga chun aitheantas a thabhairt don scríbhneoir ardaidhmeannach is fearr faoi 18 mbliana d'aois. B'éagsúil agus b'ionchuimsitheach an fhéile í inar ghlac neart daoine páirt ann den chéad uair le blianta beaga anuas, scoileanna nua sna 3 chontae, cuir i gcás, chomh maith le rannpháirtithe idir óg agus aosta, file agus 1 scéalaí amháin a raibh céad bliain slánaithe aige ina measc.

## Úsáid na Leabharlann

In 2022, thug 80,626 duine cuairt san iomlán ar ionaid seirbhíse leabharlainne. Fuair úsáideoirí leabharlainne breis agus 100,000 earra ar iasacht, i bpearsa agus ar líne.




Tá an formhéadaitheoir á úsáid i Leabharlann an Chaisleáin Riabhaigh.

# Oidhreacht

**Oibríonn an Oifig Oidhreachta, i gcomhar le Fóram Oidhreachta Chontae Ros Comáin, chun *Plean Oidhreachta Chontae Ros Comáin* a chur i bhfeidhm, plean ina leagtar amach na spriocanna oidhreachta straitéiseacha don chontae.**

Baineadh leas as maoiniú ón gComhairle Oidhreachta, ó *Chiste um Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Áitiúla* ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ó *Chlár Éire Ildánach* chun tacú leis an g*Clár Oibre Oidhreachta* in 2022. Bhainistigh an Oifig Oidhreachta feidhmiú *Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha*, chomh maith le *Ciste na Struchtúr Stairiúil* agus *Ciste na Séadchomharthaí Pobail* thar ceann na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.




Coiste Reilig Ráth Ara ag amharc ar oibreacha caomhnaithe ag Séipéal Meánaoiseach Ráth Ara.

I measc na ngníomhartha a rinneadh i rith 2022 bhí cur i láthair ar Thionscadal um *Eaglais Ráth Ara a Chaomhnú* a cuireadh ar siúl mar chuid den tsraith seimineáir gréasáin náisiúnta *Gníomhaíochtaí Oidhreachta agus Bithéagsúlachta ar mhaithe leis an Aeráid*. Rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht Fhóram Oidhreachta Chontae Ros Comáin agus ceapadh baill nua ina dhiaidh sin. Bhuail an fóram le chéile ar bhonn ráithiúil. Cuireadh tacaíocht theicniúil agus riaracháin nach beag ar fáil do roinnt tionscadal. Bronnadh 1 *Sparántacht Taighde Oidhreachta* amháin agus reáchtáladh 1 chúrsa amháin de *Cuir Eolas ar do Cheantar*. Rinneadh cothabháil ar 'Amharcóir Léirscáileanna Reiligí' www.roscommoncoco.ie/cemeteries agus rinneadh é a nuashonrú agus é a chur chun cinn.

**Table 1: Heritage Office Work Programme Funding 2022**

| Sruth Cistiúcháin | Líon na dTionscadal | Maoiniú |
|---|---|---|
| **Éire Ildánach** | 4 | **€15,000** |
| **Scéim um Infheistíocht na hOidhreachta Tógtha** | 13 | **€96,000** |
| **An Chiste um Struchtúir Stairiúla** | 2 | **€31,000** |
| **Ciste Áitiúil Gníomhaíochta Bithéagsúlachta** | 4 | **€47,600** |
| **An Ciste um Speiceas Coimhthíoch Ionrach** | 3 | **€18,826** |
| **Maoiniú don Phlean Oidhreachta Contae** | 4 | **€54,500** |
| **Ciste Séadchomharthaí Pobail** | 3 | **€131,758** |
| **Iomlán** | | **€394,684** |

Tugadh tacaíocht ar bhonn leanúnach do ghrúpaí pobail chun cabhrú leo a gcuid tionscadal oidhreachta a thabhairt chun críche. Críochaíodh na tionscadail chaomhantais a bhí á ndéanamh ar Eaglais Ráth Ara agus ar Mhásailéam O'Berine. Tugadh tacaíocht do Choiste Cuimhneacháin Aleen Cust chun mórchomhdháil, sraith podchraoltaí agus físeáin a chur le chéile. Tá taispeántas agus leabhar saothair scoile idir lámha le scaipeadh in 2023.




Reáchtáladh sraith de Chuimhneacháin Aleen Cust i gcomhar le Comhairlí Contae na Gaillimhe, Thiobraid Árainn agus Ros Comáin, Aleen Cust Memorial Society agus *Deich mBliana na gCuimhneachán*.







Compántas Óige MAD *The Battle of the Bulls* ag Ráth Cruachan, *Féile Tána mhí an Mhárta*.

An chéad chéim d'oibreacha caomhantais éigeandála ag Caisleán Bhaile an Tobair agus tacaíocht á fáil chuige seo ó *Chiste na Séadchomharthaí Pobail*.

Drúchtín, tógtha ó *Turas Treoraithe ar Phortach Beo Cheathrú Bheithí*.

Tugadh tacaíocht le Ráth Cruachan a chur i mbéal an phobail mar cheann de 'Láithreáin Ríoga na hÉireann'. Mar chuid de seo glacadh páirt i nGrúpa Stiúrtha Láithreáin Ríoga na hÉireann atá ag obair i dtreo ainmniú a bhaint amach dó mar Láithreán Oidhreachta Domhanda EOECNA. Fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta freisin chun tacú le Seandálaí Pobail faoi scáth Fheirmeoireacht Ráth Cruachan EIP (an Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach). Lena chois sin, baineadh leas as maoiniú ón g*Clár Éire Ildánach* chun éascaíocht a dhéanamh ar an taispeántas *An Táin a Chur ar Shnáithe*, *Féile Tána mhí an Mhárta* agus clár scoileanna *Ráth Cruachan Ríoga*, clár a cuireadh ar siúl do bhreis agus 290 dalta i 12 scoil.

Chun *Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta* a cheiliúradh, rinneadh sraith postálacha lán d'eolas ar na meáin shóisialta. Taispeánadh an físeán *Turas thart ar Phortach Beo Cheathrú Bheithí* den chéad uair. I measc na ngníomhartha a rinneadh ar mhaithe leis na Gabhláin Ghaoithe bhí *Seimineár Gréasáin Pobail faoi Ghabhláin Ghaoithe a Chaomhnú*, físeán faoi Ghabhláin Ghaoithe i Ros Comáin agus cuireadh suas boscaí neadaireachta agus córais ghiolctha ar fhoirgnimh na Comhairle i bhFearann na Manach, Ros Comáin, Bealach an Doirín agus Béal na mBuillí. Lean an Oifig Oidhreachta de *Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí* a chur chun cinn. Ar na rudaí a rinne an Chomhairle do phailneoirí, níor bhain siad an oiread sin féir ag láithreáin ar fud an chontae.

Reáchtáladh breis agus 42 imeacht ar fud an chontae le linn na *Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta*. Reáchtáil an Oifig Oidhreachta clár cuimsitheach d'imeachtaí i rith na seachtaine seo, lena n-áirítear sraith ceardlann dar teideal *Cuir Do Ghairdín ar Fáil do Phailneoirí*, siúlóidí dúlra chomh maith le *Biongó leis an Dúlra* agus imeachtaí do pháistí *Tochail É*.

Roinneadh an scéala is déanaí agus eolas faoin oidhreacht ar bhonn leanúnach ar mheáin shóisialta na Comhairle agus úsáid á mbaint as na haischlibeanna *#LoveYourHeritage* agus *#Roscommon Heritage*. Scaipeadh 80 ríomhphost nuachta Oidhreachta i rith na bliana.



Boscaí neadaireachta agus córais ghiolctha á gcur suas do Ghabhláin Ghaoithe.



An chéad chéim d'oibreacha caomhantais éigeandála ag Caisleán Bhaile an Tobair agus tacaíocht á fáil chuige seo ó *Chiste na Séadchomharthaí Pobail*.




Seachtain Oidhreachta Náisiúnta - *Biongó leis an Dúlra* sa Diméin, Caisleán an Riabhaigh i dteannta an tsaineolaí, Martina Butler.

# Turasóireacht

## Margaíocht agus na Meáin

Ó cheann ceann 2022, rinne Turasóireacht Ros Comáin infheistiú i bhfeachtas margaíochta intíre dar teideal *Lean Ort ag Breathnú Thart ar Ros Comáin* a bhain úsáid as ardáin ar líne, na meáin chlóite agus seirbhísí tionchairí leithéidí Barra Best, láithreoir aimsire de chuid an BBC agus Pol Ó Conghaile, saineolaí taistil leis an Irish Independent. D'éirigh go seoigh le feachtas gníomhaíochtaí Oíche Shamhna a cuireadh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair chun aird a tharraingt ar Ros Comáin mar áit ina bhfuil Oíche Shamhna á ceiliúradh leis na cianta cairbreacha. Forbraíodh físeán turasóireachta nua do mhargaí 2022 agus 2023 ina dtarraingítear aird ar thairiscintí turasóireachta Ros Comáin. Taifeadadh eagrán de Ireland with Michael faoi Ros Comáin i mí Lúnasa 2022 freisin agus craoladh é ar fud an líonraithe teilifíse SAM i mí Eanáir 2023.




Tabhair cuairt ar mhargaíocht ar líne faoi Ros Comáin.

## Líonrú Turasóireachta

Reáchtáladh imeachtaí líonraithe turasóireachta sa chontae le linn 2022, áit a bhfuair páirtithe leasmhara an scéala is déanaí faoi chúrsaí turasóireachta agus faoi fhorbairtí maidir le Tascfhórsa Taiscéalaíochta um Cheann Scríbe Chroíthailte Ceilte na hÉireann. Reáchtáladh imeacht líonraithe *Togha agus Rogha Ros Comáin* i mí Aibreáin i dTeach an Rí, Mainistir na Búille, chun gach a bhfuil sa chontae don phobal a chur i lár an aonaigh.

## Croíthailte Ceilte na hÉireann

Leanadh le cruinnithe agus ceardlanna trádála a reáchtáil le haghaidh *Croíthailte Ceilte na hÉireann (an tSionainn Uachtarach, Mheánach agus Íochtarach)* ó cheann ceann na bliana.

## Maoiniú ó Fháilte Éireann

Agus iad á maoiniú le cistiú *Destination Town* Fáilte Ireland do Mhainistir na Búille, leanadh ar aghaidh le hoibreacha go dtí gur críochnaíodh an tírdhreachú sna Gairdíní Pléisiúir agus gur cuireadh isteach Slí Dhealbhóireachta.




*Togha agus Rogha Ros Comáin.*



I láthair ag an *imeachtTogha agus Rogha Ros Comáin* - Eiméar Dowd, Oifigeach Turasóireachta; Louise Fitzpatrick, Loch Cé; Tony Aspel, Páirc Bhéal na mBuillí agus Patricia Golden, Teach an Rí.

## Teach an Rí

Sheol Teach an Rí a thaispeántas is déanaí i mí an Mhárta 2022, *Hidden Gem*, agus é ina bhailiúchán saothar, uirlisí, líníochtaí, seodra agus seoda ó lámh Erwin Springbrunn, nach maireann. Ba í an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Teachta Dála Catherine Martin, a d'oscail go hoifigiúil é. Osclaíodh an *New Connaught Rangers Exhibition* don phobal i mí an Mheithimh, leis, agus ba é an tAire Coimirce Sóisialaí agus Forbartha Tuaithe agus Pobail, an Teachta Dála Heather Humphreys, a d'oscail é. Reáchtáladh sraith d'imeachtaí cultúrtha i dTeach an Rí i rith na bliana, ceadail, léirithe agus *Féile Ealaíon Mhainistir na Búille* san áireamh.




An tAire Heather Humphreys ar cuairt chuig Teach an Rí – PJ Maloney, Connaught Rangers; an tAire Heather Humphreys agus Patricia Golden, Teach an Rí.

## Ionad Léirmhínitheach Dhúghlas de hÍde

Bhí an tIonad Dhúghlas de hÍde oscailte idir mí Iúil agus mí Lúnasa agus tugadh roinnt léachtaí ar an láthair le linn an fhómhair faoin Dr. Dúghlas de hÍde agus an tionchar a bhí aige ar chultúr na hÉireann.




Ionad Dhúghlas de hÍde

## Maoiniú do Scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh Faoin Aer (ORIS)

Deonaíodh maoiniú deontais do Chomhairle Contae Ros Comáin in 2022 i gcomhair na dtionscadal seo a leanas, mar a leagtar amach iad i dTábla 1:

**Tábla 1: Cistiú Tionscadail ORIS**

| Scéim | Láthair | Méid |
|---|---|---|
| **Scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh Faoin Aer (Beart 1) 7 dtionscadal** | Trialacha Páirce Chomharsanacht an Pháláis Ail Finn, Cladach an Dúin, Siúlóidí Ros Comáin, Creat Cáilíochta, Rotharbhealach Mhainistir na Búille go Loch Cé, Marcáil Slí Chontae Ros Comáin agus Gort an Ghainimh | **€194,670** |
| **Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (Beart 3)** | Conair Lúibe Ráth Cruachan | **€445,500** |

# Tionscadail Athnuachana & Tionscadail Speisialta

Is éard is cúram d'Aonad Tionscadail Speisialta agus Athnuachana Chomhairle Contae Ros Comáin tionscadail a fhorbairt, a chomhordú agus a chur i bhfeidhm d'fhonn an bealach a réiteach d'fhorbairt gheilleagrach agus tuaithe fud fad an chontae.

## An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (URDF)

I measc na gníomhaíochta in 2022 bhí an méid seo a leanas:

- Críochnaíodh oibreacha ríochta poiblí i gCearnóg an Mhargaidh, Ros Comáin in 2022. Tháinig deireadh le dearadh an spáis chathartha faoi dhíon agus fógraíodh an tairiscint tógála ar etenders i mí na Nollag 2022;
- Ceadaíodh iarratas ar €12.3 milliún, dar teideal Roscommon Town – Putting the Spokes Back into the Hub (lena nasctar tailte cúil na Príomhshráide, na páirceanna miondíola agus an Cuarbhóthar chun tacú le croí lárnach an bhaile agus bealach rothaíochta ar an imeall), i Ráithe 1, 2021. Ceapadh comhairleoirí dearaidh agus chuathas i gcomhairle le páirtithe leasmhara áitiúla maidir leis an dearadh tosaigh. Cuireadh an dearadh tosaigh chun cinn go dtí an chéim ina n-ullmhófar iarratas pleanála Chuid 8.



An Chearnóg, Ros Comáin

## An Ciste um Athnuachan agus Forbairt Uirbeach (RRDF)

I measc na gníomhaíochta in 2022 bhí an méid seo a leanas:

- Obair faoi lánseol ar láithreán an Royal Hotel i Mainistir na Búille a athfhorbairt mar ionad fiontar agus ina spás don phobal;
- Obair thógála ar siúl ar Mhol Bia Chaisleán an Riabhaigh agus é i gceist a bheith críochnaithe faoi dheireadh 2023;
- Críochnaíodh an próiseas tairisceana i leith *Spás Eolaíocht na Beatha agus Bogthuirlingthe Fhearann na Manach*. Tá oibreacha le tosú ag tús 2023;
- Tá tús curtha le hoibreacha ar an tionscadal RRDF *Fuinneamh a Chur i Lár Baile Mhainistir na Búille agus i dTeach an Rí*. Ina measc seo tá uasghrádú ar Theach an Rí lena n-áirítear taispeántais, oibreacha um éirí níos tíosaí ar fhuinneamh agus áiseanna campais. Mar chuid den tionscadal déanfar feabhsuithe ríochta poiblí ar Shráid an Droichid agus ar Shráid na Siopaí mar aon le feabhas a chur ar an gcarrchlós in aice le Sráid na Siopaí.
- Táthar i mbun dearadh mionsonraithe a cheapadh i gcomhair an ríocht phoiblí a fheabhsú i mBealach an Doirín mar chuid de Chatagóir 2 RRDF. De bharr ghné thógála an tionscadail seo, bhíothas in ann maoiniú a fháil ón g*Clár um Thaisteal Gníomhach*;
- Tá tús curtha le cur chun feidhme an tionscadail i gcás Catagóir 2 RRDF maidir le tionscadal Bhéal na mBuillí (*Beocht a Chur i gCumas Bhaile na mBuillí*) agus tionscadal Fhearann na Manach (*Tógáil Croí a Thabhairt d'Fhearann na Manach*). Tá sainchomhairleoirí deartha faighte do na tionscadail seo, leis, agus tús curtha le comhairliúchán dearaidh.



Stáisiún na nGardaí, Baile an Tobair.



Láthair Conláistí Chladach an Dúin.

## Scéim Athbheochana Bailte agus Sráidbhailte 2021

D'éirigh le tionscadail faoin *Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte* 2021 agus cuireadh i bhfeidhm iad ar bhonn céimneach le linn 2022 i gcás Cluain Fada, Baile an Tobair, Fearann na Manach, agus *Triall ar Ros Comáin*. I measc na n-oibreacha a rinneadh bhí tírdhreachadh, feabhsuithe ríochta poiblí, comharthaíocht nua ar bhealaí isteach, agus moil ionaid pobail. I measc na dtionscadal a d'éirigh go geal leo faoi scéim na bliana 2022 bhí An Airgnigh, Áth Liag, Uachtar Thíre agus beart forbartha i leith Béal Átha na gCarr. Rachfar i gceann na dtionscadal seo in 2023.

## Beart um Fhoirgnimh i mBailte agus i Sráidbhailte a Cheannach na bliana 2022

Fógraíodh tionscnamh cistiúcháin nua in 2022 dar teideal *Beart um Fhoirgnimh a Cheannach* d'fhonn éascaíocht a dhéanamh ar fhoirgnimh thréigthe/ thearcúsáidte a cheannach. Ceannaíodh seanstáisiúin na nGardaí i dTearmann Bearaigh agus i mBaile an Tobair. Tús curtha le staidéir féidearthachta chun spásanna pobail ilúsáide a dhéanamh as an dá fhoirgnimh agus an obair chuige sin maoinithe faoi *Bheart Forbartha an Tionscadail Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte*.

## Scéim um Shráid-dreacha Bailte agus Sráidbhailte a Fheabhsú 2022

Agus é maoinithe ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, lig an scéim deontais *um Shráid-Dreacha Bailte agus Sráidbhailte a Fheabhsú* do gach údarás áitiúil 1 bhaile amháin a ainmniú. Ainmníodh Baile an Locha thar cheann Ros Comáin. Chuathas chun cainte le muintir na háite den chéad uair i Ráithe 4, 2022. Táthar ag súil go mbeidh an scéim curtha i bhfeidhm faoi Ráithe 2, 2023.

## Scéim um Bonneagar Áineasa Lasmuigh (ORIS)

Bhí an tAonad Athnuachana cruógach in 2022 agus na tionscadail seo a leanas á gcur chun cinn acu:

- Críochnú na n-oibreacha chun láthair conláistí a chur ar bun i gCladach an Dúin i Mainistir na Búille;
- Tosaíodh tionscadal Bhaile an Tobair agus Bhéal Átha Mó agus chuir an sainchomhairleoir dearaidh tairiscint isteach ar an ngné thógála den tionscadal;
- Chuathas i mbun conláiste fóillíochta a fhorbairt d'fhonn an dá mhuiríne i mBéal Átha Liag a nascadh le chéile.

## Entente Florale

Ainmníodh Céideadh le hionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn sa chomórtas *Entente Florale*. Tarraingíonn an comórtas seo aird ar a thábhachtaí agus atá timpeallacht ghlas don chaighdeán maireachtála sna pobail rannpháirteacha atá lonnaithe i gceantair chónaithe, uirbeacha agus thionsclaíocha. Tharla an mholtóireacht don chomórtas i gCéideadh ar an 1 Iúil 2022. Tharla searmanas bronnta an chomórtais in Balatonfured san Ungáir i mí Mheán Fómhair 2022, áit ar bronnadh bonn óir ar Chéideadh.




Céideadh, buaiteoir boinn óir sa chomórtas *Entente Florale* in 2022.

## Pleananna Pobail agus Eacnamaíocha

D'oibrigh an tAonad Athnuachana le Comhaltaí Tofa agus le pobail i Mainistir na Búille agus i bhFearann na Manach chun pleananna pobail agus eacnamaíocha a ullmhú. Tionóladh na seisiúin chomhairliúcháin i bpearsa agus ba mhór an slua a tháinig agus ba bhríomhar an plé a rinneadh le muintir na háite.

## An Tionscnamh um Thús Áite do Láir Bailte

Is é is aidhm leis an tionscnaimh nua seo ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail láir bailte a chruthú a fheidhmíonn mar láithreacha inmharthana, bríomhara agus tarraingteacha do dhaoine le bheith ina gcónaí agus ag obair iontu nó le cuairt a thabhairt orthu. Ainmníodh Béal na mBuillí thar ceann Chontae Ros Comáin le *Máistirphlean Thús Áite do Lár an Bhaile* a fhorbairt. Ceapadh sainchomhairleoirí chun tabhairt faoin gcoimisiún. Leanadh leis an bplé le pobal na háite ó cheann ceann 2022, lenar áiríodh cuairt a thabhairt ar *Sheó Talmhaíochta Bhéal na mBuillí*.

## Ag Obair Le Muintir Dhomhanda Ros Comáin trí Thriall ar Ros Comáin

Níl aon stop le cainéil meán sóisialta *Thriall ar Ros Comáin* ó thaobh dul i méid de ar Linkedin, Twitter, Instagram agus Facebook agus é ina fhóram ar ar féidir scéalta dearfacha agus imeachtaí is díol spéise a roinnt le daoine a bhfuil dáimh acu le Ros Comáin sa chontae agus thar lear.

## Maoiniú faoi Thionscadal Éireann 2040

Tá achoimre ar an maoiniú a fuarthas in 2022 faoi *Thionscadal Éireann 2040* le fáil i **dTábla 1**:

**Tábla 1: Maoiniú a Fuarthas in 2022 faoi *Thionscadal Éireann 2040***

| Scéim | Láthair | Méid |
|---|---|---:|
| **Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte** | Éagsúil | €962,419 |
| **Beart um Fhoirgnimh i mBailte agus i Sráidbhailte a Cheannach** | Tearmann Bearaigh agus Baile an Tobair | €400,000 |
| **Scéim Feabhsúcháin Shráid-dreacha Sráidbhailte agus Bailte** | Baile an Locha | €100,000 |
| **M2 agus Beart Forbartha faoin Scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh Faoin Aer** | Páirc an Mhóta/Ros Comáin Thuaidh áiteanna éagsúla/ Dún Iomáin | €449,600 |
| **An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige** | Port Reanna | €6,702 |

# Oifig Fiontar Áitiúil

**Gníomhaíonn an Oifig Fiontar Áitiúil (OFÁ) mar 'Ionad Ilfhreastail' do dhuine ar bith a bhfuil faisnéis agus tacaíocht á lorg aige/aici maidir le gnólacht a chur ar bun nó a fhás. Is é is cúram dó OFÁ Ros Comáin dlús a chur le forbairt fiontair ar bhealach a chuireann micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga i lár an aonaigh ó thaobh cruthú post de. Tacaíonn OFÁ le gnólachtaí nuathionscanta agus oibríonn sé chun cumas micreaghnóthas agus gnólachtaí beaga nua agus na gceann atá ann cheana a neartú i dtaca le poist a chruthú de chomh maith le heolas, comhairle, oiliúint, meantóireacht, seimineáir agus tacaíocht airgeadais roghnach a chur ar fáil dóibh.**

Ba bhliain an-ghnóthach í 2022 d'OFÁ Ros Comáin agus gnólachtaí ag iarraidh teacht chucu féin arís tar éis phaindéim Covid-19. Tacaíodh le 176 ngnólacht ina bhfostaítear 1,032 duine mar thoradh díreach ar dheontais a ceadaíodh do ghnólachtaí úra agus reatha agus baill foirne bhreise á bhfostú acu i gContae Ros Comáin.

Cuireadh mór-thacaíochtaí airgeadais ar fáil, lena n-áirítear Deontais Tionscnaimh mar chuidiú do ghnólachtaí nuathionscanta, Deontais um Leathnú Gnó chun tacú le gnólachtaí atá ag fás agus Deontais Féidearthachta chun cuidiú le gnólachtaí indéantacht thráchtála nó theicniúil táirgí nó próiseas nua a thástáil. Trí bhíthin na dtacaíochtaí sin d'infheistigh an Oifig Fiontar Áitiúil i 17 ghnólacht in 2022 agus bhíothas á thuar go gcruthódh sé seo 64 post sa bhreis.

Tháinig méadú in 2022 ar líon na rannpháirtithe i gcúrsaí oiliúna, i dtascanna meantóireachta agus i gclinicí meantóireachta. Cuireadh mórchuid na tacaíochtaí seo ar fáil go cianda agus saincheapadh iad go sainiúil do ghnóthais bheaga, do mhicreaghnóthais agus do ghnólachtaí nuathionscanta i Ros Comáin.

D'oibrigh an OFÁ le 7 meánscoil chun an fhiontraíocht a chothú go háitiúil, ar fud an chontae agus ar bhonn náisiúnta.

Thug an OFÁ roinnt tionscnamh isteach in 2022 chun cuidiú le gnólachtaí dul in oiriúint agus dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le hAthrú Aeráide. Rinneadh iniúchtaí fuinnimh ar ghnóthais bheaga agus do mhicreaghnóthais agus cuireadh comhairle orthu ina leith faoi na cláir Micreaghnólachtaí Níos Éiceabháiche agus Costas Níos Ísle, Carbón Níos Ísle a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le IT Shligigh agus le hOifigí Fiontar Áitiúla i Maigh Eo agus i Sligeach.




Buaiteoirí *Ghradam Fiontraíochta Dhaltaí Sinsearacha 2022*, Cupán Cozies ó Chlochar na Trócaire, Ros Comáin.

Thug Digital Start tacaíocht d'fhonn straitéis dhigiteach, seirbhísí teicniúla agus/nó comhairleacha a fháil do ghnóthais incháilithe. Chabhraigh sainchomhairleoirí digiteacha le straitéis dhigiteach uathúil a fhorbairt a athróidh gnólachtaí ó bhonn trí chabhrú leo tuiscint a fháil ar cá bhfuil siad ar an aistear gnó digiteach, plean oiriúnaithe digiteach a fhorbairt bunaithe ar na riachtanais aitheanta a sainaithníodh dóibh agus cuidiú leo plean digiteach a chur i bhfeidhm. Díríonn tacaíochtaí ar réimsí ina bhfuil cúnamh ag teastáil amhail próisis ghnó a bharrfheabhsú, cur le heispéireas digiteach an chustaiméara agus leas níos fearr a bhaint as sonraí.

Bhí an-éileamh ar Dhearbháin chun Trádáil Ar Líne in 2022, dearbháin a fhaigheann deontas 50% agus tugadh cúnamh do 37 gnólacht eile iompú ar shamhail ríomhthráchtála. Réitíodh an bealach do 13 chliant iarratais a chur isteach ar dheontas ó Microfinance Ireland.

Lean an OFÁ orthu ó thaobh aire den scoth a thabhairt dá gcustaiméirí agus é mar aidhm acu forbairt a dhéanamh air sin trí sheirbhísí agus scoth na dtacaíochtaí a thabhairt dá mboinn custaiméirí agus cliant atá ag méadú de shíor. Leanadh i mbun cainte le Fiontraíocht Éireann agus leis an GFT le linn 2022 agus Ros Comáin á chur chun cinn mar áit tharraingteach chun gnó a lonnú nó infheistíocht isteach a dhéanamh ann.



Buaiteoirí *Ghradam Fiontraíochta an Chontae 2022*, Studio Meala, Mainistir na Búille - Stephen Fagan, Jerry Twomey agus Sean Cunningham.

# Seirbhísí Uisce, Comhshaol & Athrú Aeráide, Rialachas & Gnóthaí Corparáideacha, Sócmhainní & Bainistiú Fuinnimh, Acmhainní Daonna agus Stiúrthóireacht um Shláinte & Sábháilteacht



# Seirbhísí Uisce

**Tugann an Rannóg Seirbhísí Uisce tacaíocht do Líonraí Soláthair Poiblí agus Príobháideacha Uisce agus Fuíolluisce.**

Baintear leas as Comhaontú Seirbhíse (SLA) le hUisce Éireann chun tacú le **Líonra Poiblí Uisce/Fuíolluisce**. Gníomhaíonn Comhairle Chontae Ros Comáin mar ghníomhaí de chuid Uisce Éireann chun seirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a sholáthar faoin gComhaontú Seirbhíse (SLA).

Tacaítear leis an **Líonra Príobháideach Uisce/Fuíolluisce** faoin g*Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe* arb éard atá ann fóirdheontais/uasghráduithe ar earnáil na ngrúpscéimeanna uisce agus deontais le haghaidh toibreacha príobháideacha. Tugtar iad seo díreach chuig daoine den phobal agus cúnamh airgeadais á fháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Reáchtálann Rannóg na Seirbhísí Uisce scéim deontais le haghaidh oibreacha feabhsúcháin luaidhe i dtithe cónaithe príobháideacha. Cuireann sí tacaíocht ar fáil freisin le haghaidh leithris phoiblí a oibriú.

## Plean Seirbhíse Bliantúil le hUisce Éireann

Déantar *Plean Seirbhíse Bliantúil* gach bliain ina gcomhaontaítear spriocanna feidhmíochta. Bhí spriocanna feidhmíochta i *bPlean Seirbhíse Bliantúil 2022* le haghaidh scéimeanna uisce agus fuíolluisce reatha a fheidhmiú agus chun cothabháil a dhéanamh orthu, agus tionscadail chaipitiúla a chur i gcrích, faoi mar a comhaontaíodh ag deireadh 2021 mar chuid den idirbheartaíocht maidir le líon na mball foirne agus an buiséad. Rinneadh buiséad iomlán de €8.6 milliún a leithdháileadh ar Ros Comáin. Tá 69 táscaire feidhmíochta sa phlean.

## Scéimeanna Caipitiúla

Is faoi stiúir Uisce Éireann atá pleanáil agus tógáil gach scéime caipitil á ndéanamh anois. Tá *Clár Caipitiúil* ar siúl sa chontae faoi láthair.

### Punann an Bhonneagair

### Príomhdhraenáil Bhaile Ros Comáin

Chuathas i gceann oibreacha tógála i mí an Mheithimh 2021 agus lean an obair ar aghaidh le linn 2022. Tá 95% de na píblínte nua uile críochnaithe anois. Críochnaíodh stáisiún caidéalúcháin ionraoin, umar cothromúcháin agus umar stoirme san ionad cóireála fuíolluisce. Críochnaíodh stáisiúin chaidéalúcháin nua agus uasghrádaithe ag Bóthar Chaisleán an Riabhaigh, Ard Saileach, agus Baile na gCeard. Cuireadh tús le stáisiún caidéalúcháin fuíolluisce nua agus tá sé á thógáil ar an gCuarbhóthar, Ros Comáin.



Oibreacha ar siúl ar umar stoirme nua in Ionad Cóireála Fuíolluisce Ros Comáin.



Oibreacha ar siúl in Ionad Cóireála Fuíolluisce Ros Comáin

## Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín

Tháinig an conraitheoir Veolia i gceannas ar an tionscadal i mí Eanáir 2020. Tá sé i gcomhairle leis na páirtithe uile faoi láthair chun dearadh mionsonraithe a moladh a chur chun cinn.

I measc na príomhrudaí atá le cur i gcrích mar chuid den tionscadal um Rannpháirtíocht Luath an Chonraitheora:

- An críoch-stáisiún caidéalaithe a uasghrádú trí thoilleadh an umair ar an láithreán a mhéadú mar aon le hoibreacha láithreáin gaolmhara;
- Teorainneacha an láithreáin a uasghrádú. Chuige seo, déanfar dhá bhealach isteach ar leith in áit an aon bhealach isteach amháin atá in úsáid faoi láthair ag Uisce Éireann agus ag an gComhairle araon;
- An próiseas cóireála tánaistí a uasghrádú d'fhonn toilleadh an phróisis reatha a fheabhsú;
- Oibreacha láithreáin coimhdeacha gaolmhara lena n-áirítear uasghrádú Chóras SCADA (Rialú Maoirseachta agus Aimsiú Sonraí).

# Punann an Chláir Chaipitil

## Clár Cóireála Uisce

Dearadh oibreacha cosanta foinsí nua d'Ionad Cóireála Uisce Mhun Talbóid in 2022. Chuimsigh an láithreán *Clár Cothromaithe Soláthair Éilimh* i gcomhair screamhuisce breise.

## Clár Glanta Taiscumar

Rinneadh gach taiscumar agus umair uisce ghlain a ghlanadh cothrom le dáta. Beidh an clár maidir le hoibreacha glanta fós i bhfeidhm in 2023.

## Clár Cosanta um Rochtain ar Ard agus ar Imill

Is é aidhm an chláir réigiúnaigh seo chun dul i ngleic le nithe meánriosca agus ardriosca a sainaithníodh le linn iniúchtaí Sláinte, Sábháilteachta, Cáilíochta agus Timpeallachta (HSQE). D'iarr Uisce Éireann go ndéanfaí athbhreithniú ar nithe HSQE nár comhlíonadh go dtí seo a d'fhéadfadh a bheith faoi bhreithniú le haghaidh soláthair faoin gclár sin. Leanann an clár i mbun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ar bhonn atrátha

## Clár Soláthair-Éilimh agus Easnamh

Cuimsíonn an clár seo Tobar an Átha Fhada, Caisleán an Riabhaigh; Tobar Chluain Lachnáin, Mun Talbóid agus Tobar Phort na Carraige, agus Mainistir na Búille. Is é is cúram don chlár seo acmhainní breise screamhuisce a sholáthar le go mbeadh breis teacht aniar ann le linn tréimhsí triomaigh.

## Clár Athshlánaithe na Líonraí Uisce

Críochnaíodh conarthaí nua um príomhlíonra uisce a athshlánú ag Ail Finn, Cremully, Lios na Molt agus Bealach an Doirín.

## Clár Teiliméadrachta Fuíolluisce Faoi Thalamh

Tá *Clár Náisiúnta Teiliméadrachta Fuíolluisce Faoi Thalamh* á chur i bhfeidhm go céimneach ag Uisce Éireann. Déantar foráil sa chlár sin go ndéanfar fostáisiúin teiliméadrachta a chur isteach ag stáisiúin chaidéalúcháin fuíolluisce d'fhonn réamhrabhadh a thabhairt i gcás doirte go huiscí íogaire agus chun sonraí a fháil le haghaidh uasghrádaithe, iarratais ar naisc, srl. amach anseo. Beidh na láithreáin uile a bheidh mar chuid den chlár seo ceangailte leis an *gCóras Náisiúnta Teiliméadrachta eatramhach* (iNTS).

## Clár Measúnaithe na bPíobán Forsceite Uisce Stoirme

Cheap Uisce Éireann Jacobs/Tobin chun an clár réigiúnach sin a chur i gcrích. Críochnaíodh athbhreithniú ar an liosta reatha d'ionaid chóireála fuíolluisce agus ar phíobáin fhorsceite uisce stoirme. Táthar ag súil le tuarascálacha ar mheasúnú láithreán maidir le gach láithreán go luath in 2023.

## Clár Cothabhála Caipitil na bPríomhphíobán Aníos agus na Stáisiún Caidéalúcháin Fuíolluisce

Cheap Uisce Éireann Jacobs chun an clár réigiúnach sin a chur i gcrích. Tugadh tús áite do Stáisiún Caidéalaithe Fuíolluisce Bhéal Átha Fearnáin faoin gclár. Chríochnaigh Jacobs an dearadh coincheapa don stáisiún caidéalaithe sin. Tá an tuarascáil ag Pleanáil Sócmhainní faoi láthair a choimeádann clár de stáisiúin caidéalaithe ar bhonn náisiúnta agus molann siad na cinn dá dtabharfar tús áite le haghaidh oibreacha breise. Cuimsítear sa chlár stáisiúin chaidéalúcháin fuíolluisce Bhéal Átha na Muille agus Chnoc na Lochlannach.

## Clár Oibreacha Ionraoin Stoirme agus Sloda

Chuathas i mbun oibre in 2022 ar oibreacha ionraoin nua, umar stoirme agus sloda a thógáil ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Thearmann Bearaigh. Tá na hoibreacha le críochnú i Ráithe 3, 2023. Ar chríochnú na n-oibreacha seo, beidh feabhas le sonrú ar chomhlíonadh comhshaoil foriomlán an ghléasra agus bainfear amach éifeachtúlachtaí oibriúcháin.

## Clár Fáis na mBailte Beaga agus Sráidbhailte

Tá *Clár Fáis Bailte Beaga agus Sráidbhailte* beartaithe d'fhonn tacú le roinnt cuspóirí beartais náisiúnta agus torthaí straitéiseacha náisiúnta faoin g*Creat Náisiúnta Pleanála* (CNP) is é sin, cur chuige nua a fhorbairt i leith infheistiú i lonnaíochtaí tuaithe. Tá sé i gceist leis an gclár go soláthrófar acmhainn fáis maidir le hionaid chóireála uisce agus fuíolluisce i lonnaíochtaí níos lú nach ndéanfar soláthar ina leith ar shlí eile sa phlean infheistíochta. Tá Ionad Cóireála Fuíolluisce na Leathcheathrún tar éis cáiliú don chlár. Tá tús curtha le hobair shuirbhéireachta tosaigh agus le hiniúchadh láithreáin.

## Plean Réigiúnach Acmhainní Uisce Réigiún an Iarthuaiscirt

Leagtar amach i b*Plean Réigiúnach Acmhainní Uisce Réigiún an Iarthuaiscirt (PRAU-IT)* na roghanna chun soláthar uisce níos sláine, níos iontaofa agus níos inbhuanaithe a sholáthar do 732,700 custaiméir san Iarthuaisceart go ceann 25 bliana. Leagtar amach sa phlean na dúshláin atá ann faoi láthair maidir le soláthar uisce atá sábháilte, slán agus a bhfuil teacht aniar ann a sholáthar. Aithnítear ann an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, mar shampla, trí bhíthin sceitheadh a laghdú, oibreacha infheistíochta caipitiúla agus oibreacha atá idir lámha. Cuireann sé an mhodheolaíocht i bhfeidhm mar a glacadh i g*Creat an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce* chun (i) an riachtanas atá sna Criosanna Acmhainní Uisce uile a aithint i dtaca le caighdeán, méid, iontaofacht agus inbhuanaitheacht an tsoláthair de agus (ii) réitigh a aithint chun freastal ar an riachtanas seo.

Tá 142 ionad cóireála uisce ag feidhmiú i Réigiún an Iarthuaiscirt a fhreastalaíonn le chéile ar 732,700 duine nó 18% de dhaonra na hÉireann trí bhíthin thart ar 17,700km de líonra dáileacháin agus 119 Crios Acmhainne Uisce. Freastalaíonn na hionaid cóireála seo ar 74,000 gnólacht chomh maith. Síneann an réigiún thar tuairim is 26,900 km cearnach, an bealach ar fad ó Inbhear na Sionainne ar theorainn Theas Chontae an Chláir go Contae Dhún na nGall. Is mór an tairbhe a bhainfear as soláthairtí a athrú ó bhonn, lena n-áirítear a bheith in ann freastal ar fhás agus ar fhorbairt gheilleagrach ar bhealach inbhuanaithe, idirnascacht fheabhsaithe idir soláthairtí le cinntiú go dtabharfaí faoi fhorbairt réigiúnach ar bhealach cothromaithe agus foinsí uisce inbhuanaithe nua atá inoiriúnaithe don athrú aeráide.

Tá aiseolas á lorg ag Uisce Éireann faoin dréacht den *PRAU-IT* agus an Tuarascáil MST ghaolmhar agus Ráiteas Tionchair Natura.

## Comhlíontacht Uisce Óil

Bá í 99.05% an chomhlíontacht fhoriomlán le Rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le hUisce Óil do Ros Comáin. Tógadh 139 sampla seiceála agus iniúchta ó sholáthairtí uisce phoiblí in 2022. Níor eisíodh Fógra Fiuchta Uisce ar bith. D'eisigh an GCC treoir maidir le Tríhalaimeatáin (THManna) i gCrios Soláthair Uisce Réigiúnach an Oirthuaiscirt. Tá sé curtha ar *Chlár Liosta Bearta Ceartaitheacha* an GCC.

## Comhlíontacht Fuíolluisce

Bhí na hionaid chóireála fuíolluisce uile i Ros Comáin i gcomhréir leis na Rialacháin maidir le Fuíolluisce Uirbeach in 2022. Bhí 7 n-ionad cóireála fuíolluisce i gcomhréir le ceanglais na gceadúnas sceite fuíolluisce agus bhí 5 ionad ann nach raibh i gcomhréir leis na ceanglais. Tá iniúchtaí ar siúl faoi láthair chun dul i ngleic le neamhchomhlíonadh.

Tuairiscíodh 22 teagmhas fuíolluisce in 2022. Rinneadh 2 iniúchadh GCC i rith na bliana. Táthar ag dul i ngleic le moltaí na n-iniúchtaí.

# Punann na Líonraí Uisce

## Creatchlár na Líonraí Uisce

Tá Uisce Éireann i mbun *Punann na Líonraí Uisce* á chur i bhfeidhm go céimneach mar chuid de *Phlean Infheistíochta Caipitil 2017 go 2022* mar a leagtar amach thíos.

## Clár Athshlánaithe na Líonraí Uisce

Ceapadh Farrans Ltd. mar chonraitheoir réigiúnach chun oibreacha a dhéanamh ar son Uisce Éireann. Críochnaíodh oibreacha in Ail Finn, Cremully, Lios na Mult agus Bealach an Doirín in 2022.

## Oibreacha Bainistithe Brú

Forbraíodh clár nua bainistithe brú le linn 2022. Cuirfear i bhfeidhm é ar bhonn céimneach in 2023. Is suirbhéireacht agus bailiú sonraí a bhí i gceist leis an gclár go dtí seo. Tá pointí rialaithe ríthábhachtacha nua curtha ar bun agus feidhm bainte as logálaithe brú.

## Clár 'Aimsigh agus Deisigh'

Tá an Clár *Aimsigh agus Deisigh* cúig bliana ar an bhfód agus é ag díriú ar Limistéir á Méadrú de réir Ceantair ina raibh leibhéal ard d'úsáid uisce nár cuireadh san áireamh é in 2021. I gcás Limistéir á Méadrú de réir Ceantair, is éard atá i gceist leis an gclár seo ná limistéir den chineál seo ar tugadh chun suntais iad a dheimhniú trí limistéir ina bhfuil leibhéal ard d'úsáid uisce nár cuireadh san áireamh é a shainaithint le gur féidir oibreacha braite sceite a dhíriú orthu d'fhonn sceitheadh ar bith a aimsiú agus a dheisiú sna limistéir sin. Trí mhonatóireacht a dhéanamh ar laghduithe gaolmhara agus sceitheadh a laghdú is féidir úsáid laethúil a threorú laistigh de Limistéir á Méadrú de réir



Oibreacha Athshlánaithe Líonraithe Uisce i mBealach an Doirín.



Suiteáil Aimsigh agus Deisigh críochnaithe.

Ceantair i dtreo sprice um leibhéil sceite eacnamaíoch inbhuanaithe do gach limistéar. Tá an clár ag cur go fóill le laghduithe a bhaint amach ar uisce gan tásc agus ar sceitheadh ar fud an chontae.

Ba é an sprioc náisiúnta sceite do 2022 ná laghdú de 28.5MLD a bhaint amach i dtaca le sceitheadh de. Bhíothas in ann an sprioc seo a bhaint amach, is é sin, laghdaíodh sceitheadh ó fhigiúr foriomlán 647 MLD go 617 MLD bunaithe ar mheánshonraí rollacha 12 mhí. Ó thaobh céatadáin de, tá an leibhéal náisiúnta sceite ag 37%, céatadán arb ionann é agus laghdú ón leibhéal ard de 46% a bhí ann in 2018.

Laghdú 1.0 MLD ar sceitheadh a bhaint amach faoi mhí Mheán Fómhair 2022 an sprioc a leagadh roimh an gComhairle in 2022. Baineadh an sprioc seo amach mar is léir ón laghdú de 1.02 MLD atá tagtha ar leibhéil sceite.

### Clár um Leigheas Roimh Ré

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Beidh fad an chláir ag brath ar líon na gcustaiméirí a bhainfidh leas as an scéim.

### Méadair Thráchtála a Athsholáthar

Tá Farrans Construction ceaptha ag Uisce Éireann le hoibreacha a dhéanamh faoin gclár seo. Cuireadh tús le suirbhéanna mar chéad chéim den athsholáthar ar mhéadair.

## Clár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil – Uisce Príobháideach

Tá 8 mbeart i dtimthriall maoinithe 2019-2021 den *Chlár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil* (MARWP). Léiríonn na bearta sin na dúshláin is mó atá roimh an earnáil uisce tuaithe faoi láthair i dtaca le tacaíocht mhaoinithe. Tá na bearta dírithe go sonrach ar chur chuige um 'bacainní iomadúla', ón abhantrach go tomhaltóirí (foinse – cóireáil - dáileadh), chun éilliú uisce a chosc agus chun a chinntiú go mbíonn an t-uisce óil sábháilte agus go ndéanann sé paraiméadair cháilíochta na Rialachán maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh ar bhonn seasmhach fadtéarmach.

Fuarthas faomhadh maidir le scéimeanna/tionscadail faoi 8 mbeart de *MARWP 2019-2021* ón Roinn i mí Dheireadh Fómhair 2019 lena soláthraíodh ciste deontais iomlán de €3,015,346 le linn na tréimhse 3 bliana 2019 go 2021. Lean an Roinn leis an gclár reatha mar gheall ar thionchar na paindéime Covid-19.

- **Beart 1 – Cosaint Foinsí Uisce Óil (Earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce):** *Faomhadh maoiniú €459,794 don tréimhse 2019-2021.*

  Tá an beart sin dírithe ar fhoinse amhuisce na ngrúpscéimeanna uisce atá ann cheana féin agus ar an mbealach sin ag cur le sábháilteacht na n-úsáideoirí uisce trí bhíthin chumas na scéime paraiméadair cháilíocht an uisce de chuid na Rialachán maidir le hUisce Óil a chomhlíonadh ar bhonn fadtéarma.

  Is é atá i gceist le Treoirthionscadal um Chosaint Foinsí Uisce na nGrúpscéimeanna Uisce pleananna iomlána um chosaint foinsí a fhorbairt lena n-áirítear bearta sainiúla chun sábháilteacht agus sláine uisce óil grúpscéimeanna uisce a fheabhsú. Cuirfear béim ar chur le heolas an phobail, ar oideachas agus ar ionchuimsiú. Is é ceann amháin d'aidhmeanna an tionscadail obair a dhéanamh i dtreo cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe a chruthú ar a mbeidh foinsí uisce feabhsaithe, bithéagsúlacht mhéadaithe agus níos mó feasachta faoin aeráid ina dtoradh. Díríonn an tionscadal ar thairbhí feirmeoireachta agus na torthaí don timpeallacht a ghabhfaidh leis sin. Tá dul chun cinn maith á dhéanamh ag Comhairle Contae Ros Comáin maidir le gníomhaíochtaí maolaithe spriocdhírithe agus iomchuí sainiúla mar a leanas:

  - Rinneadh dobharlaigh a theorannú;

- Forbraíodh *Creat le haghaidh Foinsí Uisce Óil a Chosaint* mar aon le *Lámhleabhar de Ghníomhaíochtaí Cosanta agus Maolaithe Foinsí don Fheirmeoireacht*;
- Cuireadh feachtas meán ar bun i Ros Comáin d'fhonn aird an phobail a tharraingt ar chosaint foinsí uisce óil agus ar chúrsaí bithéagsúlachta;
- Cuireadh an feachtas *Chuir mé Crann agus tá Mo Ghairdín Saor ó Lotnaidicídí* ar bun chun an pobal a spreagadh chun deireadh a chur le húsáid lotnaidicídí ina ngairdíní.
- Bhuaigh an tionscnamh *Let It Bee* an *Duais Eorpach um Beacha* do Chontae Ros Comáin sa chatagóir *Cleachtais Bainistíochta Talún* as an sárobair a rinneadh maidir le pailneoirí a chosaint. Feirmeoirí ag obair i gcomhar le chéile chun a bhfoinse áitiúil uisce a chosaint agus chun an bhithéagsúlacht a fheabhsú a bhí i gceist leis an tionscnamh sin.

Rinneadh oibreacha sa tréimhse 2019 go 2022 ar chostas €442,318 agus aisíocadh 100% den chostas sin ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

- **Beart 2 - Comhlíontacht Sláinte Poiblí – (Earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce):** *Faomhadh maoiniú €814,000 don tréimhse 2019-2021.*

  Is é is aidhm leis an mbeart seo cáilíocht uisce a fheabhsú sna grúpscéimeanna uisce atá ann cheana, trí na saoráidí cóireála dá gcuid a uasghrádú, sa dóigh is gur féidir leis na scéimeanna comhlíontacht na Rialachán maidir le hUisce Óil a bhaint amach ar bhealach inbhuanaithe fadtéarmach. Cuireadh na hoibreacha ar fad faoi Bheart 2 i gcrích ar chostas €633,535 agus íocadh astu le deontas 100%.

- **Beart 3 - Scéimeanna atá ann Cheana a Fheabhsú, lena n-áirítear Caomhnú Uisce (Earnáil na nGrúpscéimeanna Uisce):** *Faomhadh maoiniú €1,431,000 don tréimhse 2019-2021.*

  Tugtar tacaíocht do thionscadail, leis an mbeart seo, chun go mbeidh grúpscéimeanna uisce atá ann cheana a dhéanamh níos éifeachtúla ó thaobh feidhmithe de (m.sh. caomhnú uisce agus uasghrádú an líonra, stóráil san áireamh) chun go mbeidh uisce ar ardchaighdeán ar fáil ar bhonn seasmhach inbhuanaithe fadtéarmach. Íocadh maoiniú €1,133,237 leis na scéimeanna ar 85% de na costais.

- **Beart 5 – Grúpscéimeanna Uisce agus Grúpscéimeanna Séarachais atá ann cheana a aistriú chuig an Earnáil Uisce Phoiblí (Uisce Éireann):** *Faomhadh maoiniú €292,438 don tréimhse 2019-2021.*

  Is féidir le grúpscéimeanna uisce agus grúpscéimeanna séarachais atá ann cheana féin, leis an mbeart seo, aistriú chuig an earnáil uisce phoiblí (Uisce Éireann) más mian leo é sin a dhéanamh agus le comhaontú Uisce Éireann. Aistríodh 2 ghrúpscéim uisce reatha chuig Uisce Éireann agus tá plé ar bun maidir le 2 ghrúpscéim uisce eile a aistriú chucu. Cuireadh maoiniú €189,579 ar fáil le haghaidh na hoibreacha.

- **Beart 6** – Forbraíodh Ceangal Uisce Pobail ag Crosshill, an Airgnigh faoi chlár 2019-2021 agus tugadh tacaíocht airgeadais €22,314 (85% den chostas iomlán) le haghaidh oibreacha ann.
- **Beart 8 – Soláthar Uisce Príobháideach – Deontais le haghaidh oibreacha Feabhsúcháin ar an Soláthar Uisce Príobháideach chuig Teach.**

  Tacaíonn an scéim deontais seo le hoibreacha feabhsúcháin ar sholáthar uisce príobháideach lena soláthraítear uisce le hól agus chun críocha tís do theach, (nó toibreacha príobháideacha/ tí mar is fearr aithne orthu). Is é €5,000 nó 85% de chostas iomlán na hoibre, cibé ceann acu is lú, an deontas is mó atá ar fáil. Bhí 18 n-iarratas ar oibreacha feabhsúcháin ar sholáthairtí uisce príobháideacha faighte faoi dheireadh Ráithe 4 den bhliain 2022. Íocadh deontais €38,424 i dtaca leis na hiarratais sin.

### Fóirdheontas faoi chomhair Costais Oibriúchán Grúpscéimeanna Uisce a dhéanann Uisce a Sholáthar don Úsáid Tís:

Rinneadh fóirdheontais a mhéadú agus a chuíchóiriú agus tugadh dreasachtaí nua isteach le haghaidh scéimeanna beaga, le héifeacht ón 1 Eanáir 2018, chun a chinntiú go bhfaigheann úsáideoirí teaghlaigh a fhaigheann a soláthar uisce ó ghrúpscéimeanna na buntáistí céanna a fhaigheann úsáideoirí eile ó Uisce Éireann.

- **Fóirdheontas bliantúil** - Tá fóirdheontas bliantúil in aghaidh gach tí ar fáil do ghrúpscéimeanna le híoc as cuid den chostas oibríochta a bhaineann le huisce a sholáthar do thithe. Íocadh fóirdheontais bhliantúla €466,525 le grúpscéimeanna uisce go dtí deireadh na bliana 2022.
- **Fóirdheontas Oibríochta agus Cothabhála** – Cuirtear an fóirdheontas seo ar fáil le híoc as costais oibríochta agus chothabhála (O&C) a bhaineann le conarthaí deartha/tógála/oibrithe "bona fide" do ghrúpscéimeanna a bhfuil a gcuid saoráidí cóireála uisce féin acu. Íocadh fóirdheontais O&C €733,677 le grúpscéimeanna uisce go dtí deireadh na bliana 2022.

Íocadh fóirdheontais €1,200,202 san iomlán le grúpscéimeanna uisce go dtí deireadh na bliana 2022.

## Deontas Leasúcháin Luaidhe

Seoladh leagan leasaithe den *Scéim Deontais um Leasúchán Luaidhe Baile* i mí na Nollag 2022 d'fhonn an méid luaidhe in uisce óil a laghdú. Tá sé ar fáil do theaghlaigh chun píobáin nua a chur in áit na bpíobán luaidhe atá ina dtithe cheana féin. Clúdaíonn an deontas seo 100% den chostas (suas le €5,000) a bhaineann le píobáin luaidhe uisce óil a athsholáthar laistigh de theorainneacha réadmhaoine cónaithe. Bunaíodh an scéim deontais i gcomhréir leis an *Straitéis Náisiúnta Luaidhe*.

# An Comhshaol agus an tAthrú Aeráide

Clúdaíonn Rannóg Comhshaoil agus Athraithe Aeráide Chomhairle Contae Ros Comáin réimse leathan feidhmeanna agus seirbhísí. Is iad seo a leanas na príomhréimsí:

- **Rialú Truaillithe agus Bainistíocht Cháilíocht an Uisce;**
- **Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola;**
- **Bainistíocht ar Líonadh Talún;**
- **Bainistíocht Ionad Fóntas Poiblí agus Ionad Fág Anseo;**
- **Bainistíocht Bruscair;**
- **Feasacht ar an gComhshaol;**
- **Seirbhísí Samplála agus Tástála sa tSaotharlann Uisce;**
- **Gníomhú ar son na hAeráide;**
- **Corrthrádáil.**

## Plean Bainistíochta Abhantrach 2022-2027

Clúdaítear i reachtaíocht um rialú truaillithe réimsí amhail truailliú uisce, aerthruailliú, núis agus torann. Tugtar faoi roinnt gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le rialú truaillithe lena n-áirítear imscrúdú ar theagmhais truaillithe uisce, ceadúnú agus monatóireacht maidir le sceitheadh isteach in uiscí agus i séaraigh, ceadúnú astaíochtaí san aer chomh maith le monatóireacht ar uisce óil, ar fheidhmíocht ionad cóireála fuíolluisce uirbigh agus ar aibhneacha agus ar lochanna. Eisíodh dréacht den *Phlean Bainistíochta Abhantrach, 2022-2027* le haghaidh comhairliúchán poiblí ó mhí Mheán Fómhair 2021 go dtí deireadh mhí an Mhárta 2022. Fuarthas 259 aighneacht a raibh ábhar ar leith iontu. Léirítear le staidéir nach bhfuil cáilíocht an uisce á feabhsú gasta go leor, d'ainneoin iarrachtaí le blianta beaga anuas. Bhain brúnna suntasacha arna sainaithint i gContae Ros Comáin le hearnáil na talmhaíochta agus le hidreamoirfeolaíocht. Tá rialuithe níos déine ar ionchur nítrigine molta in éineacht le hoibreacha maolaithe athshlánaithe agus rialacháin nua chun athruithe fisiceacha a rialú.

## Saotharlann

Cuirtear seirbhís theicniúil/anailíseach agus samplála araon ar fáil sa tsaotharlann agus tá sí creidiúnaithe de réir chaighdeán ISO 17025. Lean an tSaotharlann le seirbhís chomhroinnte samplála agus tástála a chur ar fáil do 6 cinn eile d'údaráis áitiúla sa bhliain 2022. Bhain sé sin le sampláil agus tástáil a dhéanamh ar uiscí óil, fuíolluisce, eisiltigh thrádála, láisteáit ó láithreáin líonta talún, uiscí dromchla, screamhuisce srl. Tháinig méadú 12% ar shampláil sa tsaotharlann i rith na bliana 2022.

## Plean Náisiúnta Cigireachta

Is é is cuspóir leis an gcóras clárúcháin agus cigireachta le haghaidh córais chóireála fuíolluisce tí (DWWTS) cáilíocht screamhuisce agus uisce dromchla (go hairithe foinsí uisce óil) a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le córais nach bhfuil ag obair i gceart. Leanfaidh an Chomhairle le tús áite a thabhairt do chigireacht ar dhabhcha séarachais sa bhliain 2023. Déanfar athbhreithniú ar bhonn náisiúnta ar ghlacadh na scéimeanna deontais chun córais chóireála ar an láithreán a uasghrádú.

Rinneadh cigireacht 13 huaire sa bhliain 2022 agus rinneadh na torthaí go léir a uaslódáil chuig EDEN faoi mhí Feabhra 2023. Taifeadadh ráta teipe 69% sa bhliain 2022 atá tá an ráta sin ag teacht le ráta teipe na bliana 2021 (67%). Rinneadh neamhchomhlíonadh a oibriú amach trí úsáid a bhaint as an bprótacal cigireachta náisiúnta.



## Bainistíocht agus Forfheidhmiú Dramhaíola

Tugadh deontas €139,043 as an *gCiste Comhshaoil* don Chomhairle chun tacú le tionscnaimh thiomnaithe intomhaiste forfheidhmithe de réir mar atá sonraithe i bPlean *RMCEI* na Comhairle (*an Plean um Chritéir Íosta Mholta maidir le Cigireachtaí Comhshaoil agus Forfheidhmiú*). Rinneadh feidhmíocht i gcoinne an phlean a thomhas agus ansin rinneadh na torthaí a thuairisciú do Phríomhúdarás Réigiúnach Forfheidhmiúcháin Dramhaíola Chonnacht - Uladh (CUWERLA) agus don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC). Cuireadh tuairisceáin mhíosúla faoi bhráid CUWERLA tríd an GBRÁ.

## Réigiún Dramhaíola Chonnacht-Uladh agus CUWERLA

Áirítear Ros Comáin mar chuid de Réigiún Chonnacht-Uladh i gcomhthéacs bainistíocht dramhaíola. Foilsíodh *Plean Dramhaíola Chonnacht-Uladh, 2015-2021* i mí na Bealtaine 2015. Cheap an réigiún Comhairle Contae Mhaigh Eo mar an Príomhúdarás réigiúnach, chun gníomhú thar ceann na n-údarás eile, agus ar a bhfuil freagracht as cur chun feidhme rathúil an phlean. Chomh maith leis sin, roghnaíodh Príomhúdaráis Réigiúnacha Forfheidhmiúcháin Dramhaíola i ngach réigiún. Lean Comhairle Contae Ros Comáin ag plé le CUWERLA maidir le tosaíochtaí náisiúnta agus maidir le hábhair lena mbaineann leas réigiúnach. Is iad Comhairle Contae Liatroma agus Comhairle Contae Dhún na nGall na comh-phríomhúdaráis do CUWERLA a bhfuil an fhreagracht air as gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin dramhaíola a chomhordú laistigh den réigiún, as tosaíochtaí agus cuspóirí comhchoiteanna a leagan síos maidir le forfheidhmiúchán dramhaíola, agus as fhorfheidhmiú comhsheasmhach na reachtaíochta dramhaíola a chinntiú, agus is iad pearsanra na n-údarás áitiúil atá fós ina gcéad fhreagróirí ar an talamh maidir le sáruithe sonracha ar an reachtaíocht dramhaíola.

## An Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola

Tá an *Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach* á fhorbairt faoi láthair agus tiocfaidh sé in ionad an *Phlean Réigiúnaigh Bainistithe Dramhaíola*.

## Ionaid Athchúrsála

Leanann an Chomhairle le hionaid athchúrsála a oibriú ag Mainistir na Búille, Ros Comáin, Bealach an Doirín agus an Caisleán Riabhach. Bíonn láithreáin ar oscailt don phobal 3 lá ina aghaidh na seachtaine. Tá ionaid fág anseo suite freisin ag 39 suíomh ar fud an chontae. Cuireann Barna Recycling seirbhísí bailithe dramhaíola ar fáil. Tuairiscítear an dramhaíl uile a bhailítear sa *Suirbhé Náisiúnta Dramhaíola* a chuirtear faoi bhráid na GCC.

## Bainistíocht ar Líonadh Talún

Leanann an Chomhairle le monatóireacht agus cothabháil a dhéanamh ar 2 láithreán líonta talún stairiúla cheadúnaithe ag Bealach an Doirín agus Ros Comáin. Tá oibleagáid orthu monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar rioscaí comhshaoil a bhaineann leis na láithreáin stairiúla sin (m.sh. gás ón láithreán líonta talún, cáilíocht an screamhuisce, cáilíocht an uisce dromchla). Déantar oibreacha seirbhísithe agus cothabhála orthu go rialta freisin. Cuirtear an Tuarascáil Bhliantúil Chomhshaoil agus an Tuarascáil Bhliantúil Feidhmíochta Comhshaoil faoi bhráid an GCC. De bhun Deimhniú Údaraithe a ceadaíodh don láithreán líonta talún stairiúil ag an gCaisleán Riabhach, beidh gá le hoibreacha a dhéanamh ann ar bhonn leanúnach amhail tollphoill bhreise a shuiteáil chun monatóireacht bhreise a éascú. Is gá conarthaí le haghaidh sainchomhairleoirí a ullmhú freisin chun cuidiú le hiarratais ar Dheimhnithe Clárúcháin do láithreáin líonta talún stairiúla bheaga (Béal na mBuillí, Mainistir na Búille agus Dún Gar).

## An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide

Ceadaíodh an Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide sa bhliain 2021 agus eisíodh dréacht-treoir ón rialtas maidir le *Pleananna Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid Údaráis Áitiúla* i mí na Nollag 2021. Cheadaigh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide acmhainní suntasacha le haghaidh *Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide* do Ros Comáin a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

Cuireadh moltaí arna sainaithint ag an gCoiste um Pleanáil, Comhshaol, Athrú Aeráide agus Beartas Straitéiseach Corparáideach (SPC) ar aghaidh chuig an bhFoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide. Beidh Rannóga/Aonaid ábhartha na Comhairle freagrach as gníomhaíochtaí a shannfar. Lorgaíodh tairiscintí, i Ráithe 4 den bhliain 2021, le haghaidh físeán poiblíochta a dhéanamh faoi ghníomhú ar son na h-aeráide. Cuireadh léirithe spéise maidir le páirt a ghlacadh sa tionscadal ar aghaidh chucu freisin sa tréimhse chéanna. Taifeadadh an chuid is mó den fhíseán poiblíochta sa bhliain 2022. Críochnófar an físeán sa bhliain 2023.

## Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar

Cuirtear léargas beacht ar an truailliú ó bhruscar ar fud na tíre ar fáil leis an *gCóras Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar* agus déantar na hathruithe le himeacht ama a thomhas go cruinn leis an gcóras sin chomh maith. Rinne an Chomhairle suirbhéanna faoin gcóras - 24 Suirbhé Cainníochtúil agus 82 suirbhé ar thruailliú ó bhruscar.



Lá Bailithe Earraí Toirtiúla an Chaisleáin Riabhaigh.

## Cláir Bhliantúla

Fuarthas deontas €97,174 faoin *Tionscnamh Frithdhumpála*, 2022. Bailíodh níos mó ná 27 tona de dhramhaíl sa bhailiú earraí toirtiúla amháin agus bhí troscáin tí, tochtanna, boinn leapacha, toilg agus cathaoireacha uillinn i measc na rudaí a bailíodh. Fuair an *Clár Tacaíochta Pobail Frithbhruscair/Frithghraifítí* deontas €16,000.

Cuireadh na tionscadail seo a leanas i gcrích sa bhliain 2022:

- Bailiú earraí toirtiúla, a cuireadh ar bun ag gach ionad fóntas poiblí;
- Feachtas feasachta a bhain le Fodhlíthe um Bailiú Dramhaíola agus bhí fógraíocht sna nuachtáin agus feachtas ar na meáin shóisialta mar chuid den fheachtas. Maoiníodh an feachtas seo faoin *Tionscnamh Frithdhumpála*;
- Feachtas feasachta a bhain le ceist na mbailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe, agus bhí fógraíocht ar an raidió agus feachtas ar na meáin shóisialta mar chuid den fheachtas sin. Comhthionscadal i gcomhar le Comhairle Contae Longfoirt a bhí ann agus maoiníodh é faoin *Tionscnamh Frithdhumpála*;
- Feachtas maidir le glantachán cois bóthair;
- Glantachán ag Coolaghtane agus ag Bealach an Doirín;
- Boinn a thabhairt chun bealaigh.

## Clár na Scoileanna Glasa

Tá an clár forchéimnitheach agus leanúnach seo deartha do bhunscoileanna agus d'iar-bhunscoileanna araon. Tá an clár bunaithe ar théamaí éagsúla, agus tógann sé timpeall 2 bhliain chun ceann de na téamaí sin a chríochnú. Ní mór do na scoileanna ar bronnadh *Brat Glas* orthu a mbrat a athnuachan gach 2 bhliain. Bhí stádas an *Bhrait Ghlais* faighte ag 61 scoil de na 98 ceann (bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) sa chontae faoi dheireadh na bliana 2022.

## Fodhlíthe um Chorrthrádáil

Cuireadh athbhreithniú ar na Fodhlíthe um Chorrthrádáil i gcrích sa bhliain 2022. Bhí cóipeanna de na Fodhlíthe beartaithe um Chorrthrádáil ar fáil le haghaidh scrúdaithe ón 1 Meán Fómhair go dtí an 30 Meán Fómhair 2022 agus ba é an 14 Deireadh Fómhair 2022 an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn a chur isteach. Glacadh na fodhlíthe i mí na Samhna 2022, le héifeacht ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh.

## Feachtais Feasachta Comhshaoil agus Feachtais ar na Meáin

Ghlac Sráidbhaile Chéididh páirt i gcomórtas idirnáisiúnta Entente Florale 2022. Chuidigh foireann na Comhairle le hullmhúcháin roimh ré agus le cuir i láthair don phainéal moltóirí. Níor tugadh cuireadh chun páirt a ghlacadh sa chomórtas ach do 2 áit sa tír (32 contae) agus tugadh ceann amháin (1) de na cuirí sin do Chéideadh.

Reáchtáladh oiliúint i dTeaschaidéil d'fhoireann na Comhairle i mí an Mheithimh 2022. Bhain na cuspóirí seo a leanas leis an oiliúint seo:

- Feabhas a chur ar sholáthar teaschaidéal in údaráis áitiúla chun a chinntiú go mbeidh iarfheistiú nó tógáil nua ar an gcaighdeán is airde agus go mbeidh teaschaidéil ag oibriú chomh héifeachtach agus is féidir; agus
- Feasacht ar theaschaidéil a mhéadú i measc tionóntaí, fhoireann na Comhairle, suiteálaithe agus an phobail i gcoitinne.

Cuireadh roinnt feachtas (feachtais ar na meáin shóisialta/feachtais feasachta) ar bun le linn na bliana 2022, agus bhí na cinn seo a leanas ina measc:

- Seoladh na Seachtaine Náisiúnta um Aer Glan
- Seimineáir Scoileanna Glasa ar líne;
- Ceardlann bainistíochta bruscair ar líne do ghrúpaí na mbailte slachtmhara / do ghrúpaí pobail;
- Feachtas ar na meáin shóisialta do Mhí Náisiúnta na hAthúsáide;
- Comórtais frithbhruscair a eagraíodh do scoileanna náisiúnta;
- Feachtais ar na meáin shóisialta agus sna nuachtáin a bhain le cúrsaí athchúrsála um Nollaig;
- Taispeántais fuaime agus VMA ag ionaid fág anseo don Nollaig/Athbhliain;
- Bailitheoir Dramhaíola Neamhúdaraithe, comhfheachtas i gcomhar le Comhairle Contae Longfoirt a maoiníodh faoin Tionscnamh Frithdhumpála;
- Fodhlíthe um Bailiú Dramhaíola maoinithe faoin Tionscnamh Frithdhumpála freisin;
- Feachtais feasachta DWWTS.



# Rialachas agus Gnóthaí Corparáideacha

Áirítear le feidhmeanna Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha seirbhísí tacaíochta a sholáthar do lucht bainistíochta na Comhairle; cruinnithe na Comhairle agus a fochoistí a eagrú agus fónamh orthu; clár na dtoghthóirí; árachas; bainistíocht saoráidí; feidhmeanna tréidliachta; seirbhísí rialaithe madraí; fáiltithe cathartha; imeachtaí, seirbhísí do chustaiméirí; gearáin ó chustaiméirí; saoráil faisnéise; rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leis an gcomhshaol; cosaint sonraí; dearbhuithe um eitic agus tuairisciú ar shíntiúis pholaitíochta.

## Cruinnithe Chomhairle Contae Ros Comáin

Tagann na 18 gcomhalta den Chomhairle le chéile ag Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle chun a gcuid feidhmeanna forchoimeádta a chur i gcrích agus pléann siad le gnóthaí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha atá ríthábhachtach maidir le forbairt inbhuanaithe an chontae i gcomhréir leis na tosaíochtaí agus cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach i *bPlean Corparáideach* na Comhairle.

Tionóladh 11 Chruinniú Iomlánacha mhíosúla den Chomhairle sa bhliain 2022. Tionóladh an Cruinniú Bliantúil i mí an Mheithimh agus toghadh an Comhairleoir Tom Crosby ina Chathaoirleach agus an Comhairleoir Laurence Fallon ina Leas-Chathaoirleach ag an gcruinniú sin. Tionóladh 1 Chruinniú Speisialta i mí an Mhárta chun glacadh le *Dréachtphlean Forbartha Contae 2022–2028*. Tionóladh Cruinniú an Bhuiséid i mí na Samhna 2022 d'fhonn Buiséad 2023 a fhaomhadh.

Bhí 12 chruinniú ag Ceantar Bardasach Ros Comáin, 8 gcruinniú ag Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain agus 9 gcruinniú ag Ceantar Bardasach Mhainistir na Búille le linn na bliana 2022.

## Plean Corparáideach 2020-2024

Ghlac na Comhaltaí Tofa leis an *bPlean Corparáideach* sa bhliain 2020. Úsáidtear an plean sin mar chreat gníomhaíochta straitéiseach Chomhairle Contae Ros Comáin le linn shaolré na Comhairle reatha. Déantar na 3 thosaíocht a leanas a leagan amach sa phlean chun misean na Comhairle a chur i gcrích, chun dearcthaí mhuintir an chontae a léiriú agus chun pobail inbhuanaithe a fhorbairt i dtimpeallacht atá ag athrú:

- Cáilíocht na beatha agus folláine do chách;
- Forbairt eacnamaíoch agus pobail;
- Seirbhísí ardchaighdeáin dár ndaoine.

## Clár na dToghthóirí

Tháinig roinnt athruithe ar an bpróiseas clárúcháin toghthóirí i bhfeidhm de thoradh an Achta um Athchóiriú Toghchán, 2022. Tá Rollchlár curtha in ionad na nDréachtchlár agus na mBeochlár agus déanfar é a nuashonrú ar bhonn leanúnach agus fanfaidh sé beo ar feadh suas le 15 lá roimh imeacht toghchánach. Ba as an mBeochlár deireanach a tháinig i bhfeidhm ar an 15 Feabhra 2022 a tógadh na figiúirí do thoghthóirí atá leagtha amach i **dTábla 1** thíos.

**Tábla 1 - Clár na dToghthóirí**

| Toghcheantar na Dála | Toghthóirí Uachtaránachta | Toghthóirí na Dála |
|---|---|---|
| Ros Comáin - Toghthóirí Thoghcheantar na Gaillimhe | 41,181 | 42,740 |
| Toghthóirí Thoghcheantar Shligigh - Liatroma i gContae Ros Comáin | 5,587 | 5,800 |
| Toghthóirí Thoghcheantair an Láir Tíre – an Iarthuaiscirt do Pharlaimint na hEorpa | | 47,758 |
| Toghthóirí na dToghlimistéar Áitiúil | | 50,043 |
| › Toghlimistéar Áitiúil Bhaile Átha Luain | | 15,153 |
| › Toghlimistéar Áitiúil Mhainistir na Búille | | 17,731 |
| › Toghlimistéar Áitiúil Ros Comáin | | 17,159 |



Richael Timothy (Parailimpeach de chuid na hÉireann) agus gradam speisialta á bhronnadh uirthi ag Fáiltiú Cathartha ar an 21 Meitheamh 2022. Ba iad an Comhairleoir Joe Murphy (Cathaoirleach) agus Eugene Cummins (Príomhfheidhmeannach) a bhronn an gradam uirthi.



*Saoirse Chontae Ros Comáin* á bronnadh ar na dornálaithe Lisa agus Aoife O'Rourke ag searmanas speisialta i Seomra na Comhairle ar an 8 Nollaig 2022.

## Fáiltithe Cathartha

Óstálann Comhairle Contae Ros Comáin fáiltithe cathartha do dhaoine ina limistéar riaracháin féin a bhfuil clú agus cáil tuillte acu agus a chuireann bród agus mórtas ar an bpobal as ucht a n-éachtaí.

Bhí Fáiltiú Cathartha in onóir do 18 mbuaiteoir gradaim, lena n-áirítear foirne agus daoine aonair, in Áras an Chontae, Ros Comáin ar an 21 Meitheamh 2022, Léirigh na buaiteoirí gradaim go léir barr feabhais i réimsí éagsúla amhail spórt, obair óige, damhsa agus cruthaitheacht chomh maith le gníomhartha crógachta agus féiníobartha a léiriú. Bronnadh scrolla comórtha a síníodh go speisialta dóibh orthu go léir. Bronnadh 2 ghradam speisialta, ceann amháin ar Aoife O'Rourke (dornálaíocht) agus ceann eile ar Richael Timothy (rothaíocht Pharailimpeach) chun aitheantas a thabhairt dá stádas mar Oilimpigh de chuid na hÉireann toisc gur ghlac siad páirt i gCluichí Oilimpeacha an tSamhraidh ar son na hÉireann i dTóiceo i mí Iúil 2021.

## Saoirse Chontae Ros Comáin

D'aontaigh na Comhaltaí Tofa d'aon ghuth *Saoirse Oinigh Limistéar Riaracháin Chontae Ros Comáin* a bhronnadh ar na deirfiúracha Lisa agus Aoife O'Rourke. Reáchtáladh an searmanas i Seomra na Comhairle ar an 8 Nollaig 2022. Bronnadh gradam ar Lisa as bonn óir a bhuachan ag Craobhchomórtais Dornálaíochta an Domhain, agus bronnadh gradam ar Aoife as a teideal a choimeád ag Craobhchomórtais Dornálaíochta na hEorpa.

## Turais Ionadaithe Thar Lear

Thaistil an Cathaoirleach, an Comhairleoir Joe Murphy agus an Comhairleoir Laurence Fallon, in éineacht leis an Stiúrthóir Seirbhísí, an tUasal Laurence Fallon go Nua Eabhrac i mí an Mhárta 2022. Thug siad faoin gcuairt ar cuireadh ó Chumann Chontae Ros Comáin Nua Eabhrac chun bualadh le diaspóra Ros Comáin agus chun deiseanna eacnamaíochta agus turasóireachta a chur chun cinn do Ros Comáin.

## Sparánacht Dermot Earley

Bhunaigh Comhairle Contae Ros Comáin sparánacht bhliantúil spóirt in onóir Dermot Earley, nach maireann. Tugtar cúnamh airgid leis an sparánacht seo d'iarrthóirí rathúla as Contae Ros Comáin (1 fhear agus 1 bhean) ag a bhfuil cúlra cumasach acu sa spórt agus atá sa chéad bhliain ar chúrsa tríú leibhéal. Ba iad Niamh Fitzgerald as Club CLG Naomh Doiminic agus Adam McGreal as Cumann CLG Phádraig Mhic Phiarais na hiarratasóirí rathúla don bhliain acadúil 2022/2023

## Na Meáin Shóisialta

Bhí a cuntais ar na meáin shóisialta, lena n-áirítear Facebook, Instagram, Twitter, YouTube agus LinkedIn ina gcabhair mhór don Chomhairle maidir le cumarsáid agus teagmháil leis an bpobal a fheabhsú. Tá 28 próifíl ag an gComhairle ar fud ardáin éagsúla, lena n-áirítear seirbhísí leabharlainne, ionad ealaíon, diaspóra Ros Comáin agus an Oifig Fiontair Áitiúil, agus mar sin, uirlis ríthábhachtach cumarsáide is ea na meáin shóisialta don Chomhairle agus do mhuintir na háite araon. Cuireann an tsolúbthacht a bhaineann leis na meáin shóisialta ar chumas na Comhairle faisnéis a chomhroinnt go gasta agus go héasca le sprioclucht mór, tacú le feachtais náisiúnta de réir mar is gá, aird a tharraingt ar dheiseanna fostaíochta sa Chomhairle agus feasacht níos mó ar an obair a dhéanann sí a chur chun cinn. Bhí na próifílí seo ar na meáin shóisialta feicthe ag níos mó ná 70,000 duine faoi dheireadh na bliana 2022.

## Feidhmeanna Tréidliachta

Feidhmíonn an Chomhairle conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) chun maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht bia in 8 seamlas agus i 5 mhonarcha próiseála feola neamhspleácha. Tá 5 ghnólacht bia cláraithe leis an gComhairle freisin. Déanann Oifigeach Tréidliachta na Comhairle agus Cigirí Tréidliachta sealadacha maoirseacht ar mharú. Déantar scrúdú ar na hainmhithe ar fad roimh a mbás agus tar éis a mbáis lena chinntiú go bhfuil an fheoil oiriúnach mar bhia don duine. Déantar inrianaitheacht na n-ainmhithe go léir a dheimhniú chomh maith. Maraíodh 2,973 ceann eallaigh, 3,741 caora agus 272 muc sa bhliain 2022 i seamlais ar a ndéanann an Chomhairle maoirseacht.

## Seirbhísí Rialaithe Madraí

Tá conradh seirbhíse ag Midland Animal Care leis an gComhairle maidir le rialú madraí sa chontae faoin Acht um Rialú Madraí, 1986.

Tá dualgas faoin dlí ar úinéirí madraí ceadúnas reatha a bheith acu dá madra agus micrishlis a bheith sa mhadra. Thug An Post an *Clár Náisiúnta Madraí* isteach i mí Iúil 2018 chun gur féidir ceadúnais do mhadraí a cheannach ar líne Is féidir ceadúnais a cheannach chomh maith ag aon Oifig Poist. B'ionann caiteachas na bliana 2022 ar sheirbhísí rialaithe madraí agus €195,010 agus b'ionann an t-ioncam iomlán ó cheadúnais agus ó tháillí agus €78,031.

Ceanglaítear ar thógálaithe madraí, leis an Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí, 2010 iarratas a dhéanamh ar a n-ionad pórúcháin a chur ar an *gClár um Bunachais Pórúcháin Madraí de chuid na nÚdarás Áitiúil*. Bhí 2 ionad póraithe bhreise ar chlár na Comhairle ag deireadh na bliana 2022.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Fuair Comhairle Contae Ros Comáin 62 iarratas SF sa bhliain 2022. Tá miondealú ar thorthaí na n-iarratas sin leagtha amach i **dTábla 2** thíos.

**Tábla 2: Iarratais SF**

| | |
|---|---|
| Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 1 Eanáir 2022 | 6 |
| Líon na n-iarratas a fuarthas le linn na bliana 2022 | 62 |
| Líon na n-iarratas a ceadaíodh | 21 |
| Líon na n-iarratas a ceadaíodh i bpáirt | 27 |
| Líon na n-iarratas a diúltaíodh | 14 |
| Líon na n-iarratas SF a aistríodh, a tarraingíodh siar nó ar déileáladh leo lasmuigh de SF | 1 |
| Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 31 Nollaig 2022 | 5 |

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (RFC)

Fuair an Chomhairle 13 iarratas RFC sa bhliain 2022. Tá sonraí a bhaineann le torthaí na n-iarratas sin leagtha amach i **dTábla 3** thíos.

**Tábla 3: Iarratais RFC**

| | |
|---|---|
| Líon na n-iarratas RFC nár cinneadh amhail an 1 Eanáir 2022 | 1 |
| Líon na n-iarratas RFC a fuarthas le linn na bliana 2022 | 13 |
| Líon na n-iarratas RFC a deonaíodh | 6 |
| Líon na n-iarratas RFC a deonaíodh i bpáirt | 4 |
| Líon na n-iarratas RFC a diúltaíodh | 4 |
| Líon na n-iarratas RFC a tarraingíodh siar. | 0 |
| Líon na n-iarratas nár cinneadh amhail an 31 Nollaig 2022 | 0 |

## Cosaint Sonraí

Tá ceanglais leagtha amach sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus san Acht um Chosaint Sonraí, 2018 lena forchuirtear oibleagáidí ar an gComhairle maidir le cosaint na sonraí pearsanta uile atá ina seilbh. Lean an Chomhairle le beartais, nósanna imeachta agus cleachtais dá cuid a fhorbairt sa bhliain 2022 chun a freagrachtaí maidir le cosaint sonraí a chomhlíonadh. Phróiseáil an Chomhairle 4 Iarratas Duine ar a Shonraí/Sonraí (SARanna) i rith na bliana.

## Dearbhuithe um Eitic agus Tuairisciú ar Shíntiúis Pholaitíochta

Chuir gach Comhalta Tofa agus Ball Foirne Ábhartha dearbhuithe um eitic isteach sa bhliain 2022 i gcomhréir le ceanglais riachtanacha arna bhforordú san Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Cuid 15) agus sna Rialacháin, 2015 san Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (Cuid 15).

Chomhlíon gach Comhalta Tofa, sa bhliain 2022, na ceanglais atá leagtha amach san Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh 1999, (arna leasú)), maidir le síntiúis pholaitíochta a nochtadh.

## Nochtuithe Cosanta

Ullmhaíodh an tuarascáil atá leagtha amach i dTábla 4 thíos i gcomhréir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus tá sí á foilsiú ag an gComhairle i gcomhréir leis freisin:

**Tábla 4: Nochtuithe Cosanta - Tréimhse Thuairiscithe: Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022**

| | |
|---|---|
| Líon na Nochtuithe Cosanta a rinneadh do Chomhairle Contae Ros Comáin | 0 |
| Beart a rinneadh (má rinneadh é) chun freagairt a dhéanamh do na Nochtuithe Cosanta sin | N/A |

## Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas

Thug an Chomhairle, agus a cuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aici i gcomhréir le hAlt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, aird ar an ngá leis an méid seo a leanas a dhéanamh –

a. Deireadh a chur le hidirdhealú,

b. Comhionannas deise dá baill foirne agus do na daoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chur chun cinn chomh maith le comhionannas sa chaoi a gcaitear leo.

c. Cearta daonna a comhaltaí, a ball foirne agus na ndaoine dá soláthraíonn sí seirbhísí a chosaint.

## Acht an Gharda Síochána 2005

Thug an Chomhairle, agus a cuid feidhmeanna á gcomhlíonadh aici i gcomhréir le hAlt 37 d'Acht an Gharda Síochána, 2005, aird ar an tábhacht le gníomhú chun coireacht, mí-ord agus iompar frithshóisialta a chosc laistigh dá réimse freagrachta.



# Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh

**Tá freagracht ag an Rannóg um Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh, lena n-áirítear Soilsiú Poiblí, as roinnt réimsí sonracha.**

## Bainistíocht Sócmhainní

Is é an príomhchuspóir atá leis an bhfeidhm seo gach sócmhainn de chuid na Comhairle lena n-áirítear ionaid réadmhaoine, foirgnimh, talamh agus tithe a bhainistiú agus iad a thaifeadadh i *gClár na Sócmhainní comhdhlúite* agus cloí le hoibleagáidí bainteach na Comhairle maidir le tuairisciú reachtúil. Déantar sonraí a bhaineann le gach foirgneamh agus leis an talamh atá faoi úinéireacht na Comhairle mar aon le líon iomlán na dtithe sóisialta a chur ar aghaidh chuig Oifig na nOibreacha Poiblí ar bhonn bliantúil lena gcur ar an *gClár Náisiúnta Maoine*. Tá an Chomhairle ag obair i dtreo fardal caighdeánaithe dá sócmhainní uile a chur i gcrích.

## Bainistíocht Fuinnimh

Is é príomhfheidhm na bainistíochta fuinnimh ról na Comhairle mar chomhlacht poiblí a éascú i dtaca leis an dúshlán a bhaineann le seirbhísí poiblí a dhícharbónú agus i dtaca le spriocanna ábhartha an *Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2023* a bhaint amach. Leagtar amach sa phlean sin leibhéal na hiarrachta agus na gníomhaithe a theastaíonn maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) na hÉireann a laghdú faoi 50% faoin mbliain 2030 agus maidir lenár n-aistriú chuig geilleagar agus sochaí atá neodrach ó thaobh carbóin de tráth nach déanaí ná an bhliain 2050. Tá an earnáil phoiblí faoi shainordú faoin bplean chun laghdú iomlán 51% ar astaíochtaí GCT a bhaint amach mar aon le feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoin mbliain 2030, i gcoinne bhonnlíne 2016 go 2018.

Shíníodh *Comhaontú Comhpháirtíochta Fuinnimh na hEarnála Poiblí* ar an 25 Aibreán 2016 mar chuid d'oibleagáid chomhpháirteach idir an Chomhairle agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, agus leagadh amach sprioc don Chomhairle ann maidir le feabhas 33% ar fheidhmíocht fuinnimh a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2020, bunaithe ar bhonnlíne 2009. Thug an Chomhairle tuairisc i mí Bealtaine 2021 ar an méid fuinnimh a d'úsáid sí sa bhliain 2020. Bhain sí laghdú 38.1% amach ar an méid fuinnimh a d'úsáid sí faoi dheireadh na bliana 2020, rud a d'fhág gur sháraigh sí an sprioc de feabhsú 33%.

Ghlac an Chomhairle ballraíocht i nGníomhaireacht Fuinnimh Lár na Tír (MEA), á hailíniú féin le CARO (Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar Son na hAeráide) i Réigiún Lár na Tíre. Is iad Comhairle Contae Laoise an príomhúdarás don MEA agus comhordaíonn an tOifigeach Fuinnimh cruinnithe míosúla do ghrúpaí oibre agus cruinnithe ráithiúla do ghrúpaí stiúrtha idir na húdaráis áitiúla go léir sa MEA.

Leantar le hobair a bhaineann le hoibleagáidí tuairiscithe reachtúil agus le hobair ina ndírítear ar na réimsí Comhairle ina n-úsáidtear an méid is mó fuinnimh, lena n-áirítear soilsiú poiblí, úsáid leictreachais, agus breosla iompair. Déantar an méid seo ar mhaithe le tuilleadh feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.

## Soilsiú Poiblí

Tá conradh ag an gComhairle le Energia a bhaineann le fuinneamh neamh-mhéadraithe agus méadraithe a sholáthar chun an líonra de shoilse poiblí ar fud an chontae a choimeád ag soilsiú.

Rinne an Chomhairle, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla eile i réigiún Chonnacht, conradh cothabhála don réigiún le Electric Skyline Limited i mí Dheireadh Fómhair 2020. Bhain an conradh seo le deisiúcháin ghinearálta ar an gcóras agus bhí rátaí iomaíocha le haghaidh soilsiú poiblí a chothabháil, a dheisiú agus a fheabhsú mar thoradh air. Tá thart ar 8,000 solas poiblí i gContae Ros Comáin agus rinneadh 59% díobh sin a uasghrádú go soilse LED, agus rinneadh méid suntasach fuinnimh a spáráil dá thoradh sin.

Tá an Chomhairle lonnaithe i Réigiún 3 don *Tionscadal Náisiúnta Iarfheistithe LED* agus shínigh sí Comhaontú Alt 85 le Comhairle Contae Mhaigh Eo maidir leis an *Tionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh do Shoilsiú Poiblí (PLEEP)*. Tá oibreacha uasghrádaithe ar shoilsiú poiblí ar siúl fós i gContae Ros Comáin tríd an gconradh cothabhála le Electric Skyline Limited. Cuirfear an soilsiú poiblí eile atá le huasghrádú san áireamh le *PLEEP*.

# Dearbhú de réir I.R. 542 de 2009

## Forléargas ar Úsáid Fuinnimh

Chaith Comhairle Contae Ros Comáin €2.25 milliún ar mhuirir a bhain le fuinneamh sa bhliain 2022, agus is iad seo a leanas na príomhchatagóirí a bhí i gceist:

- Muirir a bhain le fuinneamh agus cothabháil an tsoilsithe phoiblí;
- Muirir leictreachais a bhain le soilsiú, trealamh agus téamh spáis;
- Breosla iompair.

## Gníomhaíochtaí a Rinneadh

Ó 2010 i leith rinne Comhairle Contae Ros Comáin raon tionscnamh chun feabhas a chur ar a feidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear:

- Monatóireacht agus tuairisciú ar úsáid fuinnimh;
- Oiliúint i ndáil le fuinneamh;
- Feachtais feasachta;
- Oiliúint tiománaithe;
- Tugadh oifigí na Comhairle i mbaile Ros Comáin le chéile ina aon Cheanncheathrú Cathartha saincheaptha amháin agus bhí tairbhí coigilte fuinnimh mar thoradh air sin;
- Uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh ar fhoirgnimh agus ar shoilsiú poiblí;

Lean an Chomhairle ar aghaidh sa bhliain 2022 le tionscnaimh chun a feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú lenar áiríodh soilse poiblí a iarfheistiú le soilse LED ar bhóithre agus eastáit éagsúla ar fud an chontae. Sábháiltear méid suntasach airgead ar fhuinneamh gach bliain mar thoradh ar na bearta coigilte fuinnimh seo. I mBealtaine 2021, thuairiscigh an Chomhairle gur bhain sí laghdú 38.1% amach maidir le húsáid fuinnimh faoi dheireadh 2020 bunaithe ar bhonnlíne 2009, agus ar an mbealach sin sháraigh sí an sprioc de fheabhsú 33% i gcomhthéacs cheangaltais AE agus náisiúnta na hÉireann.

## Gníomhaíochtaí atá Beartaithe

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Ros Comáin tuilleadh feabhais a chur ar a feidhmíocht fuinnimh trí na tionscnaimh seo a leanas a dhéanamh:

- *Plean Gníomhaíochta Fuinnimh* Ilbhliantúil;
- Monatóireacht agus iniúchtaí fuinnimh ar réimsí ina n-úsáidtear méid suntasach fuinnimh, le bheith mar bhonn eolais faoi phleananna d'oibreacha uasghrádaithe;
- Feachtais feasachta leis an bhfoireann uile;
- Uasghráduithe LED ar shoilse poiblí atá ann cheana. Chláraigh an Chomhairle mar rannpháirtí sa *PLEEP*, ar tionscadal é a chomhordaíonn an Oifig um Bainistíocht Bóithre agus atá tosaithe cheana ar bhonn náisiúnta.





# Acmhainní Daonna

**Cothaíonn an Rannóg Acmhainní Daonna cultúr ina dtugtar tús áite do sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí sna bealaí seo a leanas: pleanáil fórsa saothair; earcaíocht agus roghnú ball foirne; oiliúint agus forbairt; bainistiú feidhmíochta; forbairt ar cheannasaíocht; leas na mball foirne; polasaithe agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a aontaíodh a fhorbairt agus a sholáthar; timpeallacht dhaingean oibreachais a chur ar fáil agus timpeallacht chothrom chomhairleach thacúil a chruthú.**

## Pleanáil d'Fhórsa Saothair

Aithníonn Comhairle Contae Ros Comáin gurb iad a fostaithe an acmhainn is luachmhara san eagraíocht. Tá ról thar a bheith tábhachtach acu maidir le cuspóirí corparáideacha agus gnó na comhairle a bhaint amach agus tá siad riachtanach ó thaobh athruithe a chur i bhfeidhm. Déanann an Rannóg Acmhainní Daonna a cuid fostaithe a imlonnú, a fhorbairt agus a bhainistiú d'fhonn dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le timpeallacht athraitheach oibre agus le seirbhís éifeachtúil éifeachtach a chur ar fáil don phobal. Ba ar líne amháin a rinneadh a próiseas earcaíochta ar fad i rith na bliana agus rinneadh gach agallamh go cianda, agus ní raibh moill ar bith ar phoist bhunriachtanacha a líonadh dá thoradh sin. Bhí 477 duine san iomlán fostaithe ag an gComhairle ar an 31 Nollaig 2022.

## Bainistíocht Feidhmíochta

*Is é Plean Corparáideach* na Comhairle bunchloch a g*Córais Chomhtháite um Bainistíocht Feidhmíochta*. Is é an *Plean Corparáideach* an bunchloch maidir le *Pleananna Bliantúla Soláthair Seirbhísí, Pleananna Aonaid* agus *Pleananna Feidhmíochta Daoine Aonair* a fhorbairt. Déantar leis na pleananna sin, cuspóirí, spriocanna agus tréimhsí a leagan síos chun a chinntiú go gcuireann na fostaithe go léir le seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar don phobal.

## Oiliúint agus Forbairt na mBall Foirne

Tá an Chomhairle tiomanta d'oiliúint agus forbairt na mball foirne, rud a bhaintear amach i mbealaí éagsúla, amhail réimse leathan deiseanna oiliúna agus forbartha, cláir forbartha ceannasaíochta agus deiseanna breisoideachais le cinnte a dhéanamh de go mbeidh an t-eolas, an oilteacht, na hinniúlachtaí agus na scileanna cuí ag fostaithe chun cuspóirí agus aidhmeanna na Comhairle a bhaint amach. Rinne an Rannóg Acmhainní Daonna Clár Cuimsitheach Cothrom Oiliúna agus Forbartha a sholáthar i rith na bliana 2022.





## Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022

Déantar le *Ag Dul ó Neart go Neart - Comhaontú Nua Seirbhíse Poiblí 2021-2022* forbairt ar an gcreat de chomhaontuithe seirbhíse poiblí lena n-áirítear *Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018 - 2020)* a chuaigh as feidhm an 31 Nollaig 2020. Déantar na nithe seo a leanas leis an gcomhaontú nua seo; dúshláin reatha a chur san áireamh, freagairt na seirbhísí poiblí ar na dúshláin sin a léiriú, iarracht a dhéanamh teacht ar réiteach cothrom maidir le buarthaí na ngrúpaí iomadúla éagsúla seirbhíseach poiblí lena mbaineann na comhaontuithe sin, agus dul i ngleic freisin le bearta áirithe a tugadh isteach faoi *Chomhaontú Bhóthar Haddington*.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Oibríonn an Rannóg Acmhainní Daonna le ceardchumainn agus le hionadaithe foirne chun caidreamh dearfach buan a chothú le fostaithe agus tá an Rannóg tiomanta do thimpeallacht mhaith a chur chun cinn ó thaobh caidreamh tionsclaíoch de.

## Bainistíocht Tinrimh

Tá *Polasaí Bainistíochta Tinrimh* na Comhairle ina chuidiú maidir le timpeallacht oibre a chur ar fáil lena spreagtar fostaithe i dtreo tinreamh foirfe. Is é an neamhláithreachas a laghdú is aidhm leis an bpolasaí agus is iad soláthar feabhsaithe seirbhísí agus costais níos ísle an toradh air sin. Cailleadh 4.41% de laethanta oibre na bliana 2022 mar gheall ar thinneas nó ar neamhláithreachas.

## Bearta Gníomhachtaithe an Fhórsa Saothair

Thug an Chomhairle 1 chéimí isteach faoin *gClár Earcaíochta Céimithe* reatha san Oifig Fiontar Áitiúil. Chomh maith leis sin thug an Chomhairle 1 phrintíseach isteach faoin *Scéim Dreasachta Printíseachtaí* i réimse an Airgeadais. Is é is aidhm leis sin go gcuirfidh an bheirt chéimithe lena gcuid scileanna agus inniúlachtaí ina réimse saineolais féin faoi dheireadh na dtionscnamh seo.

# Sláinte agus Sábháilteacht

## Leanann an Chomhairle le forálacha *Chórais Bainistíochta Sábháilteachta* na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm.

Déantar *Córais Bainistíochta Sábháilteachta* na n-údarás áitiúil a chur i bhfeidhm trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chórais reatha, trí dhianchlár iniúchta sláinte agus sábháilteachta a chur i bhfeidhm agus tríd an gclár oibre a thabhairt chun críche. Déantar cumarsáid agus comhairliúchán le fostaithe agus cuirtear oiliúint i sláinte agus sábháilteacht ar fhostaithe de réir mar is gá. Tugtar tacaíocht d'fhostaithe chun córais shábháilte oibre a chur i bhfeidhm. Déantar idirchaidreamh leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA), le hUisce Éireann agus le páirtithe leasmhara eile de réir mar is iomchuí.

Ceanglaítear leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 go ndéanfaidh fostóirí chomh maith le lucht bainistíochta agus fostaithe na bhfostóirí sin an tsláinte agus an tsábháilteacht a mheas mar chomhfhreagracht.




Bhí na nithe seo a leanas mar chuid de chlár oibre 2022:

- Monatóireacht ar an *gCóras Bainistíochta Sábháilteachta* ag Oifigigh Shláinte agus Shábháilteachta na Comhairle trí iniúchtaí leanúnacha ar obair;
- Caighdeáin *Deimhniúcháin ISO 45001* a fhorfheidhmiú don tSeirbhís Dóiteáin;
- Forbairt agus athbhreithniú ar cháipéisíocht na Comhairle a bhain leis an *gCóras Bainistíochta Sábháilteachta* bhí ann cheana agus áiríodh beartais sláinte agus sábháilteachta leis seo;
- *Clár Sláinte Ceirde, Leasa agus Folláine Ball Foirne* a fhorbairt agus a chur ar fáil;
- Comhoibriú ar bhonn leanúnach le comhlachtaí seachtracha amhail an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Uisce Éireann;
- Monatóireacht ar nósanna imeachta rialaithe do chonraitheoirí atá ann cheana;
- Feabhsú leanúnach ar phróiseas cumarsáide agus comhoibrithe na Comhairle m.sh. cruinnithe den Choiste Bainistíochta Sábháilteachta, cruinnithe le Comhordaitheoir an Cheantair Bhardasaigh agus idirchaidreamh le hionadaithe sábháilteachta;
- Forbairt leanúnach agus soláthar Clár Oiliúna Ionduchtúcháin um Láimhsiú Sábháilte agus Sláinte agus Sábháilteacht;
- Comhlíonadh leanúnach an dualgais reachtúil maidir le hiniúchtaí tríú páirtí ar threalamh tógála agus oibre de chuid na Comhairle.

# An Stiúrthóireacht um Airgeadas & Córais Faisnéise & an Claochlú Digiteach

# Cúrsaí Airgeadais

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as an méid seo a leanas;

- **Bainistíocht agus Maoirseacht Airgeadais;**
- **Cuntais Infhála lena n-áirítear Mótarcháin;**
- **Cuntais Iníoctha agus Soláthar;**
- **Iniúchadh Inmheánach;**
- **Soláthar agus Foilsiú Faisnéise Airgeadais lena n-áirítear an Buiséad Bliantúil agus an Ráiteas Bliantúil Airgeadais.**

## Bainistíocht Airgeadais

Úsáideann an Chomhairle Cuntas Ioncaim le haghaidh ioncam agus caiteachas laethúil reatha agus Cuntas Caipitil le haghaidh ioncam agus caiteachas a bhaineann le tionscadail níos fadtéarmaí amhail soláthar bonneagair agus sócmhainní, lena n-áirítear bóithre, scéimeanna tithíochta, talamh agus foirgnimh.

Bhí caiteachas €67.7m ar an gCuntas Ioncaim agus caiteachas €51.4m ar an gCuntas Caipitil don bhliain 2022.

## Príomhphointí a bhaineann le Gníomhaíocht Airgeadais sa bhliain 2022

- Bhí barrachas €26k ar an gCuntas Ioncaim;
- Bhí iarmhéid creidmheasa carntha €28.6m ar an gCuntas Caipitil;
- Bhí €270k sa chúlchiste ginearálta carnach ag deireadh na bliana 2022;
- Caitheadh €119m san iomlán as an gcuntas ioncaim agus as an gcuntas caipitil le chéile ar sholáthar seirbhísí do mhuintir Ros Comáin;
- Leanadh le feidhm an phárolla a oibriú trí chomhaontú seirbhíse, mar sheirbhís chomhroinnte a chuir Comhairle Contae Laoise ar fáil;
- Íocadh 98% de na sonraisc ó sholáthraithe laistigh de 30 lá, rud atá ar aon dul leis an mbliain roimhe sin.

## An Ghéarchéim san Úcráin

Chuir an Rialtas roinnt tacaíochtaí airgeadais ar fáil do ghnólachtaí áitiúla agus don Chomhairle mar gheall ar an ngéarchéim san Úcráin. Bhí tionchar aige seo ar Chuntas Ioncaim 2022 toisc gur thabhaigh an Chomhairle caiteachas €1.1m, méid atá inaisíoctha go hiomlán ach ag deireadh na bliana ní raibh ach €814k faighte aici.

## Bailiú Ioncaim

Tugtar achoimre sa tábla thíos ar fheidhmíocht an bhailithe ioncaim ón mbliain 2017 i leith:

| | 2022 | 2021 | 2020 | 2019 | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Rátaí** | 89% | 89% | 68% | 89% | 86% | 83% |
| **Cíos** | 91% | 93% | 93% | 91% | 92% | 91% |
| **Iasachtaí Tithíochta** | 71% | 65% | 62% | 76% | 55% | 56% |

## Achoimre ar Mhór-Bhailiúcháin Ioncaim don bhliain 2022

Tugtar léargas ginearálta sa tábla thíos ar fheidhmíocht bailithe ioncaim don bhliain 2022:

| A<br>Cineál Féichiúnaí | B<br>Riaráiste Tosaigh amhail an 01/01/2022 | C<br>Fabhraithe | D<br>Coigeartuithe i gcás Maoin Fholamh | E<br>Díscríofa | F<br>Tarscaoileadh agus Creid-mheasanna | G<br>Iomlán lena Bhailiú = (B+C-D-E-F) | H<br>Méid bailithe | I<br>Riaráistí Deiridh amhail an 31/12/2022 = (G-H) | J<br>Riaráiste Sonracha Amhrasacha | K<br>% Bailithe =(H)/(G-J) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Rátaí** | 1,232,568 | 12,496,462 | 1,144,199 | 220,328 | 428,769 | 11,935,733 | 10,591,883 | 1,343,850 | 16,713* | 89% |
| **Cíos** | 370,508 | 5,613,446 | - | 4,840 | - | 5,979,114 | 5,454,511 | 524,603 | - | 91% |
| **Iasachtaí Tithíochta** | 136,487 | 324,963 | - | 76% | - | 461,451 | 325,981 | 135,470 | - | 71% |

*Riaráistí sonracha amhrasacha = (i) Iarratais ar fholúntas atá ar feitheamh/nach gcomhlíonann na critéir & (ii) Cuntais atá faoi scrúdaitheoireacht/glacadóireacht/leachtú agus nach bhfuil cumarsáid ar bith ann maidir le toradh dóchúil.

Tá an Chomhairle tiomanta d'oibriú leis na custaiméirí ar fad chun fadhbanna a réiteach maidir le muirir na Comhairle a íoc.

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (Ráiteas Cuntais ar Ioncam & Caiteachais) don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2022


Tugann an Ráiteas ar Chuntas Ioncaim agus Caiteachais gach ioncam agus caiteachas le chéile a bhaineann le hioncam. Taispeánann sé an barrachas/(easnamh) don bhliain.

| Caiteachas De Réir Rannáin | Ollchaiteachas 2022 € | Ioncam 2022 € | Glanchaiteachas 2022 € | Glanchaiteachas 2021 € |
|---|---|---|---|---|
| Tithíocht agus Tógáil | 7,619,537 | 9,041,144 | (1,421,607) | (1,453,264) |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 29,368,418 | 22,413,760 | 6,954,658 | 6,932,454 |
| Seirbhísí Uisce | 6,290,435 | 6,871,985 | (581,550) | (19,462) |
| Bainistíocht Forbartha | 8,580,226 | 4,116,804 | 4,463,422 | 3,462,792 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 6,042,447 | 1,027,311 | 5,015,136 | 5,137,304 |
| Caitheamh Aimsire agus Áiseanna | 5,184,713 | 1,685,132 | 3,499,581 | 3,504,246 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 789,962 | 335,493 | 454,469 | 614,049 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 3,787,445 | 5,053,241 | (1,265,796) | (289,740) |
| Caiteachas/Ioncam Iomlán | **67,663,182** | **50,544,869** | | |
| Glanchostas an Rannáin lena mhaoiniú ó Rátaí agus ó Cháin Maoine Áitiúla | | | **17,118,313** | **17,888,380** |
| Rátaí | | | 12,496,462 | 12,573,441 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | | | 10,825,752 | 10,825,692 |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh Aistrithe** | | | **6,203,901** | **5,510,753** |
| **Aistrithe chuig/(ó) Chúlchistí** | | | (6,177,851) | (5,485,613) |
| **Barrachas/(Easnamh) Iomlán don Bhliain** | | | **26,050** | **25,140** |
| **Cúlchiste Ginearálta amhail an 1 Eanáir** | | | 243,944 | 218,803 |
| **Cúlchiste Ginearálta amhail an 31 Nollaig** | | | **269,994** | **243,944** |

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais (Clár Comhardaithe) amhail an 31 Nollaig 2022


| | 2022 € | 2021 € |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | € | € |
| Feidhmiúil | 236,776,449 | 239,107,826 |
| Infreastruchtúrach | 1,615,664,454 | 1,615,664,454 |
| Pobal | 12,769,146 | 13,055,965 |
| Neamhfheidhmiúil | 1,178,676 | 1,236,562 |
| | **1,866,388,726** | **1,869,064,807** |
| **Obair ar Siúl agus Réamhchaiteachas** | 23,441,554 | 17,127,581 |
| **Féichiúnaithe Fadtéarmacha** | 9,682,903 | 8,087,869 |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí | 5,180,523 | 5,107,868 |
| Infheistíochtaí Bainc | 10,790,386 | 40,807,739 |
| Airgead Tirim sa Bhanc | 19,747,505 | 2,666,329 |
| Airgead faoi Bhealach | 154,178 | 101,408 |
| | **35,872,591** | **48,683,343** |
| **Dliteanais Reatha** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 8,426,743 | 10,412,321 |
| | **8,426,743** | **10,412,321** |
| **Glansócmhainní / (Glandliteanais) Reatha** | **27,445,848** | **38,271,022** |
| **Creidiúnaithe (Méideanna níos mó ná bliain amháin)** | | |
| Iasachtaí Iníoctha | 27,311,156 | 28,590,261 |
| Éarlaisí Inaisíoctha | 776,671 | 740,418 |
| Eile | 1,680,975 | 1,605,100 |
| | **29,768,801** | **30,935,779** |
| **Glansócmhainní / (Dliteanais)** | **1,897,190,229** | **1,901,615,499** |
| **Arna Léiriú Ag** | | |
| Caipitliú | 1,866,388,726 | 1,869,064,807 |
| WIP Ioncaim | 20,226,644 | 15,619,494 |
| Cúlchiste Ginearálta Ioncaim | 269,994 | 243,944 |
| Cúlchistí Sonracha Eile | - | - |
| Iarmhéideanna Eile | 10,304,865 | 16,687,254 |
| **Cúlchistí Iomlána** | **1,897,190,229** | **1,901,615,499** |

# Caiteachas Ioncaim 2022




## Caiteachas de réir an Chláir

| | € | % |
|---|---|---|
| Tithíocht & Tógáil | 7,619,537 | 11% |
| Sábháilteacht & Iompar de Bhóthair | 29,368,418 | 43% |
| Seirbhísí Uisce | 6,290,435 | 9% |
| Bainistíocht Forbartha | 8,580,226 | 13% |
| Seirbhísí Comhshaoil | 6,042,447 | 9% |
| Caitheamh Aimsire agus Áiseanna | 5,184,713 | 8% |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 789,962 | 1% |
| Ilghnéitheach | 3,787,444 | 6% |
| Iomlán | 67,663,182 | 100% |




## Cad ar caitheadh Airgead air

| | € | % |
|---|---|---|
| Párolla | 28,193,141 | 42% |
| Costais Fheidhmiúla | 32,691,166 | 48% |
| Speansais Riaracháin | 2,640,208 | 4% |
| Speansais Bunaithe | 335,183 | 0% |
| Speansais Airgeadais | 1,862,643 | 3% |
| Speansais Ilghnéitheacha | 1,940,841 | 3% |
| Iomlán | 67,663,182 | 100% |

# Córais Faisnéise agus Bunathrú Digiteach



**Tá Ceann na gCóras Faisnéise i gceannas ar Roinn na gCóras Faisnéise agus Bunathraithe Dhigitigh, dá dtugann Foireann Oibríochtaí TFC (Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide) agus Foireann an Bhunathraithe Dhigitigh agus GIS (Córais Faisnéise Geografaí) tacaíocht.**

## Oibríochtaí TFC

Cuireann Foireann Oibríochta TFC an t-ardán soláthair seirbhísí agus tacaíocht theicniúil ar fáil do gach roinn, d'aonaid ghnó agus do Chomhaltaí Tofa na Comhairle. Cinntítear leis sin go mbíonn trealamh agus faisnéis, de réir mar is gá, ar fáil chun an Chomhairle a chuidiú seirbhís éifeachtúil a chur ar fáil do na cliaint agus do na custaiméirí dá cuid.

Díríodh acmhainní sa bhliain 2022 ar an ngá le réitigh chianoibre a thacú. Thacaigh Foireann Oibríochtaí TFC le naisc dhaingne leis an líonra corparáideach agus chuir siad gléasanna bainistithe cothrom le dáta ar fáil don fhoireann chun naisc le láithreacha cianoibre a éascú.

Lean Foireann Oibríochtaí TFC freisin de sheirbhísí a úsáid agus a fhorbairt atá ar fáil trí ardán Microsoft 365. Leis an gcur chuige sin cumasaítear rochtain shlán ar chórais chorparáideacha agus ar fhaisnéis ó láthair ar bith ar ghléasanna daingne bainistithe. Cuidíonn sé freisin le foireann na Comhairle a ligean obair a dhéanamh ar dhóigheanna nua agus an lorg carbóin a laghdú tríd an ngá le gléasanna fisiceacha a laghdú.

Lean Foireann Oibríochtaí TFC freisin de dhul chun cinn a dhéanamh sa bhliain 2022 maidir leis na réimsí freagrachta a leanas:

- An cumas a bhaineann le TFC na linne seo a mheas agus a fhorbairt chun cuspóirí gnó na Comhairle a fheabhsú agus tionchar uasta teicneolaíochtaí ata ag teacht chun cinn a chinntiú;
- Teicneolaíochtaí nua ar bith a iniúchadh agus a chur i bhfeidhm trína gcuirfear le feabhsú agus éifeachtúlacht na gcóras faisnéise atá ann;
- Slándáil agus sláine shonraí na Comhairle agus bonneagar TF a chinntiú, lena n-áirítear ag tabhairt faoi chibearshlándáil;
- Réitigh um athshlánú ó thubaiste/leanúnachas gnó a fhorbairt agus a bhainistiú lena ndéantar an riosca de bhristeacha i gcórais agus de chailliúint/thruailliú sonraí a íoslaghdú.










## Bunathrú Digiteach

Tá Foireann an Bhunathraithe Dhigitigh freagrach as clár oibreacha a sholáthar don eagraíocht chun bunathrú digiteach a bhaint amach, agus é mar aidhm ag an gclár sin seirbhísí ardchaighdeáin inrochtana a sholáthar atá éifeachtúil agus tarraingteach, a bhíonn ag teacht lena bhfuil saoránaigh ag súil. D'fhorbair an fhoireann os cionn 80 seirbhís ar líne go dtí seo, lena gcuirtear rochtain éasca agus éifeachtúil do chustaiméirí ar sheirbhísí éagsúla na Comhairle.

Trí thairseach dhigiteach, *My Online Services*, ar a bhfuil rochtain trí **www.roscommoncoco.ie**, bhí custaiméirí in ann fós clárú agus leas a bhaint as líon na seirbhísí ar líne atá ag dul i méid a chuireann an Chomhairle ar fáil amhail fadhbanna bardasacha agus timpeallachta a thuairisciú, iarratais a chur isteach ar dheontais nó íocaíochtaí a dhéanamh. Faoi dheireadh na bliana 2022, bhí os cionn 4,000 duine cláraithe mar chustaiméirí féinfhreastail ar an ardán digiteach sin. Leis sin, ligtear dóibh rochtain a fháil ar sheirbhísí na Comhairle ag am ar bith, ó áit ar bith ar ghléas ar bith.

Choinnigh an Chomhairle taifead ar shonraí do os cionn 10,000 custaiméir a chuir ceisteanna ar an bhfón nó trí ríomhphost. Déantar na ceisteanna seo a thaifeadadh agus cuirtear ar aghaidh na ceisteanna chuig an bpearsanra cuí chun iad a réiteach. Tháinig feabhas mór mar thoradh air seo ar chumarsáid inmheánach agus éifeachtúlacht maidir le próiseáil ordaithe saothair ag baill foirne.

Leanadh de phróisis ghnó a fheabhsú sa bhliain 2022 chomh maith trí sheirbhísí ar líne a chur i bhfeidhm go céimneach.

## CFG

Lean an Fhoireann CFG leis na córais a chothabháil agus a fhorbairt chun rochtain a sholáthar d'fhoireann na Comhairle agus do bhaill an phobail ar fhaisnéis bunaithe ar léarscáileanna. San áireamh leis na córais sin tá huirlisí chun amharc ar fhaisnéis bunaithe ar léarscáileanna agus chun í a bhailiú. Mar shampla, sa bhliain 2022, rinneadh suirbhé allamuigh Chlár na dToghthóirí le húsáid a bhaint as suirbhé táibléid a d'fhorbair an Fhoireann CFG.

Lean an Chomhairle le faisnéis eile a bhailiú go digiteach sa bhliain 2022. Trí chórais amhail *Report It*, cuireadh ar chumas an phobail an Chomhairle a chur ar an eolas faoi shaincheisteanna ina gceantar féin. Mhéadaigh foireann na Comhairle an úsáid dá cuid as feidhmchláir mhóibíleacha éagsúla chun sonraí a bhailiú níos éifeachtúla sa réimse.

Méadaíodh úsáid Microsoft Power BI agus deaiseanna CTF freisin sa bhliain 2022 chun na huirlisí a chur ar fáil do chinnteoirí na Comhairle a theastaíonn uathu chun faisnéis a bhreathnú agus a mheasúnú go gasta. Sa bhreis air sin, d'fhorbair an Fhoireann GIS roinnt tuarascálacha gréasánbhunaithe le linn na bliana chun taispeáint mhéadracht phríomhúil a chumasú ar dhóigh shimplí agus úsáideach.

# Tuarascáil an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil

## Tá príomhfhreagracht ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) as feidhmiú *Phlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil 2016-2021 a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú.*

LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil
Ros Comáin
Roscommon Local Community
Development Committee

Bhí 7 gcruinniú ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil ar na dátaí seo a leanas:

| Dáta | % an Tinrimh |
|---|---|
| 19 Eanáir 2022 | 74% |
| 23 Márta 2022 | 84% |
| 18 Bealtaine 2022 | 74% |
| 20 Iúil 2022 | 68% |
| 29 Meán Fómhair 2022 | 79% |
| 30 Samhain 2022 | 68% |
| 14 Nollaig 2022 | 53% |

Bhí gach Cruinniú CFPÁ ar siúl trí Microsoft Teams, seachas cruinniú ar an 30 Samhain 2022 a bhí ar siúl i Seomra Comhairle, Áras an Chontae, Ros Comáin.

Seo a leanas forléargas ar na míreanna a chuir an CFPÁ chun cinn sa bhliain 2022:

- D'fhaomh an CFPÁ méid iomlán de €873,223 do thionscadail LEADER;
- Lean fochoistí lena n-obair sna réimsí *SICAP (An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail)*, LEADER agus measúnú ar iarratais scéime deontais ar nós *Scéim Feabhsúcháin Pobail*;
- Faomhadh *Tuarascáil Deireadh Bliana SICAP 2021*;
- Faomhadh *Plean Bliantúil SICAP 2022* agus athbhreithniú lár-téarma;
- Faomhadh an *Straitéis um Imeascadh Imirceach*;
- Cuireadh tús leis an bpróiseas *Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023-2028*;
- D'fhaomh an CFPÁ tairiscint chun an *Straitéis Forbartha Áitiúil* a ullmhú;
- Ceapadh Oifigeach de chuid Éire Shláintiúil agus faomhadh maoiniú Babhta 3 ag an bhFochoiste Sláinte agus Folláine;
- Chomhordaigh freagra na hÚcráine.

## Ballraíocht den CFPÁ amhail an 31 Nollaig 2022

| Colún | Gníomhaireacht / Foras Ainmnithe | Líon na nAinmnithe | Ainm an Ainmní |
|---|---|---|---|
| **Leasanna Reachtúla** | | | |
| Rialtas Áitiúil | Comhaltaí Chomhairle Contae Ros Comáin | 3 | An Comhairleoir Laurence Fallon<br>An Comhairleoir Paschal Fitzmaurice<br>An Comhairleoir Nigel Dineen |
| Oifigigh an Údaráis Áitiúil | Feidhmeannas Chomhairle Contae Ros Comáin | 2 | An t)asal Shane Tiernan, Príomhfheidhmeannach<br>Iníon Louise Ward, Ceann OFÁ (Oifig Fiontair Áitiúil) |
| Gníomhaireacht Stáit | Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin | 1 | An tUasal Lynne Keery |
| Gníomhaireacht Stáit | An Roinn Coimirce Sóisialaí | 1 | Folamh |
| Gníomhaireacht Stáit | Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte | 1 | An tUasal Eamon Hannan |
| Gníomhaireacht Stáit | Teagasc | 1 | An tUasal Tom Kellegher |
| **Leasanna Neamhreachtúla** | | | |
| Forbairt Áitiúil & Pobail | Cuideachta Chomhpháirtíocht LEADER Ros Comáin | 1 | An tUasal Carina Lennon |
| Ionchuimsitheacht Shóisialta (Príobháideach) | Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) | 1 | Iníon Faye Hayden |
| | PPN | 1 | An tUasal Kevin Conry |
| Pobal & Deonach (Príobháideach) | PPN | 1 | An tUasal Vincent Moran |
| | PPN | 1 | An tUasal Gerard Fallon |
| Colún an Chomhshaoil | PPN | 1 | An tUasal Michael Ewing |
| Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail | Feirmeoireacht & Talmhaíocht | 1 | An tUasal Jim O' Connor |
| Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail | Ionadaí Gnó | 1 | An tUasal Gareth Scahill |
| Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail | Ionadaí Ceardchumainn | 1 | An tUasal John Tansey |
| Leasanna Sóisialta, Geilleagracha & Pobail | An Earnáil Mhíchumais | 1 | Iníon Helen Hunt |
| **Líon Iomlán na gComhaltaí** | | **19** | |

## Clár Achoimre LEADER 2022

| Téama | Fothéama | Buiséad Bunaidh Tionscadail | Líon na dTionscadal a faomhadh go deireadh na bliana 2022 | Luach na dTionscadal a faomhadh go deireadh na bliana 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Forbairt an Gheilleagair Tuaithe, Forbairt Fiontraíochta agus Cruthú Post | Turasóireacht na Tuaithe | €700,000.00 | 3 | €26,106.10 |
| | Forbairt Fiontair | €1,900,000.00 | 9 | €594,030.24 |
| | Bailte Móra na Tuaithe | €750,000.00 | 2 | €23,057.89 |
| | Leathanbhanda | €250,000.00 | 0 | €0.00 |
| Ionchuimsiú Sóisialta | Seirbhísí Bunúsacha | €1,981,282.00 | 10 | €467,668.58 |
| | Óige na Tuaithe | €400,000.00 | 1 | €374,137.53 |
| Comhshaol na Tuaithe | Acmhainní Uisce | €200,000.00 | 0 | €0.00 |
| | Bithéagsúlacht | €200,000.00 | 0 | €0.00 |
| | Fuinneamh In-athnuaite | €200,000.00 | 1 | €17,656.65 |
| **Iomlán:** | | **€6,581,282.00** | **26** | **€1,502,656.99** |

# Tuarascáil maidir leis an bPlean Corparáideach

Ullmhaíodh *Plean Corparáideach 2019-2024* Chomhairle Contae Ros Comáin i gcomhréir leis na forálacha reachtúla a leagtar amach in Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú ag Alt 49 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014. Ghlac Comhaltaí Tofa leis go foirmiúil ag Cruinniú Iomlánach Comhairle dá gcuid i mí Feabhra 2020.

Tá an *Plean Corparáideach* ag croílár ghníomhaíocht ghnó na Comhairle. Déantar é a ullmhú ar bhunús cur chuige straitéiseach ar fud na heagraíochta lena gcuimsítear feidhmeanna agus freagrachtaí éagsúla na Comhairle. Leis an bplean, cuirtear creat leathan le haghaidh gníomhaíochta ag an gComhairle ar fáil thar thréimhse 5 bliana agus príomhghnéithe beartais náisiúnta agus riachtanais eacnamaíocha, shóisialta agus chultúrtha an phobail agus na saoránaigh ar a bhfreastalaíonn sí orthu á dtabhairt san áireamh.

Ullmhaíodh *Plean Corparáideach 2019-2024* tar éis próiseas comhairliúcháin leathan agus páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha i gceist. Áiríodh leis sin comhairliúchán leis an bhfoireann, le Comhaltaí Tofa agus leis an bpobal i gcoitinne trí shuirbhé a rinneadh ar ardáin na meán sóisialta.

Leagtar amach sa phlean cuspóirí na Comhairle chun í a éascú a misean a chur i bhfeidhm go rathúil, ***'ag cinntiú, trí chomhoibriú agus trí cheannaireacht láidir a sholáthar i gcomhpháirtíocht leis an bpobal, gur áit tharraingteach, uilechuimsitheach, rathúil agus spleodrach é Contae Ros Comáin chun maireachtáil ann, infheistíocht a dhéanamh ann, oibriú ann agus cuairt a thabhairt air'.*** Tá na cuspóirí sin dírithe ar na 3 thosaíocht a leanas:

- ***Cáilíocht na beatha agus folláine do chách;***
- ***Forbairt eacnamaíoch agus pobail;***
- ***Seirbhísí ardchaighdeáin dár ndaoine.***




Is é príomhchuspóir den *Phlean Corparáideach* creat a sholáthar ina ndéantar *Pleananna Bliantúla Seirbhíse* a fhoirmliú. I *bPlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2022* de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin, rinneadh straitéisí tacaíochta mionsonraithe as cuspóirí *Phlean Corparáideach 2019-2024* do gach rannóg agus aonad gnó don bhliain mar aon le gníomhaíochtaí i dtaca le soláthar seirbhísí chomh maith le méadracht chun tomhas an dul chun cinn a éascú. Rinneadh gnéithe ar leith den *Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2022* a sholáthar trí *Sceidil Oibreacha an Cheantair Bhardasaigh* a d'fhorbair gach Ceantar Bardasach.

San áireamh leis na buaicphointí sa bhliain 2022, i dtéarma dul chun cinn a baineadh amach maidir le cuspóirí straitéiseacha agus gníomhaíochtaí an *Phlean Corparáideach* san áireamh le *Plean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2022*, bhí:

- Cuireadh an *Measúnú Bliantúil ar Riachtanais Tithíochta Sóisialta* i gcrích.
- Chuir an Roinn Tithíochta 9 aonad tithíochta sóisialta ar fáil faoin *gClár um Éadáil agus Tógáil* dá cuid.
- Ag deireadh na bliana 2022, bhí tacaíocht á fáil ag 354 teaghlach faoin *Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC).*
- Freastalaíodh ar 84 iarrthóir faoin *Scéim Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP)*, ag tabhairt líon iomlán na n-iarrthóirí a bhfreastalaíodh orthu go 903.
- Fuair an Chomhairle 29 iarratas faoina *Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí* agus 36 iarratas ar *Iasacht Tithíochta Údaráis Áitiúil*.
- Leithdháileadh €498,617 ar 12 eagraíocht pobail faoin gclár *CLÁR 2022*.
- Leithdháileadh €266,602 ar an gComhairle faoin *gCiste um Ghníomhaíochtaí Pobail*. Bronnadh maoiniú ar 114 grúpa.
- Bunaíodh Fóram Freagartha Pobail Ros Comáin mar fhreagra ar dhídeanaithe ag éalú ón gcogadh san Úcráin.
- An próiseas *Straitéis Contae um Imeascadh Imirceach* a fhorbairt.
- B'ionann Leithdháiltí Maoinithe do Bhóithre Náisiúnta agus do Bhóithre Neamhnáisiúnta Chontae Ros Comáin agus €89m.
- Tosaíodh arís ar sholáthar maidir le príomhthógáil *Thionscadal Bóthair Bhealach an Doirín go Bóthar Scramóige*.
- Cuireadh Obair ar mheasúnú na Roghanna Eile do *Thionscadal N4 Chora Droma Rúisc go dtí an Dromaid* i gcrích le taispeántas poiblí den Chonair Iompair Tosaíochta aitheanta.
- Fuair an Chomhairle faomhadh leanúint ar aghaidh go Céim 4 (Próisis Reachtúla) don *Tionscadal Athailínithe N61 Thuilsce go Bóthar Chlais an Ghainimh*. Foilsíodh iarratas pleanála Cuid 8.
- Cuireadh os cionn 420 tionscadal i gcrích ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla.
- Fuair an Chomhairle leithdháileadh €3,264,792 faoin *gClár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach*.
- Leanadh le hobair ar an bpróiseas *Feidhmiú Céimneach Leathanbhanda Snáithín National Broadband Ireland*. Tá Limistéir Úsáide Bhéal Átha na Sluaighe, Ros Comáin agus Chora Droma Rúisc curtha i gcrích.
- Seoladh *Straitéis Dhigiteach Ros Comáin 2022-2026*.
- Foilsíodh *Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2023-2027*.
- Glacadh le *Plean Forbartha Contae Ros Comáin 2022–2028*.
- Fuarthas 682 iarratas pleanála.
- Seirbheáladh 71 Litir Foláirimh agus 16 Fhógra Forfheidhmithe maidir le forbairt neamhúdaraithe a líomhnaíodh. Cuireadh tús le gníomh dlí in 1 chás forfheidhmithe.
- Cuireadh tús le hoibreacha ar *Thionscadal Príomhdhraenála Bhaile Ros Comáin*.
- Tá an conraitheoir don *Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhealach an Doirín* ag leanúint ar aghaidh le dearadh mionsonraithe beartaithe i gcomhar leis na páirtithe ar fad.
- Tá aiseolas á lorg ag Uisce Éireann, trí phróiseas comhairliúcháin poiblí, don *Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce Réigiún an Iarthuaiscirt*.
- B'ionann an chomhlíontacht fhoriomlán le Rialacháin An Aontais Eorpaigh maidir le hUisce Óil agus 99.05%.
- Chomhlíon gach ionad cóireála fuíolluisce na Rialacháin maidir le Fuíolluisce Uirbeach.
- Seoladh *Scéim Deontais um Leasúchán Luaidhe Baile* chun cúnamh a thabhairt do shealbhóirí tí seirbhísí luaidhe a athchur laistigh dá dtithe.
- Lean le Comhairliúchán Poiblí ar *Dhréachtphlean Bainistíochta Abhantrach 2022-2027* go dtí mí Márta 2022.
- Leithdháileadh deontas €139,043 ar an gComhairle ón *gCiste um Chomhshaol* chun tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh fhorfheidhmithe tiomnaithe agus intomhaiste.
- Tá an *Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola don Gheilleagar Ciorclach* á fhorbairt faoi láthair.
- Cuireadh 82 suirbhé ar thruailliú bruscair i gcrích faoin g*Córas Náisiúnta Monatóireachta maidir le Truailliú ó Bhruscar*.
- Cuireadh tús le hobair ar fhíseán bolscaireachta a tháirgeadh maidir le gníomhú ar son na h-aeráide.
- Glacadh le *Fodhlíthe Corrthrádála*.
- Tháinig Clár na dToghthóirí 'rollach' isteach leis an Acht um Athchóiriú Toghcháin 2022.
- B'ionann an leibhéal caiteachais do Chuntais Chaipitil Ioncaim na Comhairle agus €67.7m agus €51.4m faoi seach.

Baineadh leas as Tuarascálacha gach Mí agus gach Ráithe chun tuairisciú a dhéanamh ar *Phlean Corparáideach 2019-2024* agus ar *Phlean Bliantúil Soláthair Seirbhísí 2022*, a tugadh do na Comhaltaí Tofa. Baineadh leas chomh maith as próisis iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí agus as próiseas Táscaire Feidhmíochta chun é a thomhas, de réir threoirlínte de chuid an *Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC)*. Tá tuairisc iomlán maidir le Táscairí Seirbhísí don bhliain 2022 ar fáil in *Aguisín 1* sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

# Aguisín 1: Táscairí Seirbhísí 2022

| C: CORPARÁIDEACH | |
|---|---|
| **C1: Coibhéis Lánaimseartha ar an Iomlán** | |
| A. Coibhéis lánaimseartha (CL) na mball foirne amhail an 31 Nollaig 2022 | **416.41** |
| **C2: Laethanta oibre a cailleadh de dheasca tinnis** | |
| A. An céatadán de laethanta oibre íoctha a cailleadh de dheasca neamhláithreachas tinnis mar gheall ar shaoire a raibh teastas liachta ann ina leith sa bhliain 2022 | **4.10%** |
| B . An céatadán de laethanta oibre íoctha a cailleadh de dheasca neamhláithreachas tinnis mar gheall ar shaoire a raibh féinteastas ann ina leith sa bhliain 2022 | **0.26%** |
| **C3: Úsáid a baineadh as suíomh gréasáin agus meáin shóisialta an údaráis áitiúil** | |
| A. Líon iomlán na n-amharc ar leathanaigh in aghaidh an duine ar shuíomhanna gréasáin an údaráis áitiúil sa bhliain 2022 | **7.31** |
| B. Líon iomlán leantóirí in aghaidh an duine ag deireadh na bliana 2022 ar chuntais meán sóisialta an údaráis áitiúil | **1.02** |
| **C4: Costas foriomlán ar sholáthar teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC) in aghaidh na coibhéise lánaimseartha** | |
| A. An caiteachas iomlán ar TFC sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022, arna roinnt ar líon na bhfostaithe CL a cuireadh ar fáil faoi tháscaire C1 | **€4,538.06** |
| **C5. Costas foriomlán TFC mar chion den Chaiteachas Ioncaim** | |
| A. Caiteachas uile ar TFC arna ríomh i C4 mar chion den chaiteachas ioncaim | **2.79** |

| E: DRAMHAÍL / COMHSHAOL | |
|---|---|
| **E1: Líon / Céatadán de na Teaghlaigh a bhfuil Rochtain acu ar Sheirbhís 3 Araid** | |
| A. Líon na dtithe a bhain úsáid as seirbhís 3 bhosca bruscair a cuireadh ar fáil ag oibreoir ceadúnaithe amhail an 31 Nollaig 2022 | **6,141** |
| B. Céatadán de na teaghlaigh laistigh de limistéar an údaráis áitiúil arb ionann an líon ag A (bunaithe ar cheirtleáin níos mó ná 500) | **83.61%** |
| **E2: Líon na nGearán maidir le Truailliú Comhshaoil a Dúnadh** | |
| A1. Líon iomlán na gcásanna truaillithe a ndearnadh gearán i ndáil leo le linn na bliana 2022 | **718** |
| A2. Líon iomlán na gcásanna a dúnadh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022 | **851** |
| A3. Líon iomlán na gcásanna idir lámha amhail an 31 Nollaig 2022 | **187** |
| **E3: Céatadán de Limistéar an Údaráis Áitiúil taobh istigh de na 5 Leibhéal de Thruailliú Bruscair** | |
| A. An céatadán den limistéar san údarás áitiúil a bhí, nuair a rinneadh suirbhéireacht air sa bhliain 2022:<br>1) gan truailliú nó saor ó bhruscar<br>2) truaillithe de bheagán<br>3) measartha truaillithe<br>4) truaillithe go mór<br>5) thar a bheith truaillithe | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| **E4: Stádas an Bhrait Ghlais** | |
| A. Céatadán de na scoileanna a bhfuil stádas an bhrait ghlais bronnta/athnuaite ina leith sa dá bhliain go dtí an 31 Nollaig 2022 | **33.33%** |
| **E5: Éifeachtúlacht Fuinnimh** | |
| A. An céatadán carnach de choigiltis fuinnimh a baineadh amach faoin 31 Nollaig 2022 i gcomparáid le bliain na bonnlíne (2009) | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |

| | | |
|---|---|---|
| **E6: Soilsiú Poiblí** | | |
| A. | Ídiú bliantúil iomlán an chórais soilsithe poiblí | **2600.67 MWh** |
| B. | Vatacht inbhilleáilte gach solais poiblí ar an meán | **78.81 W** |
| C. | Céatadán den chóras iomlán a bhfuil solais LED i gceist leis | **57.21%** |
| **E7: An tAthrú Aeráide** | | |
| 1A. | An bhfuil Comhordaitheoir Gníomhaithe ar son na hAeráide ag an údarás áitiúil? | **Uimh.** |
| 1B. | An bhfuil Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide ag an údarás áitiúil? | **Uimh.** |
| C. | An bhfuil Foireann Gníomhaithe ar son na hAeráide ag an údarás áitiúil? | **Tá** |

## F: SEIRBHÍS DÓITEÁIN

| | | |
|---|---|---|
| **F1: Costas per capita na Seirbhíse Dóiteáin** | | |
| A. | Sonraí caiteachais ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár E don bhliain 2022 arna roinnt ar dhaonra limistéar an údaráis áitiúil de réir fhigiúirí Dhaonáireamh 2022 don daonra a ndéanann an t-údarás dóiteáin freastal air de réir na dtuarascálacha Chéim a hAon den Chur Chuige Bunaithe ar Riosca | **€36.86** |
| **F2: Slógadh na seirbhíse** | | |
| A. | An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i ndáil le dóiteán | **N/A** |
| B. | An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin páirtaimseartha (an tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le dóiteán | **7.03 nóiméad** |
| C. | An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin lánaimseartha i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile (nach dóiteáin iad) | **N/A** |
| D. | An t-am a glacadh ar an meán, i nóiméid, chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin páirtaimseartha (an tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht) i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile (nach dóiteáin iad) | **7.23 nóiméad** |
| **F3: Céatadán de na hamanna chun Freastal ar na Láithreacha** | | |
| A. | Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | **21.74%** |
| B. | Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | **49.28%** |
| C. | Céatadán de na cásanna i ndáil le dóiteán a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | **28.99%** |
| D. | Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | **24.55%** |
| E. | Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | **58.18%** |
| F. | Céatadán de na cásanna i ndáil le teagmhais éigeandála ar fad eile a ndearnadh freastal den chéad uair ar an láthair i ndiaidh 20 nóiméad | **17.27%** |

## H: TITHÍOCHT

| | | |
|---|---|---|
| **H1: Stoc Tithíochta Sóisialta** | | |
| A. | Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad amhail an 1 Eanáir 2022 | **1414** |
| B. | Líon na dteaghaisí a cuireadh le stoc an údaráis áitiúil le linn na bliana 2022 (bíodh gur tógadh nó go bhfuarthas iad) | **7** |
| C. | Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a díoladh sa bhliain 2022 | **17** |
| D. | Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a leagadh sa bhliain 2022 | **0** |
| E. | Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad amhail an 31 Nollaig 2022 | **1404** |
| F. | Líon na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad atá pleanáilte lena leagan faoi scéim faofa de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil | **0** |

| | |
|---|---|
| **H2: Folúntais Tithíochta** | |
| A. An céatadán de líon iomlán na dteaghaisí ar leis an údarás áitiúil iad a bhí folamh an 31 Nollaig 2022 | **2.35%** |
| **H3: Tréimhse agus costas ar an meán chun an teaghais a ligean ar cíos arís** | |
| A. An méid ama a glacadh ón dáta ar éirigh an teaghais folamh go dtí an dáta sa bhliain 2022 nuair a chuir tionónta tús le cónaí sa teaghais, ar an meán ar fud na n-aonad ar fad a ligeadh ar cíos arís le linn na bliana 2022 | **25.46 seachtain** |
| B. An méid a caitheadh ar thionóntaí nua a fháil sa bhliain 2022 do na haonaid a bhí réidh lena ligean ar cíos arís, ar an meán ar fud na n-aonad ar fad a ligeadh ar cíos arís le linn na bliana 2022 | **€13,002.57** |
| **H4: Costas Cothabhála Tithe** | |
| A. Caiteachas le linn na bliana 2022 ar thithíocht de chuid an údaráis áitiúil a chothabháil ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022, arna roinnt ar líon na dteaghaisí i stoc an údaráis áitiúil amhail an 31 Nollaig 2022 | **€647.79** |
| **H5: Iniúchtaí san earnáil cíosa príobháidí** | |
| A. Líon na dtionóntaí cláraithe i limistéar an údaráis áitiúil ag deireadh Mhí an Mheithimh 2022 | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| B. Líon na dteaghaisí cíosa a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2022 | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| C. Céatadán de na teaghaisí a ndearnadh iniúchadh orthu sa bhliain 2022 nach raibh i gcomhréir leis na Rialacháin Caighdeán | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| D. Líon na dteaghaisí neamh-chomhlíontacha a d'éirigh comhlíontach sa bhliain 2022 | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| **H6: Daoine fásta gan dídean go fadtéarmach** | |
| A. Líon na ndaoine fásta i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach mar chéatadán de líon iomlán na ndaoine fásta gan dídean i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana 2022 | **20%** |

## J: FORBAIRT GHEILLEAGRACH

| | |
|---|---|
| **J1: Líon na bPost a Cruthaíodh** | |
| A. Líon na bpost in aghaidh an duine a cruthaíodh agus cúnamh faighte ón Oifig Fiontair Áitiúil le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022 in aghaidh 100,000 den daonra | **91.4351** |
| **J2: Dearbháin chun Trádáil Ar Líne** | |
| A. Líon na n-iarratas ar dhearbháin chun trádáil ar líne faofa ag an Oifig Fiontair Áitiúil sa bhliain 2022 in aghaidh 100,000 den daonra | **52.8609** |
| B. Líon na ndearbhán trádála sin ar tarraingíodh anuas iad sa bhliain 2022 in aghaidh 100,000 den daonra | **24.2874** |
| **J3: Líon na nDaoine ar tugadh Meantóireacht dóibh** | |
| A. Líon na rannpháirtithe in aghaidh an duine ar tugadh meantóireacht dóibh le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022 in aghaidh 100,000 den daonra | **491.4637** |
| **J4: Turasóireacht** | |
| A. An bhfuil straitéis reatha turasóireachta ag an údarás áitiúil? | **Tá** |
| B. An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an údarás áitiúil? | **Tá** |

## L: SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE / FÓILLÍOCHTA

| | |
|---|---|
| **L1: Cuairteanna ar an Leabharlann agus Eisiúintí** | |
| A. Líon cuairteanna ar leabharlanna in aghaidh an duine den daonra do limistéar an údaráis áitiúil de réir dhaonáireamh 2022 | **1.15** |
| B. Líon na n-earraí a eisíodh do lucht iasachta ón leabharlann le linn na bliana | **113,779** |
| C. Baill chláraithe den leabharlann in aghaidh an duine den daonra. | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| D. Líon de bhaill chláraithe na leabharlainne sa bhliain | **7,700** |
| **L2: Costas as Seirbhís Leabharlainne a Reáchtáil** | |
| A. Sonraí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár F don bhliain 2022 arna roinnt ar dhaonra limistéar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022 | **€43.20** |
| B. An caiteachas bliantúil in aghaidh an duine ar bhailiúcháin sa bhliain 2022 | **€1.56** |

## M: AIRGEADAS

| | |
|---|---|
| **M1: Achoimre 5 Bliana ar Iarmhéid Ioncaim** | |
| A. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2018 | **€189,834** |
| B. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2019 | **€201,740** |
| C. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2020 | **€218,803** |
| D. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2021 | **€243,944** |
| E. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2022 | **€269,994** |
| F. An t-iarmhéid carnach barrachais amhail an 31 Nollaig 2022 mar chéatadán den ioncam iomlán sa bhliain 2022 ón Ráiteas don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais den Ráiteas Airgeadais Bliantúil | **0.37%** |
| G. Caiteachas Ioncaim in aghaidh an duine sa bhliain 2022 | **€966.69** |
| **M2: Achoimre 5 Bliana ar an gcéatadán de na leibhéil bhailiúcháin d'fhoinsí móra ioncaim** | |
| A. 2018: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>Iasachtaí Tithíochta | **86%**<br>**92%**<br>**55%** |
| A. 2019: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>Iasachtaí Tithíochta | **89%**<br>**91%**<br>**76%** |
| A. 2020: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>Iasachtaí Tithíochta | **68%**<br>**93%**<br>**62%** |
| A. 2021: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>Iasachtaí Tithíochta | **89%**<br>**93%**<br>**65%** |
| A. 2022: Rátaí<br>Cíos & Blianachtaí<br>Iasachtaí Tithíochta | **89%**<br>**91%**<br>**71%** |
| **M3. Éilimh faoi Dhliteanas Poiblí** | |
| A. Costas na n-éileamh in aghaidh an duine a réitíodh don bhliain 2022 | **€8.53** |
| **M4. Forchostais** | |
| A. Muirear bainistíochta láir foriomlán mar chéatadán de chaiteachas iomlán ar an gCuntas Ioncaim | **16.55%** |
| B. Costais phárolla iomlána mar chéatadán de chaiteachas ioncaim | **41.67%** |

| P: PLEANÁIL | |
|---|---|
| **P1: Foirgnimh nua a ndearnadh iniúchadh orthu** | |
| A. Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán d'fhoirgnimh nua a fógraíodh don údarás áitiúil | **18.28%** |
| **P2: Líon / Céatadán de na Cinntí Pleanála a Dheimhnigh An Bord Pleanála** | |
| A. Líon chinntí pleanála an údaráis áitiúil a bhí mar ábhar in achomharc a rinneadh chuig an mBord Pleanála a shocraigh an Bord ar dháta ar bith sa bhliain 2022 | **6** |
| B. Céatadán de na cinntí ag A nuair a dheimhnigh an cinneadh a rinne an t-údarás (le hathrú nó gan athrú) | **100%** |
| **P3: Céatadán de na Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a Dúnadh mar Réitithe** | |
| A. Líon iomlán na gcásanna pleanála a ndearnadh iniúchadh orthu a treoraíodh chuig an údarás áitiúil nó iad tionscanta ag an údarás áitiúil, sa tréimhse 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2022 | **89** |
| B. Líon iomlán na gcásanna a dúnadh le linn na bliana 2022 | **41** |
| C. Céatadán de na cásanna ag B a diúltaíodh mar mionchúiseach, fánach nó gan bhunús a bheith leo nó a dúnadh mar gheall ar urchosc reachta nó forbairt eisiata | **36.59%** |
| D. Céatadán de na cásanna ag B a réitíodh go sásamh an údaráis áitiúil de thoradh ar idirbheartaíocht | **0.00%** |
| E. Céatadán de na cásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe | **63.41%** |
| F. Líon na gcásanna pleanála atá á n-iniúchadh amhail an 31 Nollaig 2022 | **197** |
| **P4: Costas per capita na Seirbhíse Pleanála** | |
| A. Sonraí ó Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chlár D arna roinnt ar dhaonra limistéar an údaráis áitiúil de réir Dhaonáireamh 2022 | **€36.12** |
| **P5: Iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán** | |
| A. An céatadán de na hiarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2022 a ndearnadh cinneadh maidir leo (deonaithe nó diúltaithe) taobh istigh de dhá mhí ó fuarthas an t-iarratas | **50.88%** |
| B. An céatadán de na hiarratais ar dheimhnithe sábháilteachta dóiteáin a fuarthas sa bhliain 2022 a ndearnadh cinneadh ina leith (deonaithe nó diúltaithe) taobh istigh de thréimhse shínte a comhaontaíodh leis an iarratasóir | **15.79%** |

| R: BÓITHRE | |
|---|---|
| **R1: Ratálacha san Innéacs maidir le Bail Dromchla Cosán (PCSI)** | |
| A. Céatadán na mBóithre<br>(a) Réigiúnach<br>(b) Príomhbhóithre Áitiúla<br>(c) Bóithre Áitiúla den Dara Grád a fuair rátáil PCSI maidir le bail sa tréimhse 24 mhí roimh an 31 Nollaig 2022 agus<br>(d) Bóithre Áitiúla den Tríú Grád a fuair rátáil PCSI maidir le bail sa tréimhse 60 mí go dtí an 31 Nollaig 2022 | **93%**<br>**95%**<br>**95%**<br>**73%** |
| B. An céatadán de chiliméadair bóithre ar na (a) Bóithre Réigiúnacha (b) Príomhbhóithre Áitiúla (c) Bóithre Áitiúla den Dara Grád agus (d) Bóithre Áitiúla den Tríú Grád iad dá bhfuil líon na gciliméadar ag tagairt ar an 31 Nollaig 2022, iad rátáilte i ngach ceann de na 4 ghrúpáil seo a leanas de na 10 gcatagóir rátála PSCI; 1-4, 5-6, 7-8 agus 9-10 do gach cineál bóthair.<br>(a) Bóthar Réigiúnach<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10 | **3.67%**<br>**15.85%**<br>**31.88%**<br>**48.51%** |
| (b) Príomhbhóthar Áitiúil<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10 | **6.79%**<br>**42.22%**<br>**24.47%**<br>**26.20%** |

| | |
|---|---|
| (c) Bóthar Áitiúil den Dara Grád<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10 | **11.76%**<br>**41.16%**<br>**21.52%**<br>**24.48%** |
| (d) Bóthar Áitiúil den Tríú Grád<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 1-4<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 5-6<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 7-8<br>Ar an 31 Nollaig 2022, an % i gcatagóirí rátála PSCI; 9-10 | **18.59%**<br>**39.08%**<br>**12.23%**<br>**15.22%** |
| **R2: Oibreacha dheonacha na mbóithre réigiúnacha** | |
| A. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a neartaíodh le linn na bliana 2022 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh | **19.2km**<br>**€4,602,061**<br>**€36.30** |
| B. Ciliméadair de bhóithre réigiúnacha a athshéalaíodh le linn na bliana 2022 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh | **0.0 km**<br>**€0**<br>**€0** |
| C. Ciliméadair de bhóithre áitiúla (i.e. líon iomlán na bpríomhbhóithre, agus na mbóithre den dara grád agus den tríú grád) a neartaíodh le linn na bliana 2022 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh | **129.1km**<br>**€7,195,235**<br>**€15.47** |
| D. Ciliméadair de bhóithre áitiúla a athshéalaíodh le linn na bliana 2022 agus an méid a caitheadh ar an obair sin agus an costas aonaid in aghaidh an mhéadair chearnaigh | **162.1km**<br>**€2,949,811**<br>**€4.91** |
| **R3: Céatadán de na hidirbhearta mótarchánach a rinneadh ar líne** | |
| A. Céatadán na n-idirbheart mótarchánach a gcaitear leo ar líne (i.e. próiseáiltear an t-idirbheart agus eisítear an diosca cánach) | **75.60%** |

| W: UISCE | |
|---|---|
| **W1: Céatadán den uisce óil i Scéimeanna Príobháideacha i gcomhréir le Ceanglais Reachtúla** | |
| Céatadán den uisce óil i scéimeanna príobháideacha i gcomhréir le ceanglais reachtúla maidir le monatóireacht ar cháilíocht soláthairtí príobháideacha uisce óil le linn na bliana 2022 | Ní raibh sé ar fáil ag am na priontála |
| **W2: Céatadán na scéimeanna cláraithe a ndéantar monatóireacht orthu** | |
| Líon na scéimeanna cláraithe a ndéanann gach údarás áitiúil monatóireacht orthu mar chéatadán de líon na scéimeanna cláraithe ina n-iomláine | **100.00%** |

| Y: ÓIGE / POBAL | |
|---|---|
| **Y1: Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg** | |
| A. Céatadán na scoileanna áitiúla páirteach sa scéim áitiúil Chomhairle na nÓg | **100%** |
| **Y2: Grúpaí atá bainteach leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)** | |
| A. Líon na n-eagraíochtaí atá ar Chlár an Chontae agus cion na n-eagraíochtaí sin a roghnaigh chun páirt a ghlacadh sa Choláiste Ionchuimsithe Sóisialta sa Líonra Rannpháirtíochta Pobail | **14.18** |

# Aguisín 2: Comhdhálacha agus Imeachtaí Oiliúna na gComhairleoirí 2022

| Comhdhálacha/Seimineáir in Éirinn ar fhreastail Comhairle Contae Ros Comáin orthu sa bhliain 2022 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Eagraí** | **Imeacht Oiliúna/Comhdhála** | **Ionad** | **Líon Comhairleoirí a d'fhreastail ar an imeacht** |
| 17/02/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 1 - Sábháilteacht Phearsanta na gComhaltaí Tofa agus Measúnú Riosca | Mullingar Park Hotel, An Muileann gCearr, Co. na hIarmhí | 2 |
| 25/02/22 | AILG/Oifig an Rialálaí Pleanála (ORP) | Feidhmeanna Pleanála an Údaráis Áitiúil agus Infheistíocht Seirbhísí Uisce: Cur Chuige Comhordaithe a chinntiú | Ar líne | 2 |
| 04/03/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Léargas Ginearálta ar Thithíocht do Chách - Plean Tithíochta Nua d'Éirinn. | Ar líne | 1 |
| 23/03/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Comhdháil Bhliantúil AILG 2022 | Inishowen Gateway Hotel, Bun Cranncha, Co. Dhún na nGall | 4 |
| 11/04/22 | Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) | Seimineár Oiliúna an Earraigh LAMA | Hotel Kilkenny, Bóthar an Choláiste, Cill Chainnigh | 6 |
| 27/04/22 | Coiste Bhealach Ghleann na Suca | Comhdháil Ghleann na Suca 2022 - Athnuachan Tuaithe i ndiaidh na Paindéime | Abbey Hotel, Ros Comáin | 10 |
| 06/05/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Tithíocht do Chách – Conair 1 agus 2 | Ar líne | 3 |
| 12/05/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 2 - Gníomhú ar son na hAeráide – Ról an Údaráis Áitiúil | Treacy's West County Hotel, Inis, Co. an Chláir | 1 |
| 14/05/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 2 - Gníomhú ar son na hAeráide – Ról an Údaráis Áitiúil | The Hillgrove Hotel, Co. Mhuineacháin | 2 |
| 01/06/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Cruinniú Iomlánach Chácas na mBan Réigiúnacha/Oiliúint agus Forbairt | The Sligo Park Hotel, Co. Shligigh | 1 |
| 10/06/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Seimineár Gréasáin Oiliúna 4 - Tithíocht do Chách - Conair 3 agus 4 | Ar líne | 4 |
| 23/07/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 4 Oiliúint - Coistí Iniúchóireachta an Údaráis Áitiúil agus Rialachas agus Ról Maoirseachta na gComhaltaí Tofa | The Allingham Arms Hotel, Bun Dobhráin, Co. Dhún na nGall | 4 |
| 14/09/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Comhdháil Oiliúna an Fhómhair AILG 2022 | Knightsbrook Hotel Spa and Golf Resort, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Troim, Co. na Mí | 5 |
| 27/09/22 | Gaelchultúr | Cúrsa Gaeilge | Ar líne | 1 |
| 30/09/22 | AILG/OPR | Pleanáil a Athbheonn Bailte agus Sráidbhailte na hÉireann | Ar líne | 1 |
| 22/10/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 5 Oiliúint - Míchumas agus Cuimsiú | The Brehon Hotel, Cill Airne, Co. Chiarraí | 1 |
| 27/10/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 5 Oiliúint - Míchumas agus Cuimsiú | Óstán Radisson Blu, Sligeach | 2 |
| 28/10/22 | Comhdhálacha Ceilteacha | Nuálaíocht i dTeicneolaíocht Fuinnimh Gréine | Óstán O'Donovan, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí | 2 |
| 04/11/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | An tAcht um Athchóiriú Toghcháin 2022 | Ar líne | 1 |
| 09/11/22 | Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) | Seimineár an tSamhraidh/an Gheimhridh - Géarchéim Costais Maireachtála agus Fuinneamh Inbhuanaithe agus In-athnuaite | Four Seasons Hotel, Cúil Seannach, Co. Mhuineacháin | 5 |
| 25/11/22 | AILG/OPR | An Ról Pleanála maidir le Caighdeán Uisce na hÉireann a Chosaint | Ar líne | 1 |
| 26/11/22 | Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Modúl 6 - Cosaint Sonraí - Cad Ba Cheart a Bheith ar Eolas ag Comhairleoirí | Newgrange Hotel, An Uaimh, Co. na Mí | 4 |

B'ionann an caiteachas iomlán do Chomhaltaí Tofa maidir le freastal ar oiliúint agus ar chomhdhálacha agus €19,352.

# Aguisín 3: Coistí na gComhairleoirí 2022

| Liosta de Choistí Contae agus de Chomhlachtaí Seachtracha a raibh Ionadaíocht Fhoirmiúil ag Comhairle Contae Ros Comáin orthu sa bhliain 2022 | | |
|---|---|---|
| **Teideal an Choiste** | **Cuspóir an Choiste** | **Comhaltaí Tofa a ionadaíonn Chomhairle Contae Ros Comáin** |
| Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann<br>Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann | Déanann an t-aontas seo clár cruinnithe a eagrú a chuidíonn le comhaltaí fadhbanna reatha i saol na Comhairle a chur in iúl. Is acmhainn líonraithe, forbartha beartas agus oiliúna é an AILG do Chomhaltaí Tofa 31 na hÉireann Comhairlí Contae agus Cathrach. | Comhairleoirí Waldron, Fitzmaurice agus Fallon |
| Tuaisceart agus Iarthar Tionól Réigiúnach | Bainistíocht agus monatóireacht a dhéanamh ar chláir oibríochta atá maoinithe ag AE sa Réigiún Thuaidh agus Thiar. | Comhairleoirí Leyden agus Naughten |
| Fóram Oidhreachta | Comhlacht comhairleach chun maoirseacht a dhéanamh agus comhairle a thabhairt maidir le Plean Oidhreachta Chontae Ros Comáin a ullmhú agus a chur i bhfeidhm. | Comhairleoir Murphy |
| Gaillimh Ros Comáin Oideachas agus Oiliúint Bord (BOO) | Tá an coiste seo freagrach as gach seirbhís oideachais agus riaracháin a chuirtear ar fáil ag BOO na Gaillimhe Ros Comáin a rialú. | Comhairleoirí Shanagher, Cummins agus Fallon |
| Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teoranta (IPB) | Tá gá le Coiste ós rud é go bhfuil IPB ina chuideachta fhrithpháirteach. | Comhairleoir Keogh |
| Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) | Déanann an cumann ionadaíocht thar ceann chomhaltaí na n-údarás áitiúil ar leibhéal contae, cathrach agus bardasach. Cumann atá ann chun coinníollacha níos fearr, oideachas agus oiliúint a bhaint amach le haghaidh comhaltaí atá ann. | Comhairleoir Cummins |
| Cumann Leabharlann na hÉireann | Chun freastal ar Chruinniú Bliantúil Chumann Leabharlann na hÉireann. | Comhairleoir Callaghan |
| Cumann Leabharlann na hÉireann | Chun freastal ar Chruinniú Bliantúil Chumann Leabharlann na hÉireann mar thoscaire | Comhairleoirí Callaghan, McDermott agus Waldron |
| An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil | Chun maoiniú forbartha pobail agus áitiúil a chomhordú, a phleanáil agus a mhaoirsiú agus chun cur chuige comhtháite a chur i bhfeidhm maidir le cláir agus idirghabhálacha forbartha áitiúla agus pobail a reáchtáil. | Comhairleoirí Kilduff, Fitzmaurice agus Fallon |

| Liosta de Choistí Contae agus de Chomhlachtaí Seachtracha a raibh Ionadaíocht Fhoirmiúil ag Comhairle Contae Ros Comáin orthu sa bhliain 2022 | | |
|---|---|---|
| **Teideal an Choiste** | **Cuspóir an Choiste** | **Comhaltaí Tofa a ionadaíonn Chomhairle Contae Ros Comáin** |
| Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil (LTACC) | Chun comhairle a thabhairt maidir le cóiríocht don lucht siúil a sholáthar agus a bhainistiú. | Comhairleoirí Shanagher, Cummins agus Crosby |
| An Fóram Réigiúnach Sláinte Thiar | Chun a chinntiú go mbeadh deis ag comhaltaí tofa áitiúla ar bhonn leantach chun maoirsiú a dhéanamh ar na seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a chuireann FSS ar fáil. | Comhairleoirí Ward, Cummins agus Crosby |
| Comhchoiste maidir le Draenáil na Suca | Chun maoirseacht a dhéanamh ar chothabháil leantach ar Cheantar Draenála na Suca | Comhairleoirí Dineen, Fitzmaurice, Kilduff agus Naughten |
| Coiste Sábháilteachta ar na Bóithre Le Chéile | Bóithre i gContae Ros Comáin a dhéanann níos sábháilte do gach úsáideoir. | Comhairleoirí Waldron, Murphy agus Naughten |
| Coiste Stiúrtha Comhairle na nÓg Ros Comáin | Comhairle áitiúil na n-óg, a thugann tacaíocht do pháistí agus do dhaoine óga ionas go n-éistear leo nuair atá seirbhísí agus polasaithe áitiúla á bhforbairt. Bíonn an coiste stiúrtha ag cuidiú le daoine óga rochtain agus teagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil agus le forais déanta cinntí sa chontae. | Comhairleoirí McDermott agus Crosby |
| Coiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae Ros Comáin | Comhairle a chur ar an gcomhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, cúrsaí a bhaineann le bainistíocht riosca agus iniúchóireacht, dea-chleachtais na cuntasaíochta a chur chun cinn, cinnteoireacht níos fearr agus níos eolaí a chinntiú agus feabhas a chur ar an mbéim ar luach ar airgead ar fud na heagraíochta. | Comhairleoirí Cummins agus Fallon |
| Coiste Iniúchóireachta Chomhairle Contae Ros Comáin | Le bheith mar fhóram le haghaidh comhairliúchán, plé agus moltaí maidir le nithe a imríonn tionchar ar phóilíneacht a dhéanamh ar limistéar riaracháin an údaráis áitiúil. | Comhairleoirí Waldron, Kilduff, Shanagher, Dineen, Ward, Naughten, Fitzmaurice, Callaghan, Cummins, Fallon, Crosby, McDermott agus Murphy |
| Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe an Chontae | Chun comhairle a thabhairt maidir le Clár an Uisce Tuaithe a fheidhmiú agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an chláir. | Comhairleoirí Kilduff, Cummins agus Callaghan. |
| Údarás na hOllscoile Údarás Ceannais Ollscoile na hÉireann, Gaillimh | Freagrach as gnóthaí uile na hOllscoile a bhainistiú agus a rialú | Comhairleoir Keogh |
| Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair | Tá an coiste seo tiomanta do Chonair Iarnróid an Iarthair a athoscailt. | An Comhairleoir Crosby |

# Aguisín 4: Struchtúr na Bainistíochta 2022

Cuirtear struchtúr bainistíochta na Comhairle ag deireadh na bliana 2022 i bhfeidhm sa léaráid seo a leanas:

**Shane Tiernan**
Príomhfheidhmeannach

- **Majella Hunt** – Stiúrthóir Seirbhísí
  - Seirbhísí Éigeandála
  - Rialú Foirgníochta
  - Seirbhísí Leabharlainne
  - Na hEalaíona, Oidhreacht agus Turasóireacht
  - Tionscadail Athnuachana & Tionscadail Speisialta
  - Oifig Fiontar Áitiúil
  - Bainisteoir Limistéir MD Ros Comáin
- **Caitlín Conneely** – Leas-Stiúrthóir Seirbhísí
  - Seirbhísí Uisce
  - An Comhshaol agus an tAthrú Aeráide
  - Rialachas agus Gnóthaí Corparáideacha
  - Bainistíocht Sócmhainní agus Fuinnimh
  - Acmhainní Daonna
  - Sláinte agus Sábháilteacht
  - Bainisteoir Limistéir MD Bhaile Átha Luain
- **Fiona Ní Chuinn** – Leas-Stiúrthóir Seirbhísí
  - Tithíocht
  - Pobal
  - An Tionscadal um Fhreagairt Dhaonnúil don Úcráin
- **Greg O'Donnell** – Leas-Stiúrthóir Seirbhísí
  - Bóithre agus Iompar & Taisteal Gníomhach
  - Pleanáil
  - Bainisteoir Limistéir MD Mhainistir na Búille
- **Sean Mullarkey** – Leas-cheannasaí Airgeadais
  - Cúrsaí Airgeadais
  - Córais Faisnéise agus an tAistriú Digiteach



Cadhcáil ag an gCaisleán Riabhach




Comhairle Contae Ros Comáin
Áras an Chontae, Ros Comáin,
Contae Ros Comáin, F42 VR98

Fón: +353 (0)90 6637100
Facs: +353 (0)90 6625599
R-phost: customerservice@roscommoncoco.ie

www.roscommon.ie
RoscommonCountyCouncil
@roscommoncoco